RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/74 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Eanáir 2025

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí lísín de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad, ([1]) agus go háirithe Airteagal 7 de,

Tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Tionscnamh

(1) An 23 Bealtaine 2024, thionscain an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') imscrúdú frithdhumpála i ndáil le hallmhairí lísín de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tír lena mbaineann' nó 'an tSín') ar bhonn Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an bun-Rialachán'). D'fhoilsigh sé fógra tionscnaimh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh ([2]) ('an fógra tionscnaimh').

(2) Thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú tar éis gearán a chuir Metex Noovistago ([3]) ('an gearánach')isteach an 8 Aibreán 2024. Ba é tionscal lísín an Aontais de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán a rinne an gearán. Ba leor an fhianaise sa ghearán maidir le dumpáil agus díobháil ábhartha dá thoradh sin chun údar a thabhairt le tionscnamh an imscrúdaithe.

1.2. Clárú

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2732 ón gCoimisiún an 24 Deireadh Fómhair 2024 ('an Rialachán maidir le clárú'), chuir an Coimisiún allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir a gcláraithe ([4]).

1.3. Páirtithe leasmhara

(4) San fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara dul i dteagmháil leis chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún an gearánach ar an eolas go sonrach faoin imscrúdú, mar aon leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta agus údaráis na Síne, allmhaireoirí, trádálaithe agus úsáideoirí aitheanta, chomh maith le comhlachais arb eol iad a bheith imníoch faoi thionscnamh an imscrúdaithe, agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach ann.

(5) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir le tionscnamh an imscrúdaithe agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.
([2]) Fógra tionscnaimh maidir le himeachtaí frithdhumpála i ndáil le hallmhairí lísín de thionscnamh na Síne (C/2024/3265) Sraith IO C 23.5.2024. ELI: EUR-Lex - 52024XC03265 - EN - EUR-Lex.
([3]) Fuair Grúpa Avril Metex Noovistago agus, an 16 Iúil 2024, d'athraigh sé a ainm dlíthiúil go Eurolysine.
([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2732 ón gCoimisiún an 24 Deireadh Fómhair 2024 lena gcuirtear allmhairí lísín de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne faoi réir a gcláraithe ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2732/oj.

1.4. **Barúlacha maidir le tionscnamh**

(6) Tar éis an tionscnaimh, mhaígh Confederación Española de Fabricantes de Alimentos Compuestos para animales ('CESFAC'- cónaidhm na Spáinne de tháirgeoirí beatha ainmhithe), Andrés Pintaluba S.A. (allmhaireoir agus dáileoir lísín) agus Vall Companys Group (úsáideoir lísín agus táirgeoir beatha ainmhithe arna ionadú ag CESFAC freisin) nach féidir scrúdú oibiachtúil a dhéanamh ar thosca díobhála le staidreamh allmhairiúcháin Eurostat faoi chód AC 2922 41 00, a chuirtear i láthair sa ghearán, toisc go bhfuil siad bunaithe ar na sonraí allmhairiúcháin 'mar a tuairiscíodh', toisc nach ndéanann Eurostat idirdhealú idir na cineálacha éagsúla lísín allmhairithe [hidreaclóiríd lísín ('HCl') agus lísín leachtach], a bhfuil leibhéil tiúchana éagsúla den aimíonaigéad acu. Mhaígh CESFAC, Pintaluba agus Vall Companys go mbíonn saobhadh ar mhéid agus ar phraghsanna mar thoradh ar chineálacha lísín a chomhiomlánú le tiúchaintí atá an-difriúil in aghaidh an aonaid tomhais, gan aon choigeartú chun iad a thabhairt go dtí an leibhéal céanna. Mhaígh siad freisin go raibh na heilimintí díobhála uile a bhraitheann ar staitisticí allmhairiúcháin (i.e. méid na n-allmhairí, sciar na n-allmhairí, tomhaltas an Aontais, sonraí maidir leis an sciar den mhargadh) a dtugtar tuairisc orthu sa ghearán bunaithe ar na sonraí neamhleora 'mar a tuairiscíodh' agus nár nocht Metex Noovistago na staitisticí allmhairiúcháin 'arna gceartú' sa leagan neamhrúnda den ghearán. Thug CESFAC, Pintaluba agus Vall Companys dá n-aire gur bhain diúltú thionscal an Aontais na staitisticí allmhairiúcháin 'arna gceartú' a nochtadh an bonn dá gceart cosanta san imeacht seo agus go bhfuil sé ag sárú Airteagal 19 den bhun-Rialachán. Ar an gcúis sin, d'iarr siad ar an gCoimisiún na sonraí 'arna gceartú' a sholáthar, nó ar a laghad achoimre chuimsitheach neamhrúnda ar an bhfaisnéis a nochtadh.

(7) Ar an gcéad dul síos, d'aontaigh an Coimisiún nach féidir measúnú oibiachtúil a dhéanamh ar thomhaltas an Aontais, ar an méid lísín a allmhairítear ná ar ríomh na bpraghsanna mar gheall ar chineálacha éagsúla lísín a bhfuil tiúchaintí éagsúla iontu, gan coigeartú lena gcuirfí sin san áireamh. Leagtar amach in aithris (234) coigeartú an Choimisiúin ar mhéideanna agus ar phraghsanna allmhairithe san imscrúdú.

(8) Cé gur fíor go bhfuil cuid de na staitisticí allmhairiúcháin sa ghearán bunaithe ar shonraí 'mar a tuairiscíodh' ó Eurostat, thug an Coimisiún dá aire go gcuimsítear sa leagan neamhrúnda den ghearán, sa roinn 'Sonraí margaidh le ceartúchán le haghaidh an chion lísín', an ráta comhshó ó lísín leachtach go HCl lísín, agus an ráta comhshó ó shulfáit lísín go HCl lísín. Chun na luachanna allmhairiúcháin le haghaidh allmhairí faoi AC 2922 41 00 arna sloinneadh i 'gcoibhéis HCL lísín' a fháil, chuir tionscal an Aontais na rátaí comhshó thuasluaite i bhfeidhm. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún, ós rud é gur nocht tionscal an Aontais sonraí allmhairiúcháin Eurostat a bhí ar fáil go poiblí, na fachtóirí coinbhéartachta comhfhreagracha chun lísín leachtach agus sulfáit lísín a choigeartú do choibhéis HCl, agus na praghsanna allmhairiúcháin tiontaithe (mír 265 den leagan neamhrúnda den ghearán), go raibh rochtain ag na páirtithe leasmhara uile ar na sonraí allmhairiúcháin críochnaitheacha 'arna gceartú'. Dá bhrí sin, d'fhág sin go raibh na maímh sin neamhábhartha.

(9) Tar éis an tionscnaimh, chuir Comhlachas Tráchtála Allmhaireoirí agus Onnmhaireoirí Miotal, Mianraí agus Ceimiceán na Síne ('CCCMC') barúlacha isteach freisin a bhain leis an ngearán agus le tionscnamh an imscrúdaithe.

(10) Mhaígh CCCMC gur tionscnaíodh an t-imscrúdú in éagmais fianaise leordhóthanach oibiachtúil ar dhíobháil mar a cheanglaítear le hAirteagal 5.3 de Chomhaontú Frithdhumpála EDT agus le hAirteagal 5(2) den bhun-Rialachán agus nár athbhreithnigh an Coimisiún an fhaisnéis sa ghearán i gceart mar a cheanglaítear le hAirteagal 5(3) den bhun-Rialachán.

(11) Go háirithe, mhaígh CCCMC go bhfuil measúnú thionscal an Aontais ar éabhlóid na méideanna sulfáite lísín bunaithe ar thoimhdí amháin agus go bhfuil an líomhain maidir le praghsanna ísle na Síne bunaithe ar shonraí neamhoibiachtúla agus míchearta. Tá an maíomh bunaithe ar úsáid a bheith á baint ag tionscal an Aontais as sonraí allmhairiúcháin Eurostat, sonraí nach bhfuil mionsonraithe go leor chun meastachán a dhéanamh ar na méideanna, agus toimhdí a chur i bhfeidhm ansin maidir le cóimheasa na méideanna éagsúla.

(12) Thug an Coimisiún dá aire ón tús go ndearna sé a scrúdú ar an ngearán i gcomhréir le hAirteagal 5 den bhun-Rialachán agus gur tháinig sé ar an gconclúid gur comhlíonadh na ceanglais maidir le tionscnamh imscrúdaithe, i.e. go raibh fianaise leordhóthanach ann chun an t-imscrúdú a thionscnamh.

(13) De réir Airteagal 5(2) den bhunrialachán, beidh i ngearán an fhaisnéis sin atá ar fáil go réasúnta do thionscal an Aontais. Tá an caighdeán dlíthiúil fianaise is gá chun imscrúdú a thionscnamh (fianaise 'leordhóthanach') difriúil uaidh sin is gá chun réamhchinneadh nó cinneadh críochnaitheach a dhéanamh gur ann don dumpáil, do dhíobháil nó do nasc cúisíoch. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh fianaise nach bhfuil leordhóthanach ó thaobh na cainníochta nó na cáilíochta de chun údar a thabhairt le réamhchinneadh nó cinneadh críochnaitheach gur ann do dhumpáil, do dhíobháil nó do chúisíocht a bheith leordhóthanach mar sin féin chun údar a thabhairt le himscrúdú a thionscnamh. I ndáil leis sin, níor thug CCCMC bunús leis an bhfáth nach raibh an cóimheas a chuir an gearánach i bhfeidhm maidir le sonraí allmhairiúcháin Eurostat leordhóthanach. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(14) Mhaígh CCCMC freisin nár scrúdaigh agus nár bhreithnigh an Coimisiún na dúshláin, arb eol go poiblí iad, atá roimh thionscal an Aontais príomh-amhábhair agus fuinneamh a sholáthar i gcainníochtaí don táirgeadh ar phraghsanna iomaíocha, chomh maith le torthaí eolaíocha ar dócha go ndéanfaidh siad difear do roghanna tomhaltóirí agus go n-athróidh siad patrún tomhaltais san Aontas.

(15) I ndáil leis sin, thug an Coimisiún dá aire go dtéann maíomh CCCMC thar cheanglais Airteagal 5(3) den bhun-Rialachán, ós rud é gurb é ról an Choimisiúin tráth an tionscnaimh scrúdú a dhéanamh ar chruinneas agus leordhóthanacht na fianaise a soláthraíodh i dtionscal an Aontais chun a chinneadh an raibh fianaise leordhóthanach ann chun údar a thabhairt leis an tionscnamh. Níor mhínigh CCCME conas a chaitear amhras ar an gconclúid sin leis na dúshláin agus na torthaí eolaíocha a líomhnaítear. Dá bhrí sin, diúltaíodh do mhaíomh CCCMC.

(16) Thairis sin, mhaígh CCCMC gur sáraíodh a chearta cosanta go mór toisc (i) gur caitheadh sa leagan oscailte den ghearán le méideanna allmhairí mar a tuairiscíodh iad ó Eurostat gan na sonraí 'arna gceartú' a nochtadh trí na rátaí comhshó a chur i bhfeidhm, (ii) nach gceadófaí leis na fachtóirí díobhála tuiscint oibiachtúil ar na sonraí a cuireadh isteach faoi rún, (iii) gur tuairiscíodh na hiarscríbhinní a bhaineann le praghsanna onnmhairiúcháin mar iarscríbhinní nach raibh inghlactha chun achoimre a dhéanamh ar mhéideanna 'arna gceartú', (iv) agus nár nochtadh formhór na bhfoinsí faisnéise ar a raibh an gearán bunaithe.

(17) Maidir leis na maímh thuas, thug an Coimisiún dá aire, ós rud é gur táirgeoir aonair atá i dtionscal an Aontais, go bhfuil údar maith ann gur tugadh fachtóirí díobhála i raonta agus i bhfoirm innéacsaithe sa ghearán chun cineál rúnda na sonraí sin a chaomhnú. Le méideanna allmhairí Eurostat 'arna gceartú', innéacsanna agus raonta, is féidir tuiscint a fháil ar threochtaí agus ar leibhéil na sonraí maidir leis na hinnéacsanna díobhála éagsúla a chuir an t-iarratasóir isteach faoi rún. Maidir le neamhnochtadh foinsí le haghaidh an tiontaithe, sholáthair tionscal an Aontais na sonraí 'arna gceartú' agus mhínigh sé na foinsí faisnéise a úsáideadh ([5]) , dá bhrí sin, d'fhág sin go raibh an chuid sin den mhaíomh neamhábhartha. I bhfianaise na mbreithnithe thuas, diúltaíodh do mhaíomh CCCMC.

1.5. **Sampláil**

(18) San fhógra tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go mb'fhéidir go ndéanfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

1.5.1. *Allmhaireoirí a shampláil*

(19) Chun a chinneadh an mbeadh gá le sampláil agus, dá mbeadh, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a sonraíodh san fógra tionscnaimh a sholáthar.

(20) Sholáthair trí allmhaireoir neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I bhfianaise a laghad freagraí a fuarthas, chinn an Coimisiún nach raibh gá le sampláil.

1.5.2. *Táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín a shampláil*

(21) Chun a chinneadh an bhfuil gá le sampláil agus, má tá, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta sa tSín an fhaisnéis a shonraítear san fhógra tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile ar spéis leo a bheith páirteach san imscrúdú a shainaithint, agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh.

([5]) t24.009771, t24.009918.

(22) Sholáthair sé tháirgeoir onnmhairiúcháin sa tír lena mbaineann an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla de bheirt táirgeoirí onnmhairiúcháin ar bhonn an mhéid ionadaíoch is mó d'onnmhairí chuig an Aontas a d'fhéadfaí a imscrúdú laistigh den tréimhse a bhí ar fáil. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, chuathas i gcomhairle leis gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta lena mbaineann agus le húdaráis na tíre lena mbaineann maidir le roghnú an tsampla.

(23) D'áitigh an táirgeoir onnmhairiúcháin CJ (Liaocheng) Biotech Co., Ltd. ('CJ') gur imeacht ó chleachtas seanbhunaithe an Choimisiúin trí tháirgeoir onnmhairiúcháin a roghnú a bhí i sampla de dhá ghrúpa, agus go mbeadh tairbhí ag baint lena áireamh sa sampla toisc nach bhfuil aon táirgeoir faoi úinéireacht eachtrach sa sampla sealadach, agus go seachnófar deacrachtaí neamhriachtanacha trí thríú grúpa a chur leis an sampla má fhaightear amach nach bhfuil ceann amháin de na táirgeoirí sampláilte ag comhoibriú ag céim níos déanaí. Tugann an Coimisiún dá aire gur chumhdaigh an sampla a roghnaíodh ar dtús an 4 Meitheamh 2024 sciar suntasach d'allmhairí an táirge faoi imscrúdú chuig an Aontas de thionscnamh na Síne, a measadh ar dtús ag [67-77] %. Thairis sin, mheas an Coimisiún go bhféadfaí an sampla sin a imscrúdú go réasúnta laistigh den am a bhí ar fáil. Thug an Coimisiún dá aire nach sampla eisceachtúil sampla ina bhfuil níos lú ná trí tháirgeoir agus nach féidir leis aistarraingtí féideartha ón gcomhar a réamh-mheas. Ar deireadh, mheabhraigh an Coimisiún nach critéar a liostaítear faoi Airteagal 17(1) den bhun-Rialachán é cuideachtaí faoi úinéireacht eachtrach a bheith sa sampla. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh a chuir CJ isteach agus dheimhnigh sé an sampla a roghnaíodh an 4 Meitheamh 2024.

1.6. **Scrúdú aonair**

(24) Níor iarr aon táirgeoir onnmhairiúcháin sa tSín scrúdú aonair faoi Airteagal 17(3) den bhun-Rialachán.

1.7. **Freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíorúcháin**

(25) Sheol an Coimisiún ceistneoirí chuig táirgeoir an Aontais, chuig na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte sa tSín agus chuig na hallmhaireoirí a tháinig chun cinn. Chuir sé ceistneoir ar fáil freisin d'úsáideoir a chuir é féin in iúl don Choimisiún. Cuireadh na ceistneoirí céanna ar fáil ar líne lá an tionscnaimh.

(26) Sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le saobhadh suntasach a bheith sa tSín de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

(27) Fuarthas freagraí ar an gceistneoir ón aon táirgeoir amháin de chuid an Aontais, ón dá tháirgeoir onnmhairiúcháin shampláilte de chuid na Síne, ó thrí allmhaireoir agus ó úsáideoir amháin. Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne.

(28) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh sealadach a dhéanamh maidir le dumpáil, an díobháil dá deasca, agus leas an Aontais. Is in áitribh na gcuideachtaí a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán:

Táirgeoirí an Aontais

— Eurolysine SAS — Amiens, an Fhrainc

Allmhaireoirí

— Andrés Pintaluba S.A., Reus, an Spáinn

Úsáideoirí

— Vall Companys Group, Lleida, an Spáinn

Táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín agus a n-allmhaireoirí comhlachaithe san Aontas

— Heilongjiang Eppen Biotech Co.,Ltd ('Eppen')

  — Eppen Netherlands B.V. — Rotterdam, an Ísiltír

— Heilongjiang Eppen Biotech Co., Ltd. - Daqing, an tSín

— Meihua Holdings Group Co. Ltd ('Meihua'):

— Jilin Meihua Amino Acid Co., Ltd. - Baicheng, an tSín

— Meihua Holdings Group - Langfang, an tSín

1.8. **An tréimhse imscrúdúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(29) Chumhdaigh an t-imscrúdú ar dhumpáil agus ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023 ('an tréimhse imscrúdúcháin'). Chumhdaigh an t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí deireadh na tréimhse imscrúdúcháin ('an tréimhse faoi bhreathnú').

2. **AN TÁIRGE FAOI IMSCRÚDÚ, AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL**

2.1. **An táirge faoi imscrúdú**

(30) Is é lísín agus a eistir, a salainn agus breiseáin bheathaithe an táirge faoi imscrúdú, arb é atá iontu bunús meáchain thirim 68 % nó níos mó, ach nach mó ná 80 %, de shulfáit L-lísín, agus nach mó ná 32 % de chomhábhair eile, amhail carbaihiodráití agus aimínonaigéid eile ('an táirge faoi imscrúdú').

(31) Is é 657-27-2 uimhir chláraithe Sheirbhís na gCoimrithe Ceimiceacha (CAS) le haghaidh hidreaclóiríd L-lísín, is é 56-87-1 an tuaslagán uiscí de lísín, agus is iad 60343-69-3 agus 94195-18-3 uimhreacha cláraithe an sulfáit lísín.

(32) Is aimínonaigéad riachtanach é lísín, bloc tógála chun próitéiní a dhéanamh, atá riachtanach do shláinte an duine agus do shláinte ainmhithe. Táirgtear lísín trí bhithchoipeadh: athrú carbaihiodráití ina n-aimínonaigéid trí idirghníomhú na dtréithchineálacha baictéaracha. Úsáidtear lísín i raon leathan feidhmeanna, mar shampla margadh beatha, cógaslann agus bia (forlíon cothaithe).

2.2. **An táirge lena mbaineann**

(33) Is é an táirge lena mbaineann an táirge faoi imscrúdú de thionscnamh na Síne, a thagann faoi láthair faoi chóid AC ex 2309 90 31 agus ex 2309 90 96 le haghaidh sulfáit lisín, agus faoi chód AC 2922 41 00 le haghaidh hidreaclóiríd lísín agus tuaslagán uiscí lísín (cóid TARIC 2309 90 31 41, 2309 90 31 49, 2309 90 96 41, 2309 90 96 49) ('an táirge lena mbaineann').

2.3. **An táirge comhchosúil**

(34) Léiríodh san imscrúdú go bhfuil na saintréithe bunúsacha fisiceacha agus ceimiceacha céanna, chomh maith leis na húsáidí bunúsacha céanna, ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;

— an táirge faoi imscrúdú arna tháirgeadh agus arna dhíol ar mhargadh intíre na Síne; agus

— an táirge faoi imscrúdú arna tháirgeadh agus arna dhíol san Aontas ag tionscal an Aontais.

(35) Chinn an Coimisiún ag an gcéim sin gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

2.4. **Maíomh ar eisiaimh táirge**

(36) Mhaígh CCCMC gur cheart raon feidhme an imscrúdaithe a theorannú do hidreaclóiríd lísín agus nach gcumhdaítear sulfáit lísín leis toisc nach dtáirgeann tionscal an Aontais sulfáit lísín. Mhaígh CCCMC gur táirgí éagsúla atá i sulfáit lísín agus hidreaclóiríd lísín a bhfuil a saintréithe agus a n-úsáid shainiúil féin acu.

(37) I ndáil leis sin, thug an Coimisiún dá aire ar dtús go raibh sé i gceist na trí fhoirm lísín (HCl, leachtach agus sulfáit) a chumhdach leis an tuairisc ar an táirge in aithrisí (30) go (32). Thug an Coimisiún dá aire gur léirigh an t-imscrúdú go bhfuil saintréithe fisiceacha, teicniúla agus ceimiceacha fíor-riachtanacha comhchosúla ag hidreaclóiríd lísín agus sulfáit lísín. Tá próiseas táirgthe na dtrí chineál lísín (HCl, leachtach agus sulfáit) an-chosúil. Tarlaíonn an phríomhdhifríocht ag deireadh an phróisis monaraíochta ag brath ar cibé an bhfuil an fhoirm dheiridh de lísín púdraithe nó leachtach. Mar chothaitheach, is féidir lísín a thabhairt i bhfoirmeacha éagsúla agus tá na foirmeacha éagsúla seo in iomaíocht lena chéile. Ina theannta sin, leis na héagsúlachtaí sa táirge faoi imscrúdú, i.e. foirm an lísín agus an cion lísín sa táirge, ní athraítear a shainiú bunúsach, a bhuntréithe, ná dearcadh páirtithe éagsúla ina leith. Tá an fheidhm chéanna ag na foirmeacha éagsúla lísín, i.e. lísín an-díleáite a sholáthar d'ainmhithe agus do dhaoine, i dtáirgí cógaisíochta, i mbia (mar fhorlíon cothaithe), nó i mbeatha. Tá foirm an lísín neamhábhartha mar tá na trí fhoirm inmhalartaithe toisc gurb é an cothaitheach céanna iad. Dheimhnigh allmhaireoir lísín de chuid an Aontais agus úsáideoir an méid sin freisin ina bhfreagraí ar an gceistneoir agus ina n-aighneachtaí i scríbhinn ([6]). Ar deireadh, ní bhaineann sé le hábhar nach monaraíonn tionscal an Aontais an cineál táirge sin faoi láthair, i bhfianaise na hiomaíochta dírí idir na trí phríomhchineál táirge, mar a mhínítear thuas.

(38) Dá bhrí sin, diúltaítear don mhaíomh sin ag an gcéim sin den imscrúdú.

3. DUMPÁIL

3.1. Nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán

(39) Ó tharla gur leor an fhianaise a bhí ar fáil ag tús an imscrúdaithe a thug le fios gur ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán maidir leis an tSín mheas an Coimisiún gurbh iomchuí tús a chur leis an imscrúdú i ndáil leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin ón tír sin, ag féachaint d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(40) Dá thoradh sin, chun na sonraí is gá a bhailiú chun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm amach anseo, d'iarr an Coimisiún, san fhógra tionscnaimh, ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin sa tSín faisnéis a sholáthar maidir leis na hionchuir a úsáidtear chun lísín a tháirgeadh. Chuir sé tháirgeoir onnmhairiúcháin an fhaisnéis ábhartha isteach.

(41) D'fhonn faisnéis a fháil a mheas sé a bheith riachtanach dá imscrúdú maidir leis an saobhadh suntasach a líomhnaíodh, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne. Ina theannta sin, i bpointe 5.3.2 den fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara uile a gcuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán laistigh de 37 lá tar éis dháta fhoilsithe an fhógra tionscnaimh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne. Ina dhiaidh sin, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne go n-úsáidfeadh sé na fíorais a bhí ar fáil de réir bhrí Airteagal 18 den bhun-Rialachán chun a chinneadh an ann do shaobhadh suntasach sa tSín.

(42) Tar éis an tionscnaimh, fuair an Coimisiún barúlacha maidir le hinfheidhmeacht Airteagal 2(6a) ó CCCMC, barúlacha a dtugtar aghaidh orthu i roinn 3.2.10 thíos.

(43) I bpointe 5.3.2 den fhógra tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún freisin, mar gheall ar an bhfianaise a bhí ar fáil, go bhféadfadh sé gur ghá dó tír ionadaíoch iomchuí a roghnú de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, chun an gnáthluach a chinneadh ar bhonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa.

(44) An 28 Meitheamh 2024, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh trí nóta a chur ag gabháil leis an gcomhad ('an Chéad Nóta').

([6]) Uimhir sábhála TRON: t24.006315.

(45) Sa nóta sin, sholáthair an Coimisiún liosta de na tosca táirgeachta uile amhail amhábhair, saothar agus fuinneamh a úsáidtear i dtáirgeadh lísín. De bhreis air sin, ar bhonn na gcritéar a threoraíonn rogha na bpraghsanna nó na dtagarmharcanna neamhshaofa, shainaithin an Coimisiún trí thír ionadaíocha fhéideartha, is é sin an Bhrasaíl, an Cholóim agus an Téalainn. Mar gheall ar an easpa sonraí do tháirgeoirí lísín sna tíortha ionadaíocha féideartha, chuir an Coimisiún in iúl go mbunódh sé a ríomhanna ar shonraí maidir le táirgeadh aigéid chitrigh, táirge san earnáil chéanna le lísín agus lena mbaineann próiseas táirgthe comhchosúil. Fuair an Coimisiún barúlacha maidir leis an gcéad nóta ón ngearánach, ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin Heilongjiang Eppen Biotech Co., Ltd ('Eppen') agus Meihua Holdings Group Co. Ltd ('Meihua') agus ó na húsáideoirí Barentz Iberia S.L.U agus Agri Nutrition B.V. Tugtar aghaidh ar na barúlacha sna ranna ábhartha thíos.

(46) An 31 Deireadh Fómhair 2024, thug an Coimisiún aghaidh ar na barúlacha a fuarthas ó pháirtithe leasmhara maidir leis an gcéad nóta, sa dara nóta a ghabhann leis an gcomhad ('an dara nóta'), agus chuir sé páirtithe leasmhara ar an eolas faoi na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh, agus gurbh í an Cholóim an tír ionadaíoch. Chuir sé in iúl freisin do na páirtithe leasmhara go suífeadh sé costais díola, ghinearálta agus costais riaracháin ('SGA') agus brabúis ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil maidir leis an gcuideachta Sucroal S.A. (Sucroal), ar táirgeoir é sa tír ionadaíoch.

(47) Fuair an Coimisiún barúlacha maidir leis an dara nóta ón ngearánach agus ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin Eppen agus Meihua a thagraíonn do na foinsí a úsáideadh chun costais neamhshaofa a shuí sa tír ionadaíoch. Tugadh aghaidh orthu sin faoi na ceannteidil faoi seach i roinn 3.4 thíos. Ina theannta sin, d'athdhearbhaigh Eppen a sheasamh a cuireadh in iúl ina bharúlacha ar an gCéad Nóta nach ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán agus, dá bhrí sin, gur cheart na costais agus na praghsanna intíre a úsáid san imscrúdú. Tugtar aghaidh ar na barúlacha sin faoi roinn 3.2 thíos.

(48) Tar éis anailís a dhéanamh ar na tuairimí agus ar an bhfaisnéis a fuarthas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur tír ionadaíoch iomchuí í an Cholóim óna bhféadfaí praghsanna agus costais neamhshaofa a fháil chun an gnáthluach a chinneadh. Déantar na bunchúiseanna leis an rogha sin a fhorbairt go mion i Roinn 3.3 thíos.

3.2. **An Gnáthluach**

(49) I gcomhréir le hAirteagal 2(1) den bhun-Rialachán, '[b]eidh an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc de ghnáth, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír is onnmhaireoir'.

(50) Mar sin féin, de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, '*más rud é go gcinntear […]nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tír is onnmhaireoir toisc gur ann do shaobhadh suntasach sa tír sin de réir bhrí pointe (b), ríomhfar an gnáthluach go heisiach ar bhonn costais táirgthe agus díola a léiríonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa*' agus '*[á]ireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús* ('costais SGA' a thugtar anseo feasta ar 'costais riaracháin, díola agus ghinearálta').

(51) Mar a mhínítear thíos freisin, ba é conclúid an Choimisiúin san imscrúdú seo, bunaithe ar an bhfianaise a bhí ar fáil agus ag féachaint don easpa comhoibriú ó Rialtas na Síne, gurbh iomchuí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

3.2.1. *Saobhadh suntasach a bheith ann*

(52) In Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán sainmhínítear gurb é atá i '*saobhadh suntasach an saobhadh sin a tharlaíonn nuair nach torthaí ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad na praghsanna ná na costais a tuairiscíodh, lena n-áirítear costais amhábhar agus fuinnimh, toisc go bhfuil tionchar ag idirghabháil shubstainteach rialtais orthu. Agus measúnú á dhéanamh an ann do shaobhadh suntasach, tabharfar aird, inter alia, ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:*

— *an margadh atá i gceist a bheith á chothú go suntasach ag fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht, nó faoi mhaoirseacht beartais, nó faoi stiúir údaráis na tíre is onnmhaireoir;*

— *an stát a bheith i láthair i gcuideachtaí lena gcumasaítear don stát cur isteach i leith praghsanna nó costas;*

— *beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthraithe intíre nó lena n-imrítear tionchar ar chaoi eile ar fhórsaí an mhargaidh shaoir;*

— *maidir leis na dlíthe féimheachta, corparáideacha, nó maoine, easnamh a bheith ann ina leith, nó iad a chur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó iad a fhorfheidhmiú go neamhleor;*

— *saobhadh a bheith á dhéanamh ar chostais phá;*

— *rochtain ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó ar chaoi eile nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an stát.*'

(53) Os rud é nach carnach an liosta in Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, ní gá na gnéithe uile a thabhairt chun a chinneadh gur ann do shaobhadh suntasach. Thairis sin, féadfar úsáid a bhaint as na himthosca fíorasacha céanna chun a léiriú gur ann do cheann amháin nó níos mó d'eilimintí an liosta.

(54) Mar sin féin, ní mór aon chonclúid maidir le saobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán a dhéanamh ar bhonn na fianaise go léir atá ar fáil. Nuair atá an measúnú foriomlán á dhéanamh lena fháil amach an ann do shaobhadh, féadfar comhthéacs ginearálta agus an staid sa tír is onnmhaireoir a chur san áireamh freisin, go háirithe i gcás ina dtugann na gnéithe bunúsacha de chomhdhéanamh eacnamaíoch agus riaracháin na tíre is onnmhaireoir cumhachtaí substainteacha don rialtas chun idirghabháil a dhéanamh sa gheilleagar ar bhealach a fhágann nach toradh ar shaor-fhorbairt fhórsaí an mhargaidh iad praghsanna agus costais.

(55) Foráiltear in Airteagal 2(6a)(c) den bhun-Rialachán '*i gcás ina bhfuil údar maith ag an gCoimisiún le creidiúint go bhféadfadh saobhadh suntasach dá dtagraítear i bpointe (b) a bheith ann i dtír ar leith nó in earnáil ar leith sa tír sin, agus i gcás inarb iomchuí chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil lena dtuairisceofar imthosca an mhargaidh dá dtagraítear i bpointe (b) sa tír sin nó san earnáil sin a ullmhú, a phoibliú agus a thabhairt cothrom le dáta*'.

(56) De bhun na forála sin, d'eisigh an Coimisiún tuarascáil tíre maidir leis an tSín ('*an Tuarascáil*') ([7]), ina bhfuil fianaise gur ann d'idirghabháil shubstaintiúil rialtais ar roinnt mhaith leibhéal den gheilleagar, lena n-áirítear saobhadh sonrach i roinnt mhaith príomhthoisc táirgeachta (amhail talamh, fuinneamh, caipiteal, amhábhair agus saothar) agus in earnálacha roghnaithe (amhail earnáil na gceimiceán). Iarradh ar pháirtithe leasmhara an fhianaise a bhí ann i gcomhad an imscrúdaithe tráth an tionscnaimh a bhréagnú nó a fhorlíonadh nó a dtuairimí a thabhairt ina leith. Cuireadh an Tuarascáil sa chomhad imscrúdaithe tráth an tionscnaimh.

(57) D'áitigh tionscal an Aontais nach toradh ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad praghsanna ná costais an táirge faoi imscrúdú, lena n-áirítear costais na n-amhábhar, an fhuinnimh agus saothair, toisc go bhfuil siad faoi thionchar idirghabhálacha substaintiúla ón rialtas de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán agus, mar thoradh air sin, nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun gnáthluach a shuí.

([7]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun Críoch Imscrúduithe Cosanta Trádála, 20.12.2017, SWD (2017) 483 final/2.

(58) Chun tacú leis an seasamh sin, thagair tionscal an Aontais don fhianaise atá sa Tuarascáil ([8]), do thorthaí i roinnt imscrúduithe a rinne an Coimisiún le déanaí - eadhon na cinn a bhaineann le glúcónáit sóidiam ([9]), alcóil pholaivinile áirithe ([10]), aigéad sulfainileach ([11]), aigéad citreach ([12]) agus glútamáit mhonasóidiam ([13])-, chomh maith le conclúidí ó údaráis trádála na Stát Aontaithe maidir le haigéad citreach agus glúcónáit sóidiam. Rinne sé tagairt freisin do chinntí na Stát Aontaithe maidir le praghsanna agus costais sa tSín agus tharraing sé aird ar thosca amhail foirceadal an gheilleagair margaidh shóisialaigh, ról ceannasach Pháirtí Cumannach na Síne ('*CCP*' nó '*Páirtí*')agus beartas eacnamaíoch idirghabhálach stát na Síne.

(59) Thairis sin, agus é á chur in iúl gurb ionann na táirgeoirí in imscrúduithe thuasluaite an Choimisiúin agus na táirgeoirí san earnáil lísín, mheabhraigh tionscal an Aontais na heilimintí seo a leanas a léiríonn gur ann do shaobhadh suntasach.

(60) Ar an gcéad dul síos, tá earnáil na gceimiceán, lena n-áirítear an fho-earnáil lísín, á cothú go suntasach ag fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, rialú nó maoirseacht beartais nó faoi stiúir údarás stáit:

— Mar a suíodh san imscrúdú ar ghlúcónáit sóidiam, bhí méid mór úinéireachta agus rialaithe ag Rialtas na Síne fós ann in earnáil na gceimiceán, agus fuarthas amach go raibh cion mór scairshealbhaíochta stáit dírí agus neamhdhírí ag roinnt fiontar, fiú mura raibh siad faoi úinéireacht iomlán an stáit.

— Ar an gcaoi chéanna, san imscrúdú ar aigéad sulfainileach, léiríodh go raibh ról suntasach ag Páirtí Cumannach na Síne in oibríochtaí agus i bpróisis chinnteoireachta roinnt táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne a tháirgeann an táirge sin.

(61) Ar an dara dul síos, cuireann láithreacht an stáit i gcuideachtaí lísín ar chumas na n-údarás cur isteach ar phraghsanna agus/nó ar chostais freisin:

— Faoi dhlí cuideachtaí na Síne, ní mór do gach cuideachta eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne a bhunú má tá triúr comhaltaí de chuid an Pháirtí ar a laghad aici, mar a leagtar amach i mBunreacht Pháirtí Cumannach na Síne ([14]) agus cuirfidh an chuideachta na coinníollacha is gá ar fáil le haghaidh ghníomhaíochtaí eagraíocht an pháirtí. Tá na rialacha sin infheidhme freisin maidir le táirgeoirí lísín agus soláthróirí a n-ionchur.

— Mar a suíodh san imscrúdú ar ghlútamáit mhonasóidiam, i gcás Meihua Group, ceann de na táirgeoirí lísín, liostaíodh ceathrar comhaltaí den Bhord mar chomhaltaí de Pháirtí Cumannach na Síne in 2022, ina measc an Leas-Stiúrthóir agus an Stiúrthóir Airgeadais. Thairis sin, fuair an Coimisiún san imscrúdú sin fianaise ar ghníomhaíochtaí neartaithe Páirtí Meihua agus ar thionchar Pháirtí Cumannach na Síne ar oibríochtaí na cuideachta. Anuas air sin, thacaigh na húdaráis áitiúla le tógáil ghléasra lísín Meihua a thosaigh ag táirgeadh in 2021 in Jilin. De réir an ghearáin, tá acmhainneacht táirgeachta 500 tonna de shulfáit lísín aige in aghaidh an lae.

([8]) Agus tagairt á déanamh freisin don leagan nuashonraithe den Tuarascáil, a foilsíodh in 2024 (féach thíos).

([9]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/752 ón gCoimisiún an 12 Aibreán 2023 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí glúcónáite sóidiam de thionscnamh na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/752/oj.

([10]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1336 ón gCoimisiún an 25 Meán Fómhair 2020 lena bhforchuirtear dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí alcól polaivinile áirithe de thionscnamh na Síne. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1336/oj.

([11]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/441 ón gCoimisiún an 11 Márta 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aigéid shulfainiligh de thionscnamh na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/441/oj.

([12]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/607 ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aigéid chitrigh de thionscnamh na Síne, arna leathnú chun allmhairí aigéid chitrigh a chuirtear chun bealaigh ón Malaeisia a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh na Malaeisia iad nó ná bíodh, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) den Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/607/oj.

([13]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/633 ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí de ghlútamáit mhonasóidiam ar de thionscnamh na Síne agus na hIndinéise iad tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/633/oj.

([14]) Tuarascáil, lch. 26.

— I gcás Ningxia Eppen Biotech Co., Ltd., chinn an Coimisiún san imscrúdú ar ghlútamáit mhonasóidiam go raibh Cathaoirleach na cuideachta ina ionadaí don12ú Daon-Chomhdháil de Réigiún Féinrialaitheach Ningxia Hui, go dtí mí Iúil 2020 ar a laghad. Chomh maith leis sin, leag Cónaidhm Tionscail agus Tráchtála Ningxia béim ar rannpháirtíocht Pháirtí Cumannach na Síne in oibríochtaí na cuideachta, ag rá go gceanglaítear ar Rúnaí Choiste an Pháirtí agus ar cheannairí ábhartha Eagraíocht an Pháirtí páirt a ghlacadh i bpríomhchruinnithe agus cinntí a chur in iúl do chomhaltaí agus do pháirtithe leasmhara an Pháirtí. Ina theannta sin, tá Guangxin Group, ar leis 99,22 % de Ningxia Eppen Biotech Co., Ltd., faoi úinéireacht iomlán Rialtas Cúige Guangdong atá dírithe ar fhorbairt ábhar nua ([15]).

— A mhéid a bhaineann le Fufeng Group, táirgeoir lísín eile, dearbhaíonn ionadaithe de chuid Chomhdháil na Stát Aontaithe go bhfuil dlúthnaisc ag an ngrúpa le Páirtí Cumannach na Síne ([16]). San imscrúdú ar ghlútamáit mhonasóidiam, chinn an Coimisiún go ndearna na húdaráis phoiblí áitiúla comhordú ar ábhair leasa don chuideachta agus ní hamháin go raibh tacaíocht ag Fufeng ó chomhaltaí de Pháirtí Cumannach na Síne agus ó údaráis phoiblí áitiúla ([17]).

— Ina theannta sin, tá Cathaoirleach agus Bainisteoir Ginearálta Yufeng Industrial Group, táirgeoir lísín eile, ina chomhalta de Pháirtí Cumannach na Síne ó 1994 i leith agus tá rannóga tiomnaithe do chomhaltaí Pháirtí Cumannach na Síne agus gníomhaíochtaí gaolmhara le feiceáil ar láithreacht ar líne an ghrúpa freisin ([18]).

— Léirigh an t-imscrúdú ar ghlúcónáit sóidiam go raibh Rialtas na Síne in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais in earnáil na gceimiceán trí naisc phearsanta idir táirgeoirí onnmhairiúcháin agus Páirtí Cumannach na Síne, ar leibhéal na bhfiontar monaraíochta agus na dtáirgeoirí amhábhar agus, chomh maith leis sin, ar leibhéal na gcomhlachais tionscail.

— Thairis sin, ós rud é gur dócha gur comhaltaí de Chomhlachas Breiseán agus Comhábhar Bia na Síne iad formhór na dtáirgeoirí lísín agus go bhfuil siad féin nó a soláthróirí ina gcomhaltaí de Chomhlachas Tionscail Stáirse na Síne (‘*CSIA*’), ní mór dóibh ceannaireacht fhoriomlán Pháirtí Cumannach na Síne a leanúint agus gníomhaíochtaí an Pháirtí a eagrú ina gcuideachtaí.

(62) Ar an tríú dul síos, saothraíonn Rialtas na Síne beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthraithe intíre nó lena n-imrítear tionchar ar shlí eile ar fhórsaí an mhargaidh shaoir:

— Tugann córas leithdháilte acmhainní na Síne tosaíocht d’earnálacha a mheasann an rialtas a bheith straitéiseach nó suntasach go polaitiúil ([19]) seachas a bheith ag brath ar fhórsaí an mhargaidh. Aithnítear go bhfuil tionscal na gceimiceán, lena n-áirítear táirgeadh lísín, tábhachtach, mar is léir ó go leor pleananna agus treoracha rialtais ag leibhéil riaracháin éagsúla. Bíonn tionchar sonrach ag beartais a bhaineann le domhainphróiseáil arbhair ar tháirgeadh lísín, mar a leagtar amach sa 13ú Plean Cúig Bliana maidir le Próiseáil Gráin agus Ola. Mar thoradh ar an bplean, i measc nithe eile, tá ró-acmhainneacht agus méadú ar onnmhairí.

— Ina theannta sin, maidir le hionchuir, chinn an Coimisiún san imscrúdú ar ghlútamáit mhonasóidiam ([20]) go ndéantar rialáil mhór ar earnáil an arbhair sa tSín, agus go gcoinníonn an rialtas stoc-chairn shuntasacha ar bun lena gceadaítear cúbláil ar phraghsanna margaidh trí cheannach agus díol straitéiseach. D’ainneoin iarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar chúlchistí iomarcacha ó 2016, leanann na stoc-chairn sin de phraghsanna a shaobhadh. Déanann an rialtas maoirseacht ar gach gné den slabhra luacha arbhair, lena n-áirítear fóirdheontais táirgeachta agus oibríochtaí próiseála, mar a léirítear i dtreoracha an Choimisiúin Náisiúnta um Fhorbairt agus Athchóiriú arb é is aidhm dóibh slándáil bia a áirithiú agus soláthar agus éileamh a chothromú. Ina theannta sin, tá infheistíocht i dtionscadail domhainphróiseála arbhair faoi réir dianbhainistíocht rialála faoi Ordú Uimh. 673 ón gComhairle Stáit ([21]).

([15]) Féach: http://www.cnchemicals.com/Press/91652-Star%20Lake%20Bioscience%20to%20acquire%20Eppen%20Biotechs%2099.22%20percent%20equity.html; Iarscríbhinn 11 (arna rochtain an 21 Deireadh Fómhair 2024).

([16]) Féach: https://thehill.com/policy/defense/3662967-lawmakers-raise-concerns-about-chinese-based-firms-acquisition-of-land-near-us-military-installation/; Iarscríbhinn 12 (arna rochtain an 21 Deireadh Fómhair 2024).

([17]) Féach Rialachán 2021/633, aithris 62.

([18]) Féach: http://en.yufengholding.cn/news/11.html agus http://en.yufengholding.cn/product/14/#c_portalResProduct_list-1606204154882215 8-2; Iarscríbhinn 14 (arna rochtain an 21 Deireadh Fómhair 2024).

([19]) Féach Rialachán 2023/752, aithris 51 agus 52.

([20]) Féach Rialachán 2021/633, aithris 76.

([21]) Ibid., aithris 77.

— Bíonn tionchar suntasach ag beartais stáit sa tSín ar earnáil an arbhair Indiaigh ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal cúige araon, mar a léiríodh le Heilongjiang 2017 Guiding Opinion on the Development Layout of the Corn Deep Processing Industry [Tuairim Treorach Heilongjiang 2017 maidir le Leagan Amach Forbartha an Tionscail Domhainphróiseála Arbhair Indiaigh] ([22]). Leis an doiciméad sin, spreagtar oibríochtaí ar mhórscála a bhunú agus déantar foráil maidir le maoiniú stáit d'fhiontair incháilithe, rud a léiríonn cur isteach leanúnach ón rialtas, i gcomhréir le cuspóirí an 14ú Plean Cúig Bliana náisiúnta.

— Shainaithin an Coimisiún freisin cur isteach suntasach ón stát ar earnáil na hamóinia, príomh-amhábhar le haghaidh táirgeadh glútamáite monasóidiam, mar a leagtar amach i 13ú Plean Cúig Bliana na Síne don Tionscal Peitriceimiceán agus Ceimiceán, lena leagtar síos spriocanna bliantúla táirgthe amóinia is mó ná 1 mhilliún ona. Le beartais áitiúla, amhail beartais in Hebei ([23]), tacaítear a thuilleadh leis an tionscnamh seo, go háirithe trí shaoráidí móra amóinia a fhorbairt agus trí phraghsáil fhabhrach leictreachais i réigiúin amhail Chongqing agus Zhejiang ([24]). D'fhéadfadh rannpháirtíocht rialtais den sórt sin ar fud an tslabhra luacha lísín ina iomláine praghsanna margaidh a shaobhadh.

— San imscrúdú ar ghlúcónáit sóidiam, fuarthas amach go raibh an tionscal faoi réir roinnt pleananna, treoracha agus doiciméid bheartais eile a bhí dírithe ar cheimiceáin, lena n-áirítear breiseáin bhia, a eisíodh ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus bardasach, amhail an 14ú Plean Cúig Bliana. Rinneadh spriocanna teicneolaíochta an tionscail a shainiú a thuilleadh sa 14úPlean Cúig Bliana maidir le Tionscal na nAmhábhar a Fhorbairt.

(63) Ar an gceathrú dul síos, mórán mar a chéile le haon earnáil eile i ngeilleagar na Síne, tá earnáil na gceimiceán faoi réir an tsaofa a eascraíonn as cur i bhfeidhm idirdhealaitheach nó forfheidhmiú neamhleor rialacha féimheachta, corparáideacha agus maoine:

— Ag tagairt don Tuarascáil agus d'imscrúduithe a rinne an Coimisiún le déanaí, chuir tionscal an Aontais in iúl go ndéanann saobhadh a eascraíonn as cur i bhfeidhm idirdhealaitheach na reachtaíochta ábhartha difear do tháirgeoirí lisín, go háirithe maidir le dócmhainneacht agus leithdháileadh ceart úsáide talún.

(64) Ar an gcúigiú dul síos, déantar costais phá a shaobhadh in earnáil na gceimiceán freisin:

— Maidir leis an Tuarascáil, léirigh tionscal an Aontais srianta ar chomheagrú, easpa daingniúcháin choinbhinsiúin na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair(*'EIS'*) láithreacht ceardchumann atá faoi rialú an Stáit agus córas clárúcháin na dteaghlach.

— Thángthas ar an gconclúid san imscrúdú ar ghlúcónáit sóidiam go raibh tionchar díreach agus neamhdhíreach ag saobhadh costas pá ar an earnáil ([25]).

(65) Ar an séú dul síos, tá rochtain ag táirgeoirí lísín ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó, ar shlí eile, nach bhfuil ag gníomhú go neamhspleách ar an stát:

— Léiríodh sa Tuarascáil gur minic a dhéantar saobhadh ar rochtain ar mhaoiniú arna déanamh ag na bainc atá faoi úinéireacht an Stáit, ar rialacháin atá i bhfeidhm agus ar bhannaí chomh maith le rátálacha creidmheasa sa tSín. Is feiniméin amhail measúnú acmhainneachta creidmheasa bunaithe ar thábhacht straitéiseach gnólachta don rialtas, ráthaíochtaí intuigthe etc., is cúis leis an saobhadh sin.

— Thairis sin, coinníodh costais iasachtaíochta íseal go saorga chun fás infheistíochta a spreagadh, rud a d'fhág go raibh ró-úsáid á baint as infheistíocht chaipitil le torthaí níos ísle ar infheistíocht.

— Ina theannta sin, tá an rialtas tar éis fiachas a thar-rolladh, cuideachtaí 'zombaí' a chruthú agus úinéireacht fiachais a aistriú trí chumaisc chomh maith le babhtálacha fiachais go cothromas, gan aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna bunúsacha fiachais.

— San imscrúdú ar ghlúcónáit sóidiam, thángthas ar an gconclúid gurbh amhlaidh, mar thoradh ar an idirghabháil shubstaintiúil rialtais sa chóras airgeadais, go raibh difear mór déanta do dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal.

([22]) Ibid., aithris 78.
([23]) Tuarascáil, lch. 69.
([24]) Tuarascáil, lch. 223.
([25]) Féach Rialachán 2023/752, aithris 65.

(66) D'áitigh tionscal an Aontais freisin gur saobhadh sistéamach é an saobhadh thuasluaite. Faightear idirghabhálacha stáit ar fud na tíre agus ar fud ar fud na n-earnálacha go léir den gheilleagar, i ndáil le leithdháileadh caipitil, talún, saothair, fuinnimh agus amhábhar, i measc nithe eile. Léiríodh san imscrúdú ar ghlúcónáit sóidiam gurb amhlaidh, nuair a cheannaíonn na táirgeoirí ionchuir nó nuair a dhéanann siad conradh lena n-aghaidh, go dtagann na praghsanna a íoctar agus a chláraítear mar chostais neamhchosanta faoi lé an tsaofa shistéamaigh a thuairiscítear thuas. Mar shampla, fostaíonn soláthraithe na n-ionchur lucht saothair atá faoi réir an tsaofa, faigheann siad airgead ar iasacht atá faoi réir an tsaofa san earnáil airgeadais/sa leithdháileadh caipitil agus bíonn siad faoi réir an chórais pleanála is infheidhme maidir le gach leibhéal rialtais agus gach earnáil.

(67) Mar chonclúid, d'áitigh tionscal an Aontais go bhfuil saobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán ann san earnáil lísín.

(68) Scrúdaigh an Coimisiún cé acu is iomchuí nó nach iomchuí úsáid a bhaint as praghsanna agus costais intíre sa tSín i bhfianaise saobhadh suntasach a bheith ann de réir Airteagal 2(6a), pointe (b) den bhun-Rialachán. Rinne an Coimisiún amhlaidh ar bhonn na fianaise a bhí le fáil sa chomhad. San fhianaise ar an gcomhad, áiríodh an fhianaise a bhí sa Tuarascáil, chomh maith lena leagan nuashonraithe (*'Tuarascáil nuashonraithe'*) ([26]), a bhraitheann ar fhoinsí atá ar fáil go poiblí.

(69) Cumhdaíodh san anailís sin an scrúdú a rinneadh ar na hidirghabhálacha substaintiúla ón rialtas i ngeilleagar na Síne i gcoitinne, ach cumhdaíodh freisin staid shonrach an mhargaidh san earnáil ábhartha lena n-áirítear an táirge lena mbaineann. Chuir an Coimisiún leis na gnéithe fianaiseacha sin tuilleadh lena thaighde féin ar na critéir éagsúla atá ábhartha chun a dheimhniú gur ann do shaobhadh suntasach sa tSín.

3.2.2. *Saobhadh suntasach a imríonn tionchar ar phraghsanna agus costais sa tSín*

(70) Tá córas eacnamaíoch na Síne bunaithe ar an gcoincheap 'geilleagar margaidh sóisialach'. Cumhdaítear an coincheap sin i mBunreacht na Síne agus cinntear rialachas eacnamaíoch na Síne leis. Is é an príomhphrionsabal '*úinéireacht phoiblí shóisialach ar na modhanna táirgthe, is é sin, úinéireacht an phobail uile agus comhúinéireacht ag an lucht oibre*' ([27]).

(71) Is é an geilleagar faoi úinéireacht stáit an '*fórsa ceannasach sa gheilleagar náisiúnta*' agus tá sainordú ag an stát 'a *chomhdhlúthú agus a fhás*' a áirithiú ([28]). Dá réir sin, ní hamháin go bhfuil geilleagar na Síne socraithe go foriomlán sa chaoi gur féidir leis an Rialtas idirghabhálacha substaintiúla a dhéanamh sa gheilleagar, tá idirghabhálacha den sórt sin sainordaithe go sainráite. Tá an coincheap maidir le ceannas na húinéireachta poiblí ar an úinéireacht phríobháideach leata ar fud an chórais dlíthiúil fhoriomláin agus leagtar béim air mar phrionsabal ginearálta i ngach píosa lárnach reachtaíochta.

(72) Sampla maith de sin is ea dlí maoine na Síne: tagraíonn sé do phríomhchéim an tsóisialachais agus cuireann sé ar iontaoibh an stáit seasamh leis an gcóras eacnamaíoch bunúsach faoina bhfuil ról ceannasach ag an úinéireacht phoiblí. Glactar le cineálacha eile úinéireachta, agus ceadaítear leis an dlí iad a bheith ag forbairt taobh le taobh leis an úinéireacht stáit ([29]).

(73) Ina theannta sin, faoi dhlí na Síne, forbraítear an geilleagar margaidh sóisialach faoi cheannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne. Tá struchtúir stát na Síne agus Pháirtí Cumannach na Síne fite fuaite ina chéile ar gach leibhéal (dlíthiúil, institiúideach, pearsanta), rud a chruthaíonn forstruchtúr nach féidir róil an Pháirtí agus an stáit a idirdhealú óna chéile ann.

(74) Tar éis leasú a dhéanamh ar Bhunreacht na Síne i mí an Mhárta 2018, tugadh tábhacht níos mó fós do ról ceannasach Pháirtí Cumannach na Síne trína athdhearbhú i dtéacs Airteagal 1 den Bhunreacht.

([26]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar na Síne chun Críoch Imscrúduithe Cosanta Trádála, an 10 Aibreán 2024, SWD(2024) 91 final.
([27]) Tuarascáil Nuashonraithe – Caibidil 2, lch. 7.
([28]) Tuarascáil Nuashonraithe – Caibidil 2, lgh. 7-8.
([29]) Tuarascáil Nuashonraithe – Caibidil 2, lch. 10, 18.

(75) Tar éis na chéad abairte a bhí ann cheana féin san fhoráil: '[i]*s é an córas sóisialach córas bunúsach na Síne*' cuireadh an dara habairt nua isteach mar a leanas: '[i]*s é saintréith an tsóisialachais lena ngabhann saintréithe Síneacha ceannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne*' ([30]). Léiríonn sé sin rialú gan cheist agus síormhéadaitheach an Pháirtí Chumannaigh ar chóras eacnamaíoch na Síne.

(76) Is gnéithe lárnacha de chóras na Síne iad an cheannaireacht agus an rialú sin agus téann siad i bhfad thar an ngnáthstaid i dtíortha eile ina bhfeidhmíonn na rialtais rialú ginearálta maicreacnamaíoch laistigh de na teorainneacha ina mbíonn fórsaí an mhargaidh shaoir i gceist.

(77) Bíonn stát na Síne ag gabháil do bheartas eacnamaíoch idirghabhálach agus é ag saothrú spriocanna, ar spriocanna iad a thagann leis an gclár oibre polaitiúil arna leagan síos ag Páirtí Cumannach na Síne seachas a bheith ag léiriú na ndálaí eacnamaíocha atá i réim i margadh saor ([31]). Baineann údaráis na Síne úsáid as líon mór uirlisí eacnamaíocha idirghabhálacha, lena n-áirítear córas na pleanála tionscail agus an córas airgeadais agus, chomh maith leis sin, leibhéal na timpeallachta rialála.

(78) Sa chéad dul síos, ar leibhéal an rialaithe riaracháin ghinearálta, déantar treo gheilleagar na Síne a rialú le córas casta pleanála tionscail a dhéanann difear do gach gníomhaíocht eacnamaíoch sa tír. Leis na pleananna sin ar fad cumhdaítear maitrís chuimsitheach chasta earnálacha agus beartas trasghearrtha, agus tá siad ann ar gach leibhéal rialtais.

(79) Bíonn pleananna ar leibhéal na gcúigí mionsonraithe ach leagtar amach spriocanna níos leithne i bpleananna náisiúnta. I bpleananna sonraítear freisin na modhanna lena dtacófar leis na tionscail/na hearnálacha ábhartha, chomh maith leis na tráthchláir ar laistigh díobh is gá na cuspóirí a bhaint amach. Tá spriocanna follasacha aschuir ann i roinnt pleananna i gcónaí.

(80) Faoi na pleananna, tá aird ar leith á tabhairt ar earnálacha tionsclaíocha aonair agus/nó ar thionscadail mar thosaíochtaí (dearfacha nó diúltacha) i gcomhréir le tosaíochtaí rialtais agus déantar spriocanna forbartha sonracha (uasghrádú tionsclaíoch, leathnú idirnáisiúnta etc.) a shannadh dóibh.

(81) Ní mór do na hoibreoirí eacnamaíocha, idir oibreoirí príobháideacha agus oibreoirí faoi úinéireacht an stáit araon, a ngníomhaíochtaí gnó a choigeartú go héifeachtach de réir na ndálaí a fhorchuirtear leis an gcóras pleanála. Ní hamháin go bhfuil sé sin fíor mar gheall ar chineál ceangailteach na bpleananna ach freisin toisc go gcloíonn údaráis ábhartha na Síne ar gach leibhéal den rialtas leis an gcóras pleananna agus toisc go n-úsáideann siad a gcumhachtaí dílse dá réir sin, rud lena gcuirtear faoi deara dá bhrí sin do na hoibreoirí eacnamaíocha na tosaíochtaí a leagtar amach sna pleananna a chomhlíonadh ([32]).

(82) Ar an dara dul síos, ar an leibhéal a ndéantar acmhainní airgeadais a leithdháileadh, tá an lámh in uachtar ag na bainc thráchtála agus ag na bainc bheartais faoi úinéireacht stáit ar chóras airgeadais na Síne. Ní mór do na bainc sin, le linn dóibh a mbeartas iasachtaithe a chur ar bun agus a chur chun feidhme, iad féin a ailíniú leis na cuspóirí i mbeartas tionsclaíoch an rialtais seachas measúnú a dhéanamh go príomha ar fhiúntais eacnamaíocha tionscadail ar leith ([33]).

(83) Is amhlaidh atá i gcás comhpháirteanna eile de chóras airgeadais na Síne, amhail na stocmhargaí, na margaí bannaí, na margaí cothromais phríobháidigh etc. Chomh maith leis sin, tá na codanna sin den earnáil airgeadais curtha ar bun ar bhonn institiúide agus oibríochta ar bhealach nach bhfuil giaráilte chun feidhmiú éifeachtúil na margaí airgeadais a uasmhéadú ach i dtreo rialú a áirithiú agus idirghabháil ón stát agus ó Pháirtí Cumannach na Síne a cheadú ([34]).

(84) Ar an tríú dul síos, maidir le leibhéal na timpeallachta rialála, tá roinnt cineálacha idirghabhála stáit sa gheilleagar ann. Mar shampla, úsáidtear na rialacha maidir le soláthar poiblí go tráthrialta chun spriocanna beartais, seachas éifeachtúlacht eacnamaíoch a shaothrú agus, dá bharr sin, baintear an bonn de phrionsabail mhargadhbhunaithe sa réimse. Foráiltear go sonrach sa reachtaíocht is infheidhme go ndéanfar an soláthar poiblí a sheoladh d'fhonn baint amach na spriocanna arna gceapadh le beartais an stáit a éascú. Mar sin féin, níl cineál na spriocanna atá i gceist sainithe fós, rud a fhágann, dá bhrí sin, corrlach breithmheasa ag na comhlachtaí cinnteoireachta ([35]).

([30]) Féach: http://www.npc.gov.cn/zgrdw/englishnpc/Constitution/node_2825.html (arna rochtain an 21 Deireadh Fómhair 2024).
([31]) Tuarascáil Nuashonraithe – Caibidil 2, lgh. 29-30.
([32]) Tuarascáil Nuashonraithe – Caibidil 4, lch. 57, 92.
([33]) Tuarascáil Nuashonraithe – Caibidil 6, lgh. 149-150.
([34]) Tuarascáil Nuashonraithe – Caibidil 6, lgh. 153-171.
([35]) Tuarascáil Nuashonraithe – Caibidil 7, lgh. 204-205.

(85) Ar an gcaoi chéanna, sa réimse infheistíochta, coimeádann Rialtas na Síne rialú agus tionchar suntasach ar cheann scríbe agus ar mhéid na hinfheistíochta stáit agus príobháidí araon. Déanann na húdaráis scagadh infheistíochta chomh maith le dreasachtaí, srianta agus toirmisc éagsúla a bhaineann le hinfheistiú a úsáid mar uirlis thábhachtach chun tacaíocht a thabhairt do spriocanna beartais thionsclaíoch, amhail rialú an stáit a choimeád ar phríomh-earnálacha nó borradh a chur faoin tionscal intíre ([36]).

(86) San iomlán, tá samhail eacnamaíoch na Síne bunaithe ar aicsímí bunúsacha áirithe, lena ndéantar foráil, agus lena dtugtar spreagadh, maidir leis an iliomad idirghabhálacha rialtais. Tagann idirghabhálacha substaintiúla den sórt sin ón rialtas salach ar shaor-imoibriú fhórsaí an mhargaidh, agus déantar leithdháileadh éifeachtach acmhainní i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh a shaobhadh dá bharr sin ([37]).

3.2.3. *Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán: freastal ar an margadh sin atá i gceist a bheith á dhéanamh ar leibhéal suntasach ag fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht, nó faoi mhaoirseacht bheartais nó faoi stiúir údaráis na tíre is onnmhaireoir*

(87) Sa tSín, is cuid ríthábhachtach den gheilleagar iad cuideachtaí a oibríonn faoi úinéireacht, smacht agus/nó maoirseacht bheartais nó faoi threoir an Stáit.

(88) Is cuideachtaí príobháideacha den chuid is mó a fhreastalaíonn ar earnáil an táirge lena mbaineann, amhail: Meihua Group ([38]); Yufeng Industrial Group ([39]); Fufeng Group ([40]); Heilongjiang Wanli Lida Group ([41]).

(89) Mar sin féin, tá idirghabhálacha Pháirtí Cumannach na Síne sa chinnteoireacht oibríochtúil tagtha chun bheith ina ngnáthchleachtas ní hamháin i bhfiontair atá faoi úinéireacht an Stáit, ach i gcuideachtaí príobháideacha freisin ([42]), agus éilíonn Páirtí Cumannach na Síne ceannaireacht ar bheagnach gach gné de gheilleagar na tíre. Go deimhin, is é an toradh a bhíonn ar thionchar an stáit trí struchtúir Pháirtí Cumannach na Síne laistigh de chuideachtaí oibreoirí eacnamaíocha a bheith, a bheag nó a mhór, faoi smacht agus faoi mhaoirseacht bheartais an rialtais, i bhfianaise a mhéid ar fhás struchtúir an stáit agus an Pháirtí le chéile sa tSín.

(90) Thairis sin, tá earnáil an lísín faoi réir roinnt beartais rialtais, amhail príomhbheartais 2022 a d'fhógair an Aireacht Airgeadais agus an Aireacht Talmhaíochta agus Gnóthaí Tuaithe: '[f]*orbairt chomhtháite thionscal na talmhaíochta. Comhordú a dhéanamh ar leagan amach agus tógáil roinnt páirceanna tionsclaíocha talmhaíochta nua-aimseartha náisiúnta, braislí tionsclaíocha buntáisteacha agus sainiúla, agus bardais láidre tionsclaíocha talmhaíochta. Díriú ar shlándáil bia náisiúnta agus soláthar éifeachtach táirgí talmhaíochta tábhachtacha a áirithiú, agus béim ar rís, ar chruithneacht, ar arbhar,* […] *córas tionsclaíoch tuaithe nua-aimseartha a thógáil atá bunaithe ar bhailte tionsclaíocha láidre, ar pháirceanna tionsclaíocha mar inneall, agus braislí tionsclaíocha mar chnámh droma, leagan amach cúigí, contaetha agus bailte fearainn, agus cur chun cinn comhordaithe pointí, línte agus limistéar, chun cáilíocht agus éifeachtúlacht na forbartha tionsclaíche ina hiomláine a fheabhsú*' ([43]). Ar an gcaoi chéanna, leagtar amach na cuspóirí seo a leanas sa 14ú Plean Cúig Bliana maidir le nuachóiriú na talmhaíochta agus na gceantar tuaithe a chur chun cinn: '[t]*ógáil creasa tionscal slándála bia náisiúnta. Ar bhonn táirgeadh agus soláthar ríse, cruithneachta, arbhair, pónairí soighe, etc., comhordú a dhéanamh ar leagan amach an fhothaithe acmhainneachta i dtáirgeadh, i bpróiseáil, i stóráil agus i gcúrsaíocht, agus criosanna tionsclaíocha sábháilteachta bia a thógáil* […]' ([44]). Thairis sin, ceanglaítear leis an 14ú Plean Cúig Bliana maidir leis an mBithgheilleagar a Fhorbairt '*ullmhóidí einsíme, ullmhóidí miocróbacha, beatha choipthe, aimíonaigéid bheatha agus beathaí bitheolaíocha eile a fhorbairt* […]' ([45]).

([36]) Tuarascáil Nuashonraithe – Caibidil 8, lgh. 207-208, 242-243.
([37]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 2, lgh. 19-24, Caibidil 4, lch. 69, lgh. 99-100, Caibidil 5, lgh. 130-131.
([38]) Féach: http://www.meihuagrp.com/ (arna rochtain an 17 Deireadh Fómhair 2024).
([39]) Féach: http://en.yufengholding.cn/Company.html (arna rochtain an 17 Deireadh Fómhair 2024).
([40]) Féach : http://www.fufeng-group.com/ (arna rochtain an 17 Deireadh Fómhair 2024).
([41]) Féach: http://www.wanlilida.com/wap.php/About/about/type/1.html (arna rochtain an 17 Deireadh Fómhair 2024).
([42]) Féach Airteagal 33 de Bhunreacht Pháirtí Cumannach na Síne, Airteagal 19 de Dhlí Cuideachtaí na Síne. Féach an Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 3, lgh. 47-50.
([43]) Féach: http://www.moa.gov.cn/gk/cwgk_1/nybt/202206/t20220610_6402146.htm, mír 20 (arna rochtain an 21 Deireadh Fómhair 2024).
([44]) Féach: https://www.gov.cn/zhengce/content/2022-02/11/content_5673082.htm, roinn II.6, Bosca 2 (arna rochtain an 21 Deireadh Fómhair 2024).
([45]) Féach Roinn IV.10 den Phlean atá le fáil ag: https://www.ndrc.gov.cn/xxgk/zcfb/ghwb/202205/t20220510_1324436.html (arna rochtain an 17 Deireadh Fómhair 2024).

(91) Tá smacht agus maoirseacht bheartais an rialtais le sonrú freisin ar leibhéal na gcomhlachas tionscail ábhartha ([46]).

(92) Mar shampla, luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 3 d'Airteagail Chomhlachais Chomhlachas Tionscail Bith-theicneolaíochta Coipthe na Síne ('*CBFIA*'), *'glacann an eagraíocht leis an treoir ghairmiúil, leis an maoirseacht agus leis an mbainistíocht a dhéanann na heintitis atá i gceannas ar chlárú agus ar bhainistíocht, a dhéanann eintitis atá i gceannas ar neartú an Pháirtí agus, chomh maith leis sin, a dhéanann na ranna riaracháin ábhartha atá i gceannas ar bhainistíocht tionscail'* ([47]). Ceanglaíonn brainse an Pháirtí de CBFIA ([48]) ar an gcomhlachas *'scrúdú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí sonracha agus iad a chur in úsáid chun rialachas cuimsitheach docht an Pháirtí a chothú agus neartú a dhéanamh ar fhorbairt an Pháirtí* […] *agus a aithint go hiomlán gur ceanglas polaitiúil é cur chun cinn domhain an rialachais chuimsithigh dhocht ag an bPáirtí, ar chomhlachais tionscail náisiúnta agus ar chomhlachais tráchtála lena dtreoraítear iarrachtaí comhlachas tionscail agus comhlachas tráchtála chun cloí le ceannaireacht an Pháirtí agus í a neartú'* ([49]).

(93) Tá Meihua Group agus Fufeng Group i measc chomhaltaí CBFIA, iad ag fónamh mar Leas-Chathaoirligh ar bhord stiúrthóirí an chomhlachais ([50]).

(94) Maidir le CSIA, saothraíonn an comhlachas an sprioc *'beartais thionsclaíocha náisiúnta a phoibliú agus a chur chun feidhme, freastal ar an tionscal go díograiseach, agus táirgeadh tionsclaíoch a chur chun cinn'* ([51]). Ina theannta sin, luaitear in Airteagal 3 dá Airteagail Chomhlachais 'go *mbunaíonn CSIA eagraíocht de Pháirtí Cumannach na Síne, go ndéanann sé gníomhaíochtaí an Pháirtí, agus go soláthraíonn sé na coinníollacha is gá le haghaidh ghníomhaíochtaí eagraíocht an Pháirtí*'agus *'go nglacann sé leis an treoraíocht ghnó, leis an maoirseacht agus leis an mbainistíocht ó na heintitis atá i gceannas ar chlárú agus ar bhainistíocht, ó na heintitis atá i gceannas ar fhorbairt an Pháirtí, chomh maith leis na ranna riaracháin ábhartha atá i gceannas ar bhainistíocht an tionscail'* ([52]).

(95) Tá Meihua Group i measc Leas-Chathaoirligh chomhairle feidhmiúcháin CSIA ([53]).

(96) Dá bhrí sin, cuirtear cosc ar tháirgeoirí faoi úinéireacht phríobháideach in earnáil an táirge lena mbaineann oibriú faoi dhálaí an mhargaidh. Go deimhin, tá fiontair faoi úinéireacht phoiblí agus fiontair faoi úinéireacht phríobháideach araon faoi réir maoirseacht bheartais agus treoraíochta.

3.2.4. *Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán: Láithreacht an Stáit i ngnólachtaí lena gcumasaítear don stát cur isteach a dhéanamh i leith praghsanna nó costas*

(97) Tá Rialtas na Síne in ann cur isteach a dhéanamh ar phraghsanna agus ar chostais trí láithreacht an stáit i ngnólachtaí. Go deimhin, is bealach tábhachtach iad cealla Pháirtí Cumannach na Síne i bhfiontair, faoi úinéireacht an stáit agus san earnáil phríobháideach araon, trínar féidir leis an stát cur isteach ar chinntí gnó.

(98) De réir dhlí cuideachtaí na Síne, bunófar eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne i ngach cuideachta (agus triúr comhaltaí de chuid an Pháirtí ar a laghad inti mar a shonraítear i mBunreacht Pháirtí Cumannach na Síne ([54])) agus cuirfidh an chuideachta na coinníollacha is gá ar fáil le haghaidh ghníomhaíochtaí eagraíocht an Pháirtí.

([46]) Tuarascáil Nuashonraithe – Caibidil 2, lgh. 24-27.
([47]) Féach: http://m.cfia.org.cn/site/term/5.html (arna rochtain an 17 Deireadh Fómhair 2024).
([48]) Féach: http://m.cfia.org.cn/#menu (arna rochtain an 17 Deireadh Fómhair 2024).
([49]) Féach: http://m.cfia.org.cn/site/content/2092.html (arna rochtain an 17 Deireadh Fómhair 2024).
([50]) Féach: http://m.cfia.org.cn/site/term/3.html (arna rochtain an 17 Deireadh Fómhair 2024).
([51]) Féach: https://www.siacn.org.cn/dl/pjn-252Bx-.html (arna rochtain an 17 Deireadh Fómhair 2024).
([52]) Féach: https://www.siacn.org.cn/dl/IOa-252B22.html (arna rochtain an 17 Deireadh Fómhair 2024).
([53]) Le haghaidh Dongxiao Biotechnology Co., Ltd., féach: https://siacn.org.cn/hys/C04ke8i8V6FKwm58AiHI8kZLWAqQfQJGMbT7hpaoMfyhfo=.html (arna rochtain an 21 Deireadh Fómhair 2024). Le haghaidh Baolingbao Biotechnology Co., Ltd. féach: https://siacn.org.cn/hys/iRjtptfyhfnlZnu6t27hPXu7asXt46rxUsrzpUWSRfyhfRrLA=.html (arna rochtain an 21 Deireadh Fómhair 2024). Le haghaidh Zhejiang Huakang Pharmaceutical Co., Ltd. féach: https://siacn.org.cn/hys/SWj57c6UUhw8Rgkzb+016qfKa9gWhP3BQaNR0qBW3Tw=.html (arna rochtain an 21 Deireadh Fómhair 2024)..
([54]) Tuarascáil Nuashonraithe – Caibidil 3, lch. 40.

(99) San am atá thart, is cosúil nár comhlíonadh an ceanglas sin i gcónaí nó nár cuireadh i bhfeidhm go docht é. Mar sin féin, ó 2016 ar a laghad tá Páirtí Cumannach na Síne ag treisiú na maímh atá aige go bhfuil smacht aige ar chinntí gnó i gcuideachtaí ar bhonn prionsabal polaitiúil ([55]), lena n-áirítear brú a chur ar chuideachtaí príobháideacha tús áite a thabhairt don 'tírghrá' agus cloí le disciplín an Pháirtí ([56]).

(100) Cheana féin in 2018, tuairiscíodh go raibh cealla den pháirtí in 73 % den 2,57 milliún cuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach, agus go raibh an brú ag méadú ar eagraíochtaí Páirtí Cumannach na Síne an focal deiridh a bheith acu maidir leis na cinntí gnó laistigh dá gcuideachtaí faoi seach ([57]). Tá feidhm ghinearálta ag na rialacha sin ar fud gheilleagar na Síne, i ngach earnáil, lena n-áirítear maidir le táirgeoirí an táirge lena mbaineann agus soláthróirí a gcuid ionchur.

(101) De bhreis air sin, an 15 Meán Fómhair 2020, eisíodh doiciméad dar teideal General Office of CCP Central Committee's Guidelines on stepping up the United Front work in the private sector for the new era [Treoirlínte ó Oifig Ghinearálta Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne maidir le dlús a chur le hobair an Fhronta Aontaithe san earnáil phríobháideach don ré nua] (*'na Treoirlínte'*) ([58]) rud a chuir le ról choistí an pháirtí i bhfiontair phríobháideacha.

(102) Luaitear an méid seo a leanas i Roinn II.4 de na Treoirlínte: '[n]*í mór dúinn acmhainneacht fhoriomlán an Pháirtí a mhéadú chun obair Fhronta Aontaithe na hearnála príobháidí a stiúradh agus dlús a chur go héifeachtach leis an obair sa réimse sin*'; agus luaitear i roinn III.6: '[n]*í mór dúinn freisin dlús a chur le tógáil an Pháirtí i bhfiontair phríobháideacha agus a chur ar chumas chealla an Pháirtí a ról mar dhaingean a chomhlíonadh go héifeachtach agus a chur ar chumas chomhaltaí an Pháirtí a róil a chomhlíonadh mar urghardaí agus mar cheannródaithe*'. Cuirtear béim sna Treoirlínte ar ról Páirtí Cumannach na Síne i gcuideachtaí agus in eintitis eile de chuid na hearnála príobháidí agus féachtar leo an ról sin a mhéadú ([59]).

(103) Deimhníodh san imscrúdú gur ann d'fhorluí idir seasaimh bhainistíochta agus ballraíocht/feidhmeanna Páirtí Cumannach na Síne san earnáil lísín freisin. Chun sampla a thabhairt, tá Leas-Chathaoirleach Meihua Group ina Ard-Rúnaí ar bhrainse Páirtí an ghrúpa ([60]).

(104) Ina theannta sin, feidhmíonn cathaoirleach Yufeng Industrial Group freisin mar Rúnaí an choiste Páirtí agus mar ionadaí ar Dhaon-Chomhdháil Chúige Hebei ([61]).

(105) Tá tionchar saofa breise ar an margadh ag an stát agus é i láthair sna margaí airgeadais agus mar gheall ar a idirghabháil iontu agus, chomh maith leis sin, ar sholáthar amhábhar agus ionchur ([62]). Dá réir sin, de bharr láithreacht an stáit i ngnólachtaí, in earnáil an lísín agus in earnálacha eile (amhail na hearnálacha airgeadais agus ionchuir), faigheann Rialtas na Síne deis cur isteach i dtaca le praghsanna agus earraí.

3.2.5. *Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an tríú fleasc den bhun-Rialachán: beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthraithe intíre nó lena n-imrítear tionchar seachas sin ar fhórsaí an mhargaidh shaoir*

(106) Déantar treo gheilleagar na Síne a chinneadh go leibhéal suntasach le córas casta pleanála ina leagtar amach tosaíochtaí agus lena bhforordaítear na spriocanna nach mór do na rialtais láir, na rialtais chúige agus na rialtais áitiúla díriú orthu. Tá pleananna ábhartha ann ar gach leibhéal den rialtas agus cumhdaítear gach earnáil eacnamaíoch, nach mór, leo. Is de chineál ceangailteach iad na cuspóirí a leagtar síos leis na hionstraimí pleanála agus déanann na húdaráis ar gach leibhéal riaracháin faireachán ar chur chun feidhme na bpleananna ag an leibhéal comhfhreagrach is ísle den rialtas.

(107) Ar an iomlán, is é an toradh a bhíonn ar an gcóras pleanála sa tSín go ndírítear acmhainní ar earnálacha atá ainmnithe ag an rialtas mar earnálacha straitéiseacha nó mar earnálacha atá tábhachtach ar shlí eile ó thaobh na polaitíochta de, in ionad na hacmhainní sin a leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh ([63]).

([55]) Féach mar shampla: Blanchette, J. - Xi's Gamble: *The Race to Consolidate Power and Stave off Disaster*, [An Rás chun Cumhacht a Chomhdhlúthú agus chun Tubaiste a Chosc]; Gnóthaí Eachtracha, imleabhar 100, uimh. 4, Iúil/Lúnasa 2021, lgh. 10-19.

([56]) Tuarascáil Nuashonraithe – Caibidil 3, lch. 41.

([57]) Féach: https://merics.org/en/comment/who-ccp-chinas-communist-party-infographics (arna rochtain an 18 Deireadh Fómhair 2024).

([58]) Treoirlínte ó Oifig Ghinearálta Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne maidir le dlús a chur le hobair an Fhronta Aontaithe san earnáil phríobháideach don ré nua, féach: www.gov.cn/zhengce/2020-09/15/content_5543685.htm (arna rochtain an 21 Deireadh Fómhair 2024).

([59]) Financial Times (2020) - Chinese Communist Party asserts greater control over private enterprise, [Cuireann Páirtí Cumannach na Síne níos mó smachta in iúl maidir le fiontair phríobháideacha] féach: https://on.ft.com/3mYxP4j (arna rochtain an 21 Deireadh Fómhair 2024).

([60]) Féach: http://www.meihuagrp.com/index.php/article/1501.html (arna rochtain an 18 Deireadh Fómhair 2024).

([61]) Féach: http://www.yufengholding.cn/intro/2.html (arna rochtain an 18 Deireadh Fómhair 2024).

([62]) Tuarascáil Nuashonraithe – Caibidil 14, Ranna 14.1 go 14.3.

([63]) Tuarascáil Nuashonraithe – Caibidil 4, lgh. 56-57, 99-100.

(108) D'achtaigh údaráis na Síne roinnt beartas lena dtreoraítear feidhmiú earnáil an táirge lena mbaineann.

(109) Tá na forálacha seo a leanas a bhfuil tionchar acu ar fheidhmiú na hearnála ann freisin i bpríomhbheartais 2022 na hAireachta Airgeadais agus na hAireachta Talmhaíochta agus Gnóthaí Tuaithe a luaitear thuas (féach aithris (90)): 'l]*eanfaidh an stát de bheartais a chur chun feidhme amhail fóirdheontais do tháirgeoirí arbhair agus pónairí soighe, fóirdheontais do rís, agus dreasachtaí do chontaetha móra táirgthe gráin, chun éifeachtacht an athchóirithe struchtúraigh ó thaobh an tsoláthair de sa talmhaíocht a chomhdhlúthú agus chun slándáil náisiúnta bia a áirithiú*' nó '[l]*uaíochtaí do mhórchontaetha táirgthe síolta. Raon feidhme na tacaíochta a leathnú do mhórchontaetha táirgthe síolta ríse, cruithneachta, arbhair* […]*,agus claochlú agus uasghrádú thionscal na síolta a chur chun cinn*' ([64]).

(110) Is é is aidhm don 14ú Plean Cúig Bliana maidir le nuachóiriú na talmhaíochta agus na gceantar tuaithe ([65]) a chur chun cinn '[b]*eartais tacaíochta maidir le táirgeadh gráin a fheabhsú. Fóirdheontais feirmeoirí gráin a chobhsú, feabhas a chur ar an mbeartas íosphraghais ceannaigh do rís agus do chruithneacht, agus ar an mbeartas fóirdheontais do tháirgeoirí arbhair agus pónairí soighe. Feabhas a chur ar an sásra cúitimh le haghaidh leasanna mórlimistéar táirgthe gráin agus feabhas a chur ar an gcóras beartais tacaíochta do na mórchontaetha táirgthe gráin*' ([66]). De réir an 14úPlean Cúig Bliana maidir leis an earnáil plandaithe a fhorbairt ar an leibhéal náisiúnta ([67]), '[l]*e linn thréimhse an 14úPlean Cúig Bliana, déanfaimid iniúchadh ar leathnú féideartha, ar acmhainneacht táirgeachta a mhéadú, ar struchtúr a bharrfheabhsú, ar fhorbairt éagsúlaithe a chur chun cinn, agus ar chumais ráthaíochta soláthair a fheabhsú*' ([68]).

(111) Ina theannta sin, léirítear sa 14 ú Plean Cúig Bliana ([69]) de chuid CSIA na beartais rialtais atá ann cheana san earnáil trína mhíniú gurb amhlaidh '[ó] *2016, gur choigeartaigh an stát beartas stórála sealadaí arbhair na dtrí chúige san oirthuaisceart agus i Réigiún Féinrialaitheach na hIon-Mhongóile go sásra nua 'ceannach margadh-dhírithe' móide 'fóirdheontas', rud ba chúis le titim ghéar maidir le praghsanna arbhair agus a laghdaigh go mór costas táirgthe stáirse arbhair Indiaigh; chun déileáil le Fardal iomarcach arbhair, tá céimeanna éagsúla fóirdheontas tugtha ag Heilongjiang, Jilin, Liaoning, an Ion-Mhongóil agus ag áiteanna eile d'fhiontair domhainphróiseála arbhair Indiaigh, a lean de bheith ag cur le hacmhainneacht táirgeachta na domhainphróiseála arbhair Indiaigh agus na táirgeachta stáirse arbhair Indiaigh*' ([70]).

(112) Leis an 14ú Plean Cúig Bliana maidir le forbairt an bhithgheilleagair tugtar aghaidh go díreach ar earnáil an táirge lena mbaineann, trí dhíriú ar '[n]*eartú a dhéanamh ar phríomhstaid na nuálaíochta fiontair. Ról ceannasach agus tacaíochta na bpríomhfhiontar sa réimse bitheolaíoch a thabhairt, fiontair mhóra a threorú chun acmhainní amhail nuálaíocht theicneolaíoch, slabhra soláthair, agus seirbhísí airgeadais a oscailt go réamhtheachtach agus go hiartheachtach ón slabhra tionsclaíoch, agus comhtháthú agus nuálaíocht i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide a chur chun cinn. Díriú ar phríomhréimsí mórscála a bhfuil tionchar leathan acu amhail bithleigheas, bith-thalmhaíocht, agus bithmhonaraíocht, spreagtar fiontair bhithnuálaíochta chun a saothrú a dhoimhniú i réimsí foroinnte, a mbuntáistí forbartha a shaothrú, agus iad a chothú chun bheith ina gcuraidh aonair a bhfuil iomaíochas domhanda acu*' ([71]). Go sonrach, ceanglaítear leis an bPlean freisin ar na heintitis lena mbaineann '*ullmhóidí einsíme, ullmhóidí miocróbacha, beatha choipthe, aimíonaigéad beathaithe agus beathaí bitheolaíocha eile a fhorbairt* [...]'.

(113) Ar leibhéal an chúige, de réir an 14ú Plean Cúig Bliana de chuid Hebei maidir le Tionscail Straitéiseacha agus Tionscail atá ag Teacht Chun Cinn ([72]) tá na húdaráis rialtais chun leagan amach tionsclaíoch na hearnála a mhúnlú mar a leanas: *'Tionscail an bhithchoipthe, na dtáirgí bithbhunaithe agus na dtáirgí bith-theicneolaíochta sainiúla a fhorbairt go bríomhar, agus cur i bhfeidhm comhtháite na bith-theicneolaíochta a chur chun cinn i réimsí an leighis, thionscal na gceimiceán, na n-ábhar, na domhainphróiseála bia, agus an fhuinnimh nua. Na buntáistí a bhaineann le haimíonaigéid, siúcraí stáirse, ullmhóidí einsíme, vitimíní agus táirgí eile a chomhdhlúthú agus a fheabhsú, agus ábhair bhitheolaíocha nua a fhorbairt amhail snáithíní bithbhunaithe, ceimiceáin bhithbhunaithe*' ([73]).

([64]) Féach: http://www.moa.gov.cn/gk/cwgk_1/nybt/202206/t20220610_6402146.htm, míreanna 6 agus 15 (arna rochtain an 18 Deireadh Fómhair 2024).
([65]) Féach: https://www.gov.cn/zhengce/content/2022-02/11/content_5673082.htm (arna rochtain an 18 Deireadh Fómhair 2024).
([66]) Ibid., Roinn II.1.
([67]) Féach: http://www.moa.gov.cn/govpublic/ZZYGLS/202201/t20220113_6386808.htm (arna rochtain an 18 Deireadh Fómhair 2024).
([68]) Ibid., Roinn III.1.3.
([69]) Féach: https://www.siacn.org.cn/ds/220877802e.html (arna rochtain an 18 Deireadh Fómhair 2024).
([70]) Ibid., Roinn I.1.2.
([71]) Féach Roinn III.6 den Phlean.
([72]) Féach: http://lvsefazhan.cn/index.php/guozijianguan/408.html (arna rochtain an 21 Deireadh Fómhair 2024).
([73]) Ibid., Roinn IV.3.

(114) Thairis sin, in 2024, d'eisigh Shandong mórbheartas chun an tionscal arbhair a chur chun cinn, a uasghrádú agus a fhorbairt ([74]), trí thacaíocht chánach thábhachtach a chur ar fáil le haghaidh taighde agus forbartha.

(115) Ar an gcaoi chéanna, d'eisigh Jilin beartais fhabhracha shonracha a bhí fabhrach do thionscal an táirge lena mbaineann. De réir tuarascáil a eisíodh ar a shuíomh gréasáin, déanann *'Biúró Cánachais Cúige Jilin* […] *liosta na dtairbhí beartais a fhoirmliú agus a choigeartú chomh maith leis an liosta ábhar a bhfuil freagairt thapa ag teastáil ina leith. Tá riachtanais ag fiontair, freagraítear dóibh le cánachas. Maidir le huasghrádú an tionscail, tá dóthain uirlisí beartais ar fáil'* ([75]). Deimhníonn ionadaí ó Meihua Group é sin *'*[i] *2017, shocraigh an chuideachta i bPáirc Tionscail Jilin Baicheng mar an chéad chuideachta in Baicheng lena mbaineann infheistíocht iomlán CNY 10 mbilliún. Tar éis na mblianta d'fhorbairt agus d'fhás de réir a chéile, le tacaíocht láidir ó bheartais fhabhracha chánach,* […] *tá feabhas éifeachtach tagtha ar iomaíochas margaidh táirgí. Sa chéad leath de 2023 amháin, bhain ár gcuideachta leas as lacáiste cánach onnmhairiúcháin de CNY 139 milliún, rud a chiallaigh nach raibh imní orainn sa phróiseas táirgthe táirgí, agus is féidir linn déileáil ar bhealach níos suaimhní le rioscaí agus dúshláin an mhargaidh idirnáisiúnta, agus scála na n-onnmhairí a leathnú tuilleadh.'* ([76]). Dhearbhaigh Cathaoirleach Meihua Group freisin go bhfuil *'tacaíocht agus cabhair láidir faighte ag Jilin Meihua ó cheannairí ar gach leibhéal den chúige agus den bhardas, rud a chuidigh le Meihua forbairt go tapa'* ([77]), rud a léiríonn nach raibh beartais fhabhracha teoranta do bheartais chánach.

(116) Tá bearta tacaíochta comhchosúla ar fáil freisin in Heilongjiang, mar a léirítear i bplean forbartha chóras tionscail bhardas Suihua 2023-2026 ([78]) ina bhfuil Heilongjiang Chengfu Food Group, táirgeoir lísín, arb ionann é agus 7,39 % den acmhainneacht táirgeachta intíre lísín ([79]), liostaithe mar phríomhfhiontar.

(117) Tríothu sin agus trí mhodhanna eile, déanann Rialtas na Síne, dá bhrí sin, gach gné, nach mór, d'fhorbairt agus d'fheidhmiú na hearnála a stiúradh agus a rialú, chomh maith leis na hionchuir réamhtheachtacha.

(118) Mar achoimre, tá bearta i bhfeidhm ag Rialtas na Síne chun oibreoirí a spreagadh chun na cuspóirí beartais phoiblí a bhaineann leis an earnáil a chomhlíonadh. Cuireann bearta den sórt sin cosc ar fhórsaí an mhargaidh oibriú gan bhac.

3.2.6. *Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán: maidir leis na dlíthe féimheachta, corparáideacha, nó maoine, easnamh a bheith ann ina leith, nó iad a chur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó iad a fhorfheidhmiú go neamhleor*

(119) De réir na faisnéise atá ann ar an gcomhad, ní bhaineann córas féimheachta na Síne a phríomhchuspóirí féin amach ar bhonn leordhóthanach amhail éilimh agus fiacha a réiteach go cóir agus cearta agus leasanna dleathacha creidiúnaithe agus féichiúnaithe a choimirciú. Dealraíonn sé gurb é fírinne an scéil é go bhfuil dlí féimheachta na Síne bunaithe go foirmiúil ar phrionsabail atá cosúil leis na prionsabail a chuirtear i bhfeidhm i ndlíthe comhfhreagracha i dtíortha eile seachas an tSín, ach go bhfuil an tearc-fhorfheidhmiú córasach ina shaintréith den chóras Síneach.

(120) Tá an líon féimheachtaí fós thar a bheith íseal i gcomparáid le méid gheilleagar na tíre, go háirithe toisc go mbíonn roinnt easnamh ag baint leis na himeachtaí dócmhainneachta, agus go bhfeidhmíonn na himeachtaí sin go héifeachtach mar dhídhreasú i gcomhair comhdú féimheachta. Thairis sin, tá ról an Stáit sna himeachtaí dócmhainneachta láidir agus gníomhach i gcónaí, is minic a imríonn an ról sin tionchar díreach ar thoradh na n-imeachtaí ([80]).

([74]) Féach: https://www.sohu.com/a/756699103_121769698 (arna rochtain an 18 Deireadh Fómhair 2024).
([75]) Féach: http://jilin.chinatax.gov.cn/art/2023/11/6/art_334_710476.html (arna rochtain an 18 Deireadh Fómhair 2024).
([76]) Ibid.
([77]) Féach: http://www.jlbc.gov.cn/xxgk_3148/ywdt/202409/t20240927_999796.html (arna rochtain an 18 Deireadh Fómhair 2024).
([78]) Féach: https://www.suihua.gov.cn/sh/szf/202309/c12_78183.shtml (arna rochtain an 18 Deireadh Fómhair 2024).
([79]) Féach: https://pdf.dfcfw.com/pdf/H3_AP202312291615475016_1.pdf (arna rochtain an 21 Deireadh Fómhair 2024).
([80]) Tuarascáil Nuashonraithe – Caibidil 6, lgh. 171-179.

(121) Ina theannta sin, tá easnaimh chóras na gceart maoine soiléir go háirithe maidir le húinéireacht talún agus cearta úsáide talún sa tSín ([81]). Is leis an stát an talamh ar fad (talamh thuaithe atá faoi chomhúinéireacht agus talamh uirbeach atá faoi úinéireacht an Stáit) agus tá leithdháileadh na talún fós ag brath ar an stát amháin. Tá forálacha dlíthiúla ann a bhfuil sé d'aidhm acu cearta úsáide talún a leithdháileadh ar bhealach trédhearcach agus ar phraghsanna margaidh, mar shampla trí nósanna imeachta tairisceana a thabhairt isteach. Mar sin féin, ní urramaítear na forálacha sin go tráthrialta, agus faigheann ceannaitheoirí áirithe a gcuid talún saor in aisce nó faoi bhun rátaí an mhargaidh ([82]). Thairis sin, is minic a shaothraíonn na húdaráis spriocanna sonracha polaitiúla, lena n-áirítear cur chun feidhme na bpleananna eacnamaíocha nuair atá talamh á leithdháileadh ([83]).

(122) Dála earnálacha eile i ngeilleagar na Síne, tá táirgeoirí an táirge lena mbaineann faoi réir ghnáthrialacha dlíthe féimheachta, corparáideacha agus maoine na Síne. Tá sé d'éifeacht aige sin go mbíonn na cuideachtaí sin, freisin, faoi réir an tsaofa ón mbarr anuas ag eascairt as cur i bhfeidhm idirdhealaitheach nó forfheidhmiú neamhleor na ndlíthe féimheachta agus maoine. Ar bhonn na fianaise atá ar fáil, dealraítear go bhfuil na nithe sin infheidhme go hiomlán freisin in earnáil na gceimiceán agus, dá bhrí sin earnáil an lísín. Níor tugadh aon rud le fios san imscrúdú seo a tharraingeodh amhras ar na torthaí sin.

(123) I bhfianaise an mhéid sin thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh dlíthe féimheachta agus maoine á gcur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó á bhforfheidhmiú go neamhleor in earnáil an táirge lena mbaineann.

3.2.7. *Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán: saobhadh a bheith á dhéanamh ar chostais phá*

(124) Ní féidir córas pá margadhbhunaithe a fhorbairt go hiomlán sa tSín toisc go gcuirtear bac ar oibrithe agus ar fhostóirí lena gcearta maidir le comheagrú. Níor dhaingnigh an tSín roinnt coinbhinsiúin bhunúsacha de chuid EIS, go háirithe iad siúd a bhaineann le saoirse comhlachais agus cómhargáil ([84]).

(125) Faoin dlí náisiúnta, níl ach eagraíocht cheardchumainn amháin gníomhach. Níl an eagraíocht sin neamhspleách ar na húdaráis Stáit, áfach, agus tá an obair a dhéanann sí maidir le cómhargáil agus cosaint do chearta oibrithe fós bunúsach ([85]). Thairis sin, tá soghluaisteacht lucht saothair na Síne srianta mar gheall ar chóras clárúcháin na dteaghlach, ar córas é a chuireann srian ar rochtain ar raon iomlán sochar slándála sóisialta agus sochar eile do chónaitheoirí áitiúla i limistéar áirithe riaracháin.

(126) Mar gheall air sin de ghnáth, fágtar na hoibrithe sin nach bhfuil an clárú cónaitheachta áitiúil ina seilbh acu i staid leochaileach fostaíochta agus faigheann siad ioncam níos ísle ná na sealbhóirí an chláraithe cónaitheachta ([86]). Cuireann na torthaí sin saobhadh ar chostais phá sa tSín.

(127) Níor cuireadh aon fhianaise isteach a thabharfadh le fios nach mbeadh earnáil an lísín faoi réir chóras dlí saothair na Síne ar a dtugtar tuairisc. Leis an saobhadh ar chostais phá téitear i gcion go díreach dá réir sin ar an earnáil (nuair a bhíonn an táirge lena mbaineann nó an príomhamhábhar lena tháirgeadh á mhonarú) agus go hindíreach (nuair a bhíonn rochtain ar chaipiteal nó ar ionchuir ó chuideachtaí atá faoi réir an chórais saothair chéanna sa tSín).

3.2.8. *Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán: rochtain ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó ar chaoi eile nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an stát.'*

(128) Tá an rochtain a fhaigheann gníomhairí corparáideacha ar chaipiteal sa tSín faoi réir cineálacha saofa éagsúla.

([81]) Tuarascáil Nuashonraithe – Caibidil 9, lgh. 260-261.
([82]) Tuarascáil Nuashonraithe – Caibidil 9, lgh. 257-260.
([83]) Tuarascáil Nuashonraithe – Caibidil 9, lgh. 252-254.
([84]) Tuarascáil Nuashonraithe – Caibidil 13, lgh. 360-361, 364-370.
([85]) Tuarascáil Nuashonraithe – Caibidil 13, lch. 366.
([86]) Tuarascáil Nuashonraithe – Caibidil 13, lgh. 370-373.

(129) Ar an gcéad dul síos, tá seasamh láidir ag na bainc atá faoi úinéireacht an stáit ([87]), i gcóras airgeadais na Síne, agus cuireann siad critéir seachas inmharthanacht eacnamaíoch tionscadail san áireamh le linn dóibh rochtain a dheonú ar mhaoiniú. Ar an gcaoi chéanna le fiontair neamhairgeadais faoi úinéireacht stáit, tá nasc fós ag na bainc leis an stát ní hamháin trí úinéireacht ach freisin trí chaidreamh pearsanta (is é Páirtí Cumannach na Síne go bunúsach a cheapann na feidhmeannaigh sna hinstitiúidí móra airgeadais atá faoi úinéireacht an stáit) ([88]) agus cuireann siad beartais phoiblí arna gceapadh ag Rialtas na Síne chun feidhme go tráthrialta.

(130) Agus an méid sin á dhéanamh acu, comhlíonann na bainc oibleagáid dhlíthiúil shainráite maidir lena ngnó a sheoladh i gcomhréir le riachtanais na forbartha náisiúnta, idir eacnamaíoch agus sóisialta, agus faoi threoraíocht bheartais thionsclaíocha an Stáit ([89]). Cé go n-admhaítear go dtagraítear le forálacha dlíthiúla éagsúla don ghá atá ann gnáthiompar baincéireachta agus rialacha stuamachta a urramú amhail an gá atá le hacmhainneacht creidmheasa an iasachtaí a scrúdú, tugann formhór na fianaise le fios. lena n-áirítear torthaí imscrúduithe cosanta trádála, nach bhfuil ach ról tánaisteach ag na forálacha sin maidir le cur i bhfeidhm na n-ionstraimí dlíthiúla éagsúla.

(131) Mar shampla, shoiléirigh Rialtas na Síne nach mór do Pháirtí Cumannach na Síne formhaoirseacht a dhéanamh ar chinntí príobháideacha baincéireachta tráchtála fiú agus go mbeidh siad i gcomhréir le beartais náisiúnta i gcónaí. Is é atá i gceann amháin de thrí sprioc uileghabhálacha an Stáit maidir le rialachas baincéireachta anois ceannaireacht an Pháirtí a neartú in earnáil na baincéireachta agus an árachais, lena n-áirítear i ndáil le saincheisteanna oibríochtúla agus bainistíochta ([90]). Chomh maith leis sin, ní mór a chur san áireamh anois le critéir meastóireachta feidhmíochta na mbanc tráchtála, go háirithe, an chaoi '*a bhfreastalaíonn eintitis ar na cuspóirí forbartha náisiúnta agus ar an bhfiorgheilleagar*', agus go háirithe an chaoi '*a bhfreastalaíonn siad ar thionscail straitéiseacha agus ar thionscail atá ag teacht chun cinn*' ([91]).

(132) Ina theannta sin, déantar rátálacha bannaí agus creidmheasa a shaobhadh go minic ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear an tionchar atá ag tábhacht straitéiseach an ghnólachta do Rialtas na Síne ar an measúnú riosca, agus neart aon ráthaíochta intuigthe a thugann an rialtas ([92]). Is measa fós é sin de bharr rialacha breise atá i bhfeidhm, lena ndírítear maoiniú ar earnálacha atá ainmnithe ag an rialtas mar earnálacha atáthar ag spreagadh nó atá tábhachtach ar shlí eile ([93]). Is é an toradh atá air sin, claonadh i bhfabhar iasachtaí a thabhairt d'fhiontair faoi úinéireacht stáit, do ghnólachtaí móra príobháideacha dea-nasctha agus do ghnólachtaí i bpríomhearnálacha tionsclaíocha, rud a thugann le fios nach ionann infhaighteacht agus costas caipitil do na gníomhaithe go léir ar an margadh.

(133) Ar an dara dul síos, coinníodh costais iasachtaithe íseal go saorga chun fás infheistíochta a spreagadh. Dá thoradh sin tá an iomarca úsáide á baint as infheistíocht chaipitil agus tá an toradh ar infheistíocht níos ísle ná riamh. Léirítear é sin leis an bhfás a tháinig ar ghiaráil chorparáideach in earnáil an stáit d'ainneoin titim ghéar ar bhrabúsacht, rud a thugann le fios nach leanann na sásraí atá ann sa chóras baincéireachta gnáthfhreagairtí tráchtála.

([87]) Tuarascáil Nuashonraithe – Caibidil 6, lgh. 137-140.
([88]) Tuarascáil Nuashonraithe – Caibidil 6, lgh. 146-149.
([89]) Tuarascáil Nuashonraithe – Caibidil 6, lch. 149.
([90]) Féach an *plean gníomhaíochta 3 bliana chun rialachas corparáideach na n-earnálacha baincéireachta agus árachais a fheabhsú (2020-2022)* a d'eisigh Coimisiún Rialála Baincéireachta agus Árachais na Síne ('CBIRC') an 28 Lúnasa 2020; le fáil ag: http://www.cbirc.gov.cn/cn/view/pages/ItemDetail.html?docId=925393&itemId=928 (arna rochtain an 21 Deireadh Fómhair 2024). Tugtar treoir sa Phlean '*an spiorad atá cuimsithe i bpríomhóráid an Ard-Rúnaí Xi Jinping a chur chun feidhme tuilleadh maidir le hathchóiriú rialachas corparáideach na hearnála airgeadais a chur chun cinn*'. Thairis sin, is é is aidhm do roinn II den Phlean comhtháthú orgánach cheannaireacht an Pháirtí i rialachas corparáideach a chur chun cinn: '*déanfaimid comhtháthú cheannaireacht an Pháirtí sa rialachas corparáideach a dhéanamh ar bhonn níos córasaí agus níos caighdeánaithe agus é bunaithe níos mó ar nósanna imeachta* […] *Ní mór do Choiste an Pháirtí mór-shaincheisteanna oibríochtúla agus bainistíochta a phlé sula gcinnfidh an Bord Stiúrthóirí nó an bhainistíocht shinsearach iad*'.
([91]) Féach an *Fógra maidir le modh meastóireachta feidhmíochta na mbanc tráchtála* a d'eisigh CBIRC an 15 Nollaig 2020, atá le fáil ag: http://jrs.mof.gov.cn/gongzuotongzhi/202101/t20210104_3638904.htm (arna rochtain an 21 Deireadh Fómhair 2024).
([92]) Tuarascáil Nuashonraithe – Caibidil 6, lgh. 157-158.
([93]) Tuarascáil Nuashonraithe – Caibidil 6, lgh. 150-152, 156-160, 165-171.

(134) Ar an tríú dul síos, cé gur baineadh amach léirscaoileadh sna rátaí ainmniúla úis i mí Dheireadh Fómhair 2015, níl comharthaí praghais fós ann mar thoradh ar fhórsaí an mhargaidh shaoir, ach bíonn tionchar ag saobhadh a spreagann an rialtas orthu. Maidir le sciar den iasachtú ar an ráta tagarmhairc nó faoina bhun, is ionann é agus aon trian ar a laghad de gach iasachtú ag deireadh 2018 ([94]). Thuairiscigh na meáin oifigiúla sa tSín le déanaí gur iarr Páirtí Cumannach na Síne *'ráta úis an mhargaidh le haghaidh an iasachtaithe a thabhairt síos'* ([95]). De thoradh rátaí úis a bheith íseal go saorga, bíonn tearcphraghsáil ann, agus dá bhrí sin, bíonn ró-úsáid á baint as caipiteal.

(135) Léirítear leis an bhfás foriomlán ar chreidmheas sa tSín go bhfuil cúrsaí ag dul in olcas ó thaobh a éifeachtaí a leithdháiltear caipiteal gan aon chomhartha ann go bhfuil creidmheas ag éirí níos doichte, rud lena mbeifí ag súil i dtimpeallacht mhargaidh neamhshaofa. Dá thoradh sin, tá méadú tapa tagtha ar iasachtaí neamhthuillmheacha, agus roghnaigh Rialtas na Síne roinnt uaireanta mainneachtain a sheachaint, rud a chruthaigh cuideachtaí 'zombaí' mar a thugtar orthu, nó trí úinéireacht an fhiachais a aistriú (e.g. trí chumaisc nó trí bhabhtálacha fiachais go cothromas), gan gá go mbeadh deireadh curtha le fadhb fhoriomlán an fhiachais ná go dtabharfaí aghaidh ar bhunchúiseanna an fhiachais.

(136) Go bunúsach, d'ainneoin na mbeart a rinneadh chun an margadh a léirscaoileadh, déanann saobhadh suntasach, de thoradh ról forleathan leanúnach an stáit sna margaí caipitil, difear don chóras creidmheasa chorparáidigh sa tSín. Dá bhrí sin, de thoradh na hidirghabhála substaintiúla rialtais sa chóras airgeadais, cuirtear isteach go mór ar dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal.

(137) Níor tíolacadh aon fhianaise san imscrúdú seo lenar léiríodh nach ndéanann an idirghabháil ón rialtas sa chóras airgeadais aon difear d'earnáil an táirge lena mbaineann de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, de thoradh na hidirghabhála substaintiúla rialtais sa chóras airgeadais, cuirtear isteach go mór ar dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal.

3.2.9. *An nádúr sistéamach a bhaineann leis an saobhadh ar a dtugtar tuairisc*

(138) Thug an Coimisiún dá aire gur saintréithe de gheilleagar na Síne an saobhadh a thuairiscítear sa Tuarascáil nuashonraithe. Léiríonn an fhianaise atá ar fáil go bhfuil feidhm ag fíorais agus gnéithe chóras na Síne mar a thuairiscítear thuas agus i gCuid I den Tuarascáil nuashonraithe ar fud na tíre agus ar fud earnálacha an gheilleagair. Is amhlaidh an méid sin maidir leis an tuairisc ar na tosca táirgeachta mar a leagtar amach thuas agus i gCuid II den Tuarascáil nuashonraithe.

(139) Meabhraíonn an Coimisiún go bhfuil gá le hionchuir áirithe chun an táirge lena mbaineann a tháirgeadh. Nuair a cheannaíonn táirgeoirí an táirge lena mbaineann na hionchuir sin nó nuair a dhéanann siad conarthaí lena n-aghaidh, is léir go dtagann na praghsanna a íocann siad (agus a dhéantar a thaifeadadh mar a gcuid costas) faoi lé an tsaofa shistéamaigh chéanna arna lua roimhe seo. Mar shampla, fostaíonn soláthróirí na n-ionchur lucht saothair atá faoi réir an tsaofa. Féadfaidh siad airgead a fháil ar iasacht a bheidh faoi réir shaobhadh na hearnála airgeadais/leithdháileadh an chaipitil. De bhreis air sin, tá siad faoi réir an chórais pleanála atá i bhfeidhm ar gach leibhéal rialtais agus i ngach earnáil. Tugadh tuairisc mhionsonraithe ar an saobhadh sin in aithrisí (87) go (137) thuas. Chuir an Coimisiún in iúl go bhfuil an socrú rialála is bonn leis an saobhadh sin infheidhme go ginearálta, agus táirgeoirí lísín faoi réir na rialacha sin ar an mbealach céanna le haon oibreoir eacnamaíoch eile sa tSín. Dá bhrí sin, tá tionchar díreach ag an saobhadh ar struchtúr costais an táirge lena mbaineann.

(140) Dá dheasca sin, ní hamháin nach iomchuí praghsanna díola intíre an táirge lena mbaineann lena n-úsáid de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ach déantar difear freisin do na costais ionchuir uile (lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, talamh, maoiniú, lucht saothair, etc.) toisc go ndéanann idirghabháil shubstaintiúil an rialtais difear dá bpraghasmhúnlú, mar a thuairiscítear i gCodanna I agus II den Tuarascáil atá cothrom le dáta.

(141) Go deimhin, faightear na hidirghabhálacha ón rialtas a dtugtar tuairisc orthu i ndáil le leithdháileadh caipitil, talún, saothair, fuinnimh agus amhábhar ar fud na Síne. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, nuair a chuirtear réimse tosca táirgeachta le chéile chun ionchur a tháirgeadh sa tSín, is ionchur é atá neamhchosanta ar shaobhadh suntasach. Is amhlaidh atá sé maidir leis an ionchur chuig an ionchur agus mar sin de.

([94]) ECFE (2019), Suirbhéanna Eacnamaíocha ECFE: An tSín 2019, Foilsitheoireacht ECFE, Páras. lch. 29, féach: https://doi.org/10.1787/eco_surveys-chn-2019-en (arna rochtain an 21 Deireadh Fómhair 2024).

([95]) Féach: http://www.gov.cn/xinwen/2020-04/20/content_5504241.htm (arna rochtain an 21 Deireadh Fómhair 2024).

(142) Níl aon fhianaise ná argóint dá mhalairt á cur ar aird ag an GOC ná na táirgeoirí onnmhairiúcháin san imscrúdú reatha.

3.2.10. *Argóintí ó na páirtithe leasmhara*

(143) Tráth an tionscnaimh, chuir CCCMC, Eppen agus Barentz barúlacha isteach maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. D'áitigh CCCMC *(i)* go bhfuil Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán ar neamhréir le dlí EDT agus *(ii)* nach bhfuil an líomhain maidir le saobhadh suntasach a dhéanann difear d'earnáil lísín na Síne bunaithe ar fhianaise dhearfach. Mheas Eppen freisin go raibh Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán ar neamhréir le rialacha EDT, agus dúirt sé freisin nach féidir úsáid na modheolaíochta de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a bheith ina chonclúid socraithe ón tús. Ó thaobh Barentz de, mheas sé gurb iomchuí sa chás seo praghsanna intíre sa tSín a úsáid chun a shuí an dtarlaíonn dumpáil ós rud é nár léiríodh saobhadh suntasach.

(144) Chun tacú lena chéad argóint, mhaígh CCCMC nach bhfuil an mhodheolaíocht a fhorordaítear le hAirteagal 2(6a) den bhun-Rialachán chun an gnáthluach a shuí comhoiriúnach le comhaontuithe agus dlí-eolaíocht EDT. D'áitigh CCCMC go raibh coinne leis ón 12 Nollaig 2016 i leith go gcloífeadh an tAontas le modheolaíochtaí caighdeánacha an Chomhaontaithe Frithdhumpála chun gnáthluach tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne a shuí, lena bhforordaítear úsáid phraghsanna agus chostais iarbhír tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne. Maidir le hAirteagail 2.1 nó 2.2 den Chomhaontú Frithdhumpála, chomh maith le tuarascáil an Phainéil in DS538 *an Phacastáin — BOPP Films (UAE)* agus an tuarascáil ón mBuanchomhlacht Achomhairc in DS437 *AE — Bithdhíosal (an Airgintín),* ghlac CCCMC an seasamh, cé gur féidir, in imthosca eisceachtúla, an gnáthluach a ríomh, nach mór na sonraí a bhaineann leis an gcostas táirgthe agus le costais SGA agus na brabúis a fháil i gcónaí ó na foinsí sa tír is onnmhaireoir. Ní cheadaítear le haon ní sa Chomhaontú Frithdhumpála d'údarás imscrúdúcháin, de réir CCCMC, neamhaird a thabhairt ar chostais agus ar phraghsanna an táirgeora onnmhairiúcháin (nó na cinn atá sa tír is onnmhaireoir) agus praghsanna nó tagarmharcanna a líomhnaítear a bheith neamhshaofa i dtír eile a chur ina n-ionad ar an bhforas gur ann do shaobhadh suntasach sa tír is onnmhaireoir, agus coincheap an tsaofa shuntasaigh ann nach ann dó fiú sa Chomhaontú Frithdhumpála.

(145) Ag croílár a dhara hargóint, d'easaontaigh CCCMC le breithniú an Choimisiúin san fhógra tionscnaimh go raibh fianaise leordhóthanach sa ghearán nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tSín mar gheall ar shaobhadh suntasach a dhéanann difear do phraghsanna agus do chostais den sórt sin, agus go bhfuil údar le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán dá bhrí sin. Chun tacú leis an tuairim sin, liostaigh CCCMC roinnt eilimintí agus chuir sé an méid seo a leanas isteach: *(i)* bhí tionscal an Aontais ag brath go mór ar Thuarascáil 2017, atá as dáta dar le CCCMC; *(ii)* bhí tionscal an Aontais ag brath ar imscrúduithe de chuid an Choimisiúin roimhe seo nach raibh bainteach ó thaobh ama de, a bhain le táirgí agus earnálacha an-éagsúil agus a bhí bunaithe ar fhíorais a bhí ar fáil seachas ar fhianaise dhearfach; Thagair CCCMC sa chomhthéacs sin don tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc in DS379 US — AD agus CVD (an tSín); *(iii)* chuir tionscal an Aontais fianaise ar fáil maidir le hidirghabháil shubstaintiúil rialtais atá bunaithe go príomha ar úinéireacht stáit, critéar nach bhfuil ina fhianaise leordhóthanach, i dtuairim CCCMC, ar 'rialú fóinteach', 'iontaobhas' nó 'treoir' ón rialtas; *(iv)* go raibh tionscal an Aontais ag brath ar dhoiciméid bheartais an-ghinearálta, neamhcheangailteacha, amhail an 14ú Plean Cúig Bliana; *(v)* bhí tionscal an Aontais ag brath ar dhoiciméid eile a bhí róleathan agus róghinearálta chun bheith ina bhfianaise; *(vi)* ní fóirdheontas ná aon idirghabháil rialtais sa mhargadh é neamhchur i bhfeidhm CBL 13 % ar onnmhairí. Níl mar aidhm aige ach cánachas dúbailte a sheachaint; *(vii)* eascraíonn roghanna láithreán táirgthe monaróirí lísín as gnéithe praiticiúla seachas as tosca polaitiúla nó brú ó Rialtas na Síne; *(viii)* fiú dá nglacfaí leis go raibh idirghabhálacha rialtais ann, níor chuir tionscal an Aontais fianaise ar fáil chun a chruthú gurb í an idirghabháil sin is cúis le saobhadh suntasach.

(146) Níorbh fhéidir argóintí CCCMC a ghlacadh. Maidir le comhoiriúnacht le comhaontuithe agus dlí-eolaíocht EDT, mheas an Coimisiún go bhfuil foráil Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán go hiomlán comhsheasmhach le hoibleagáidí EDT an Aontais Eorpaigh agus leis an dlí-eolaíocht a luann CCCMC. Go deimhin, mar gheall ar shaobhadh suntasach a bheith ann, níl costais agus praghsanna sa tír is onnmhaireoir iomchuí chun gnáthluach a ríomh. Sna himthosca sin, beartaítear le hAirteagal 2(6a) den bhun-Rialachán go ndéantar na costais táirgthe agus díola a ríomh ar bhonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa, lena n-áirítear na cinn i dtír ionadaíoch iomchuí ina bhfuil leibhéal forbartha mar an gcéanna leis an tír is onnmhaireoir. Mar a shoiléirigh an Comhlacht

Achomhairc go sainráite in DS473 ([96]), ceadaítear le dlí EDT sonraí ó thríú tír a úsáid, arna gcoigeartú mar is cuí nuair is gá leis an gcoigeartú sin agus nuair atá sé réasúnaithe. Mheabhraigh an Coimisiún, i ndáil leis sin, gur ón uair a chinntear nach iomchuí praghsanna agus costais sa tír is onnmhaireoir a úsáid de bharr saobhadh suntasach a bheith ann sa tír is onnmhaireoir, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, go ríomhtar an gnáthluach faoi threoir praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa i dtír ionadaíoch iomchuí, le haghaidh gach táirgeora onnmhairiúcháin i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán. Ceadaítear freisin leis an bhforáil chéanna den bhun-Rialachán úsáid a bhaint as costais intíre, más rud é go suitear go dearfach nach bhfuil siad saofa. Sa chomhthéacs sin, bhí an deis ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin fianaise a sholáthar nach ndearnadh saobhadh ar a gcostais aonair. Mar sin féin, níor cuireadh isteach aon fhianaise dheimhneach maidir le tosca táirgeachta táirgeoirí onnmhairiúcháin aonair a bheith neamhshaofa. Dá bhrí sin, bíodh is gur coinníodh taifid chuideachtaí na Síne i gcomhréir leis na prionsabail chuntasaíochta a bhfuil glactha leo go ginearálta sa tSín, nó bíodh is gur léiríodh go réasúnta leis na taifid na costais a bhí bainteach le táirgeadh agus díol an táirge faoi imscrúdú sa tSín, ní dhéanann ceachtar den dá chás sin difear don chonclúid maidir le cur i bhfeidhm na modheolaíochta faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(147) Maidir leis na maímh ar leordhóthanacht na fianaise sa ghearán, mheabhraigh an Coimisiún, mar a dheimhnigh an Chúirt Ghinearálta i *Viraj Profiles*, nach ionann cainníocht agus cáilíocht na fianaise is gá chun critéir leordhóthanacht na fianaise a chomhlíonadh chun imscrúdú a thionscnamh agus an méid is gá chun críche réamhchinneadh nó cinneadh críochnaitheach a dhéanamh maidir le dumpáil, díobháil nó nasc cúisíoch a bheith ann ([97]). Chomhlíon an gearán na caighdeáin a leagtar síos in Airteagal 5(9) den bhun-Rialachán, i gcomhar le hAirteagal 2(6a)(d). Go deimhin, mar a tugadh le fios san fhógra tionscnaimh, mheas an Coimisiún ag céim an tionscnaimh gur leor an fhianaise a bhí ann de bhun Airteagal 5(9) den bhun-Rialachán a léiríonn de ghnáth, i ngeall ar shaobhadh suntasach a dhéanann difear do phraghsanna agus do chostais, go mbeadh úsáid praghsanna agus costas intíre sa tSín míchuí, rud a d'fhág gur ghá imscrúdú a thionscnamh ar bhonn Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, chuaigh an Coimisiún ar aghaidh leis an saobhadh sin a chruthú i Ranna 3.2.2 go 3.2.9. Go deimhin, agus an méid sin á dhéanamh aige, chomhlánaigh an Coimisiún an fhianaise agus na hargóintí a chuir tionscal an Aontais i láthair lena imscrúduithe féin agus léirigh sé ar deireadh, ar bhonn na fianaise iomláine atá ar fáil, go bhfuil saobhadh suntasach ann lena dtugtar údar maith le hAirteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a úsáid chun gnáthluach a shuí.

(148) Chuir Eppen in iúl nach bhfuil aon tagairt do choincheap an tsaofa shuntasaigh in Airteagal 2.2 den Chomhaontú Frithdhumpála toisc nach dtagann sé faoi aon cheann de na catagóirí le haghaidh modhanna ríofa malartacha dá bhforáiltear san fhoráil sin. Thairis sin, d'áitigh Eppen nach bhfuil úsáid sonraí ó thír ionadaíoch iomchuí nó praghsanna idirnáisiúnta iomchuí chun gnáthluach a ríomh comhsheasmhach le hAirteagal 2.2 den Chomhaontú Frithdhumpála nach gceadaíonn ach an costas táirgthe sa tír thionscnaimh a úsáid móide méid réasúnta le haghaidh costais agus brabúis riaracháin, díola agus ghinearálta agus gnáthluachanna á ríomh. Luaigh Eppen freisin i ndáil leis sin ceanglas Airteagal 2.2.1.1 den Chomhaontú Frithdhumpála go ndéanfar costais a ríomh de ghnáth ar bhonn taifead arna gcoinneáil ag an onnmhaireoir nó ag an táirgeoir atá faoi imscrúdú, ar choinníoll go bhfuil taifid den sórt sin i gcomhréir le prionsabail chuntasaíochta na tíre is onnmhaireoir a nglactar go ginearálta leo agus go léirítear leo go réasúnta na costais a bhaineann le táirgeadh agus díolachán an táirge i gceist. Thairis sin, mheas Eppen go dtacaíonn dlí-eolaíocht EDT, eadhon DS437 *AE — Bithdhíosal (an Airgintín)* agus DS494 *Modheolaíochtaí Coigeartaithe Costas II (an Rúis)*, lena argóint maidir le neamh-chomhoiriúnacht Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán le EDT.

(149) Ní fhéadfadh an Coimisiún glacadh le hargóint Eppen ar na cúiseanna a leagtar amach thuas in aithris (146). Ina theannta sin, maidir le DS494, measadh go sonrach i dTuarascáil an Phainéil go raibh na forálacha in Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán lasmuigh de raon feidhme na díospóide. Thairis sin, chuir an Coimisiún in iúl go ndearna an tAontas agus Cónaidhm na Rúise araon achomharc i gcoinne thorthaí an Phainéil, nach críochnaitheach na torthaí sin agus, dá bhrí sin, i gcomhréir le cásdlí EDT, nach bhfuil stádas dlíthiúil acu i gcóras EDT, ós rud é nár fhormhuinigh an Comhlacht um Réiteach Díospóidí iad trí chinneadh ó Chomhaltaí EDT.

([96]) WT/DS473/AB/R - An tAontas Eorpach - Bearta Frithdhumpála maidir le Bithdhíosal ón Airgintín - AB-2016-4 - Tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc, mír 6.198.

([97]) Breithiúnas an 11 Iúil 2017, Viraj Profiles v an Chomhairle, T-67/14, EU:T:2017:481, mír 98.

(150) Chuir Barentz in iúl go ndéantar líomhaintí thionscal an Aontais maidir le saobhadh ar mhargadh an lísín sa tSín ar bhonn ginearálta, bunaithe ar thuarascálacha an Aontais roimhe sin nó ar chinntí maidir le saobhadh in earnálacha eile. Mar sin féin, chun Airteagal 2(6a) agus (6b) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm, is gá a chruthú nach toradh ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad na praghsanna intíre sa tSín, ach go bhfuil siad faoi thionchar idirghabhálacha substaintiúla ón rialtas i gcás sonrach lísín. Ní leor idirghabháil ghinearálta ó rialtas na Síne sa gheilleagar a lua. Os a choinne sin, is gá cabhracha sonracha Síneacha a chruthú don mhargadh lísín, agus an nasc idir gníomhaíochtaí an rialtais agus praghsanna lísín. Dá bhrí sin, mhol Barentz praghsanna intíre sa tSín a úsáid chun a fháil amach an dtarlaíonn dumpáil nó nach dtarlaíonn.

(151) B'éigean argóint Barentz a dhíbhe ar na cúiseanna a shonraítear cheana in aithris (147) thuas. Chuir an Coimisiún in iúl go háirithe nach ndearnadh na cinntí lena dtugtar údar le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán i bhfianaise líomhain thionscal an Aontais ach ar bhonn imscrúdú an Choimisiúin féin, mar a thuairiscítear go mionsonraithe i Ranna 3.2.2 go 3.2.9.

3.3. **Tír ionadaíoch**

3.3.1. *Barúlacha ginearálta*

(152) Bunaíodh roghnú na tíre ionadaíche ar na critéir seo a leanas de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán:

— Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an leibhéal atá sa tSín. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún tíortha a bhfuil ollioncam náisiúnta per capita acu atá cosúil leis ollioncam náisiúnta per capita atá ag an tSín ar bhonn bhunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda ([98]);

— Táirgeacht an táirge faoi imscrúdú sa tír sin;

— Infhaighteacht sonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch.

— I gcás ina raibh níos mó ná rogha fhéideartha amháin ann i ndáil le tír ionadaíoch, tugadh tús áite, i gcás inarbh iomchuí, don tír ina bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta sóisialta agus comhshaoil.

(153) Mar a mhínítear in aithrisí (44) go (46), d'eisigh an Coimisiún dhá nóta i gcomhair an chomhaid faoi na foinsí chun an gnáthluach a shuíomh: an chéad nóta faoi thosca táirgeachta an 28 Meitheamh 2024 agus an Dara Nóta faoi na tosca táirgeachta an 31 Deireadh Fómhair 2024. Sna nótaí sin, tugadh tuairisc ar na fíorais agus ar an bhfianaise is bun leis na critéir ábhartha agus tugadh aghaidh iontu freisin ar na barúlacha a fuarthas ó na páirtithe maidir leis na gnéithe sin agus maidir leis na foinsí ábhartha. Sa dara nóta maidir le tosca táirgeachta, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas go raibh sé beartaithe aige an Cholóim a úsáid mar thír ionadaíoch iomchuí sa chás seo dá mba rud é go ndeimhneofaí saobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

3.3.2. *Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an leibhéal atá sa tSín*

(154) Sa chéad nóta maidir le tosca táirgeachta, shainaithin an Coimisiún an Bhrasaíl mar an t-aon tír amháin inar comhchosúil an leibhéal forbartha eacnamaíche agus atá sa tSín de réir an Bhainc Dhomhanda i.e. aicmíonn an Banc Domhanda mar thír 'ard-mheánioncaim' í ar bhonn ollioncam náisiúnta, agus gurb eol go dtáirgtear an táirge faoi imscrúdú iontu.

(155) Fuarthas barúlacha ó Eppen agus Barentz-Agri Nutrition NV, allmhaireoir/úsáideoir de chuid an Aontais, inar mhol go n-úsáidfí an Indinéis mar thír ionadaíoch ós rud é go dtáirgeann sí agus go n-onnmhairíonn sí lísín chuig an Aontas. Tugann an Coimisiún dá aire nár bhain an Indinéis stádas tíre ard-mheánioncaim amach ach i mí Iúil 2023 agus, dá bhrí sin, nach raibh an leibhéal céanna forbartha eacnamaíche aici agus a bhí ag an tSín don tréimhse imscrúdúcháin iomlán agus, dá bhrí sin, nach bhfuil sí oiriúnach. Dá bhrí sin, diúltaíodh don togra seo.

([98]) Sonraí Oscailte an Bhainc Dhomhanda – Ard-Mheánioncam, https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income.

(156) Maidir leis an mBrasaíl, rinne an Coimisiún anailís ar allmhairí na bpríomhthosca táirgeachta isteach sa Bhrasaíl. Léiríodh san anailís ar shonraí allmhairiúcháin nach ndearna allmhairí ón tSín difear d'allmhairí na bpríomhthosca táirgeachta isteach sa Bhrasaíl.

(157) Dúirt Meihua nach tír ionadaíoch oiriúnach í an Bhrasaíl agus thug sé faoi deara neamhréireacht phraghsanna allmhairiúcháin na Brasaíle le praghsanna idirnáisiúnta. Thacaigh Eppen agus tionscal an Aontais freisin leis an tuairim nach bhfuil praghsanna allmhairiúcháin na Brasaíle ar arbhar/arbhar Indiach oiriúnach mar thagarmharcanna.

3.3.3. *Sonraí a bheith ar fáil go héasca sa tír ionadaíoch*

(158) Sa Chéad Nóta thug an Coimisiún le fios maidir leis an tír a sainaithníodh mar thír a bhfuil leibhéal eacnamaíoch comhchosúil aici leis an tSín agus ar táirgeoir lisín í freisin, i.e. an Bhrasaíl, gur ghá infhaighteacht sonraí poiblí a fhíorú tuilleadh go háirithe maidir leis na sonraí airgeadais poiblí ó tháirgeoirí an táirge atá faoi imscrúdú.

(159) Maidir le sonraí airgeadais, áfach, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún teacht ar shonraí airgeadais a bhí ar fáil go héasca le haghaidh táirgeoirí lísín sa Bhrasaíl i gcás an dá chuideachta a sainaithníodh sa chéad nóta mar tháirgeoirí lísín, eadhon Evonik Brazil agus CJ do Brazil. Maidir leis an dá tháirgeoir lísín a shainaithin tionscal an Aontais, is é sin Birla Carbon ([99]) agus QGP Quimica ([100]), rinne an Coimisiún imscrúdú breise agus tháinig sé ar an gconclúid nach raibh an táirge faoi imscrúdú á tháirgeadh ag na cuideachtaí sin agus nach raibh a bpróisis táirgthe cosúil le próiseas táirgthe lísín.

(160) D'aimsigh an Coimisiún faisnéis airgeadais maidir le cuideachta Bhrasaíleach san earnáil coipthe, Union Agro S.A.. Táirgeann an chuideachta sin leasacháin ina raibh aimíonaigéid, próitéiní agus einsímí freisin. Mar sin féin, is í 2022 an tréimhse dheireanach a bhfuil sonraí ó Union Agro S.A. ar fáil ina leith.

(161) Ós rud é nach raibh aon sonraí airgeadais ar fáil go héasca maidir le cuideachta a tháirgeann an táirge faoi imscrúdú sa Bhrasaíl don tréimhse imscrúdúcháin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhféadfaí an Bhrasaíl a mheas mar thír ionadaíoch iomchuí don imscrúdú seo.

3.3.4. *Táirgeadh táirgí sa chatagóir ghinearálta chéanna agus/nó san earnáil ghinearálta chéanna*

(162) Ós rud é nach raibh aon sonraí airgeadais ar fáil maidir le tíortha a bhfuil leibhéal forbartha eacnamaíche acu atá cosúil le leibhéal forbartha eacnamaíche na Síne agus i gcás ina dtáirgtear lísín, bhreithnigh an Coimisiún táirgeadh táirge sa chatagóir ghinearálta chéanna agus/nó san earnáil ghinearálta chéanna den táirge atá faoi imscrúdú. Sa chéad nóta, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur táirge ionadach iomchuí é aigéad citreach sa chatagóir ghinearálta chéanna agus/nó san earnáil ghinearálta chéanna le lísín d'fhonn luach neamhshaofa a shainaithint i dtír ionadaíoch a bhfuil leibhéal forbartha eacnamaíche aici atá comhchosúil le leibhéal na Síne le haghaidh na dtosca táirgeachta céanna a úsáidtear i dtáirgeadh lísín. Is táirge é aigéad citreach sa chatagóir agus san fhochatagóir ghinearálta chéanna leis an táirge faoi imscrúdú (ceimiceáin, go háirithe aigéid orgánacha a fhaightear trí choipeadh). Dála lisín, is táirge ceimiceach orgánach é aigéad citreach a tháirgtear trí choipeadh carbaihiodráití talmhaíochta. Déantar aigéad citreach agus lisín araon a tháirgeadh le próiseas coipthe lena ngabhann céimeanna rialáilte agus ina dhiaidh sin céim chriostalúcháin ([101]) agus triomú na gcriostal. Is féidir lísín agus aigéad citreach araon a dhíol i bhfoirm ábhair thirim nó i dtuaslagáin uiscí, agus is gnách go n-úsáideann na tionscail chógaisíochta agus bhia an dá tháirge.

([99]) 'Tá Birla Carbon ar cheann de na monaróirí agus na soláthraithe is mó de bhreiseáin dhubha charbóin ardcháilíochta ar fud an domhain, agus is gnó suaitheanta de chuid Ghrúpa Aditya Birla ar luach $60 billiún é... Soláthraímid punann iomlán táirgí ar fud ghráid ASTM agus speisialtachtaí dubha chun na ceanglais deiridh shonracha a chomhlíonadh ar fud na dtionscal rubair, plaisteach, bratuithe, dúch agus nideoige ar fud an domhain.' https://www.birlacarbon.com/about/.

([100]) Táirgeann agus soláthraíonn QGP Quimica táirgí ceimiceacha do na tionscail leathair, talmhaíochta agus tógála.

([101]) *Development of Amino Acid Crystallization Processes: l-Glutamic Acid* Benny Harjo, Ka Ming Ng, agus Christianto Wibowo Industrial & Engineering Chemistry Research 2007 46 (9), 2814-2822 DOI: 10.1021/ie061148f.

(163) Mheas an Coimisiún gur táirge oiriúnach den fhochatagóir chéanna é aigéad citreach, ar aigéad orgánach lag riachtanach é a mbaintear úsáid fhorleathan as sna tionscail chógaisíochta agus bhia, toisc go bhfuil na bun-amhábhair ionchuir agus tomhaltáin ábhartha chéanna i gcoiteann acu, mar aon le próisis táirgthe an-chomhchosúil. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur táirge iomchuí é aigéad citreach san fhochatagóir chéanna (aigéid orgánacha a fhaightear trí choipeadh) leis an táirge faoi imscrúdú. Dá bhrí sin, thug an Coimisiún le fios go n-úsáidfeadh sé táirgeadh aigéid chitrigh, táirge atá cosúil le lísín, chun tír ionadaíoch iomchuí a shuí chun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm. I gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, measadh go bhféadfaí a mheas go bhfuil sonraí airgeadais le haghaidh táirgeoirí aigéid chitrigh ionadaíoch freisin do tháirgeoirí onnmhairiúcháin an táirge lena mbaineann.

(164) Rinne Barentz, allmhaireoir de chuid an Aontais, agóid i gcoinne na aigéad citreach a úsáid toisc go bhfuil sé sin beartaithe mar bhia don duine, ach is breiseán beathaithe é lísín. Mhol sé glútamáit mhonasóidiam a úsáid ina ionad sin. Tugann an Coimisiún dá aire gurb í an tsaintréith is gá cosúlacht an nós imeachta táirgthe agus, ar aon chuma, go bhfuil bia agus beatha laistigh de na creataí rialála céanna maidir le hallmhairí chuig an Aontas. Dá bhrí sin, diúltaíodh don bharúil.

(165) Sainaithníodh in anailís ar an leibhéal ioncaim agus ar tháirgeadh aigéid chitrigh an Bhrasaíl, an Cholóim agus an Téalainn mar thíortha ionadaíocha féideartha a bhfuil an leibhéal céanna forbartha acu agus atá ag an tSín agus ina dtáirgtear aigéad citreach.

(166) D'aontaigh tionscal an Aontais agus Meihua le rogha shealadach na Colóime mar thír ionadaíoch, agus thug siad dá n-aire an easpa saofa agus spleáchas ar allmhairí ón tSín.

(167) Maidir leis an Téalainn, chuir an Coimisiún in iúl sa dara nóta, mar a thug Meihua dá aire freisin ina fhreagra ar an gCéad Nóta, go ndéantar praghas an arbhair a shaobhadh mar gheall ar chuóta allmhairiúcháin is infheidhme maidir le harbhar Indiach agus, anuas air sin, nach ndéantar iniúchadh ar shonraí airgeadais na cuideachta go ginearálta agus, dá bhrí sin, go meastar iad a bheith ar cháilíocht níos ísle. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún an Téalainn a eisiamh ó bhreithnithe mar thír ionadaíoch iomchuí.

(168) Maidir leis an mBrasaíl, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach ndearna allmhairí ón tSín difear d'allmhairí na bpríomhthosca táirgeachta isteach sa Bhrasaíl. Mar sin féin, bhí teorainn ó thaobh méid de le hallmhairí arbhair/arbhair Indiaigh isteach sa Bhrasaíl, an toisc tháirgeachta is tábhachtaí (FOP), toisc gur mór-onnmhaireoir arbhair/arbhair Indiaigh í an Bhrasaíl. Ar an dara dul síos, bhí praghas na n-allmhairí 15 % níos ísle ná praghas na n-onnmhairí agus thart ar 30 % níos ísle ná meánphraghas iomlán na n-allmhairí ar fud an domhain. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí an dleacht a íocadh ar phraghsanna allmhairiúcháin isteach sa Bhrasaíl a mheas mar thagarmharc iomchuí le haghaidh arbhair/arbhair Indiaigh, agus in éagmais tagarmharc don FOP is suntasaí, ní fhéadfaí an Bhrasaíl a mheas mar thír ionadaíoch oiriúnach.

(169) Maidir leis an gColóim, léiríodh san anailís chéanna freisin go bhféadfaí í a úsáid mar thír ionadaíoch iomchuí toisc go bhfuil an leibhéal eacnamaíoch céanna aici agus atá ag an tSín agus nach raibh tionchar ábhartha ag allmhairí ón tSín nó ó aon cheann de na tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar a n-allmhairí de na príomhthosca táirgeachta ([102]). Thairis sin, chuir an Coimisiún in iúl sa Chéad Nóta gur shainaithin sé táirgeoir aigéid chitrigh Sucroal a raibh a shonraí airgeadais ar fáil go héasca don tréimhse imscrúdúcháin. Thacaigh ceann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin agus tionscal an Aontais le húsáid na Colóime agus ní dhearnadh aon agóid in aghaidh úsáid Sucroal.

(170) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas leis an dara nóta go bhfuil sé beartaithe aige an Cholóim a úsáid mar thír ionadaíoch iomchuí agus Sucroal S.A. a úsáid chun praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa a aimsiú ar mhaithe leis an ngnáthluach a ríomh, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán.

(171) Iarradh ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a thabhairt ar oiriúnacht na Colóime mar thír ionadaíoch agus ar Sucroal mar tháirgeoir sa tír ionadaíoch.

([102]) Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33) ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/755/oj. Meastar le hAirteagal 2(7) den bhun-Rialachán nach féidir praghsanna intíre sna tíortha sin a úsáid chun gnáthluach a chinneadh.

(172) Mar fhreagra ar an dara nóta, thacaigh an gearánach agus Meihua le húsáid na Colóime agus Sucroal. Thug Eppen dá aire go ndearna an Coimisiún athbhreithniú idir an chéad nóta agus an dara nóta ar na sonraí airgeadais a sholáthair sé do Sucroal agus d'iarr sé míniú ar an athbhreithniú. D'iarr an chuideachta sonraí níos mionsonraithe freisin chun a áirithiú nach n-áirítear le costais oibriúcháin eile Sucroal eilimintí a asbhaintear ón bpraghas onnmhairiúcháin agus ghlanluacháil á déanamh i dtaobh leibhéal na trádála díreach ón monarcha. Maidir le sonraí Sucroal a thabhairt cothrom le dáta, thug an Coimisiún dá aire gur féidir athbhreithniú a dhéanamh ar shonraí airgeadais, mar shampla tar éis iniúchta, agus go mbunaíonn an Coimisiún a anailís ar na sonraí is cothroime le dáta agus is cruinne atá ar fáil. Chun é sin a áirithiú, d'aisghabh an Coimisiún sonraí airgeadais Sucroal ó údaráis na Colóime. Tá na sonraí atá ann i gcomhréir leis na sonraí a sholáthraítear leis an dara nóta, dá bhrí sin measann an Coimisiún gur sholáthair sé na sonraí is cothroime le dáta agus is cruinne agus, dá bhrí sin, gur tugadh aghaidh ar an mbarúil. Tugtar aghaidh ar an iarraidh maidir le miondealú ar na 'speansais oibriúcháin eile' in aithris (219) thíos.

3.3.5. *Leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil*

(173) Tar éis a shuí gurb é Meicsiceo an t-aon tír ionadaíoch iomchuí a bhí ar fáil, agus bunaithe ar na gnéithe thuasluaite uile, ní raibh aon ghá measúnú a dhéanamh ar leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil i gcomhréir leis an abairt dheireanach d'Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán.

3.3.6. *Conclúid*

(174) I bhfianaise na hanailíse thuas, chomhlíon an Cholóim na critéir a leagtar síos in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán chun go measfaí í mar thír ionadaíoch iomchuí.

3.4. **Foinsí arna n-úsáid chun costais neamhshaofa agus tagarmharcanna a bhunú**

(175) Sa chéad nóta, liostaigh an Coimisiún na tosca táirgeachta amhail ábhair, fuinneamh agus saothar a úsáideann na táirgeoirí onnmhairiúcháin i dtáirgeadh an táirge faoi imscrúdú agus d'iarr sé ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt agus faisnéis atá ar fáil go héasca a mholadh maidir le luachanna neamhshaofa le haghaidh gach ceann de na tosca táirgeachta a luaitear sa nóta sin.

(176) Ina dhiaidh sin, sa dara nóta, luaigh an Coimisiún, chun an gnáthluach a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, go n-úsáidfeadh sé Global Trade Atlas ([103]) ('GTA') chun costas neamhshaofa na n-amhábhar agus an ghuail a shuí. Luaigh an Coimisiún freisin go n-úsáidfeadh sé praghsanna leictreachais atá ar fáil go héasca ón gColóim ([104]) chun praghsanna leictreachais a chinneadh chomh maith le praghsanna gáis agus gaile (ag úsáid sonraí atá ar fáil go héasca chun an fuinneamh is gá chun gal a ghiniúint a ríomh bunaithe ar shonraí ó Rialtais na Stát Aontaithe ([105])), agus Staidreamh EIS ([106]) chun costais saothair a chinneadh.

(177) Sa dara nóta, chuir an Coimisiún in iúl do na páirtithe leasmhara freisin gur mar gheall ar an líon mór tosca táirgeachta a bhí ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte a sholáthair faisnéis iomlán agus mar gheall ar a dhiomaibhsí atá cuid de na hamhábhair i gcostas iomlán an táirgthe, rinneadh na hítimí diomaibhseacha sin a ghrúpáil faoi 'tomhaltáin'. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún in iúl go ríomhfadh sé céatadán na dtomhaltán ar chostas iomlán na n-amhábhar agus go gcuirfeadh sé an céatadán sin i bhfeidhm ar chostas athríofa na n-amhábhar agus na tagarmharcanna neamhshaofa arna suí sa tír ionadaíoch iomchuí a n-úsáid aige.

([103]) Global Trade Atlas, Le fáil ag https://connect.ihsmarkit.com/gta/home.

([104]) Féach https://www.enel.com.co/es/personas/tarifas-energia-enel-distribucion.html. I gcás gach míosa, tuairiscítear praghsanna le haghaidh Tarifas de energia electrica ($/kWh)/ Sector no residenciall/Nivel 3/Industrial con contribucion/Doble horario (lá agus oíche).

([105]) Roinn Fuinnimh na Stát Aontaithe: Benchmark the Fuel Cost of Steam Generation, Energy Tips: STEAM, Steam Tip Sheet #15 (Fact Sheet), Advanced Manufacturing Office (AMO), Energy Efficiency & Renewable Energy (EERE)

([106]) https://www.ilo.org/shinyapps/bulkexplorer51/?lang=en&segment=indicator&id=EAR_XEES_SEX_ECO_NB_Q.

3.4.1. *Tosca táirgeachta*

(178) I bhfianaise na faisnéise uile a chuir na páirtithe leasmhara isteach agus a bailíodh le linn na gcuairteanna fíorúcháin, sainaithníodh na tosca táirgeachta seo a leanas agus a bhfoinsí chun an gnáthluach a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán:

Tábla 1

Tosca táirgeachta lísín

Toisc tháirgeachta	Cód Tráchtearra	Foinsí sonraí	Luach (CNY)	Aonad tomhais
Amhábhair				
Arbhar Indiach	1005 90/ 1005 90 11	GTA	2,180 ([107])	kg
Sulfáit Amóiniam	3102 2100	GTA	1,555	kg
Aigéad hidreaclórach	2806 1000	GTA	1,399	kg
Amóinia ainidriúil	2814 1000	GTA	4,422	kg
Molás cána	1703 1000	GTA	4,603	kg
Molás eile	1703 9000	GTA	1,653	kg
Hidreaclóiríd béitín	2923 90/ 2923 9010	GTA	19,639	kg
Hiodrocsaíd sóidiam	2815 12/ 2815 1200	GTA	2,350	kg
Saothar				
Saothar	[Neamhbhainteach]	EIS	20,1	Uair Saothair
Fuinneamh				
Gual	2701 1100	GTA	1,638	Kg
Leictreachas	2716 00	Taraifí tomhaltais leictreachais de chuid an tsoláthraí sa Cholóim Enel.co ([108])	1,18	kWh
Gás nádúrtha	2711 21	Praghsanna idirnáisiúnta fuinnimh ag globalprices.com ([109])	CNY 4,28/m³ (ar bhonn CNY 0,4058 in aghaidh an kWh agus 10,55 kWh arna tháirgeadh in aghaidh an m³de ghás)	Méadar ciúbach

([107]) Praghas coigeartaithe chun préimh arbhair neamh-OGM a léiriú.
([108]) https://www.enel.com.co/es/personas/tarifas-energia-enel-distribucion.html. /
([109]) https://www.globalpetrolprices.com/natural_gas_prices/prices.com/natural_gas_prices/

Toisc tháirgeachta	Cód Tráchtearra	Foinsí sonraí	Luach (CNY)	Aonad tomhais
Gal ag 13 bhar	[Neamhbhainteach]	Praghsanna idirnáisiúnta fuinnimh ag globalprices.com ([110])	364,33 CNY/tona	Praghas 897.8 kWh (cainníocht an ghais in kWh a theastaíonn chun 1 ona gaile a tháirgeadh ag 13 bhar)
Uisce	[Neamhbhainteach]	Taraifí uisce de chuid an tsoláthraí sa Cholóim Aqueducto ([111])	15,33	Méadar ciúbach
Seachtháirge				
Ginidín arbhair Indiaigh	1104 30	GTA	Pro rata (*)	
Púdar próitéine arbhair Indiaigh	2309 90	GTA	Pro rata (*)	
Iarmhair ó mhonarú stáirse agus iarmhair chomhchosúla	2303 10	GTA	Pro rata (*)	
Bran arbhair/crotal arbhair	2302 10	GTA	Pro rata (*)	
Piocuaran gránaigh, mine agus millíní arbhair Indiaigh	1103 13	GTA	Pro rata (*)	

(*) Pro Rata: Féach Aithris (188)

(179) Chun praghsanna Pesos na Colóime (COP) a chomhshó go Yuan na Síne (CNY), d'úsáid an Coimisiún ráta comhshó 2023 COP go USD atá ar fáil ar shuíomh an Bhainc Dhomhanda agus na rátaí comhshó le haghaidh USD agus CNY atá ar fáil tríd an mBanc Ceannais Eorpach. Ba é 1 CNY = 0,001637 COP an ráta comhshó.

(180) Rinne an gearánach trácht ar éifeachtúlacht táirgeachta agus ar chainníochtaí na dtosca táirgeachta a theastaíonn. Ós rud é gur fhíoraigh an Coimisiún na cainníochtaí agus na tosca táirgeachta is gá le cuairteanna ar an láthair, úsáidfidh sé na cainníochtaí agus na FOPanna arna dtuairisciú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin agus arna bhfíorú ag an gCoimisiún chun an gnáthluach a ríomh.

(181) Chuir an Coimisiún luach le haghaidh forchostais mhonaraíochta san áireamh chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas. Chun an méid sin a shuí, d'úsáid an Coimisiún costais mhonaraíochta thuairiscithe na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte nár áiríodh sa FOP aonair thuas, amhail dímheas, costas le haghaidh rialú cáilíochta, agus costais chothabhála. Áirítear leis na costais sin an costas le haghaidh an mhiocrorgánaigh a úsáidtear sa choipeadh.

([110]) https://www.globalpetrolprices.com/natural_gas_prices/prices.com/natural_gas_prices/
([111]) https://www.acueducto.com.co.

(182) Tógadh méideanna na gcostas sin as freagraí i gceistneoir na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin. Sloinneadh an méid nua le haghaidh forchostais mhonaraíochta mar chéatadán de na costais mhonaraíochta arna dtuairisciú agus cuireadh i bhfeidhm é ar na costais mhonaraíochta athríofa.

3.4.2. *Amhábhair*

(183) Chun praghas neamhshaofa na n-amhábhar mar a dhéantar iad a sheachadadh ag geata táirgeora de chuid na tíre ionadaíche a shuí, d'úsáid an Coimisiún an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe chuig an gColóim mar a thuairiscítear in GTA mar bhonn agus cuireadh dleachtanna allmhairiúcháin leis. Cinneadh an praghas allmhairiúcháin sa tír ionadaíoch mar mheán ualaithe phraghsanna aonaid na n-allmhairí ó gach tríú tír seachas an tSín agus tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn 1 de Rialachán (AE) 2015/755. ([112]) Measadh go raibh na cainníochtaí a bhí fágtha ionadaíoch. Chinn an Coimisiún na hallmhairí ón tSín isteach sa tír ionadaíoch a chur as an áireamh toisc gur tháinig sé ar an gconclúid i roinn 3.2 thuas nach iomchuí praghsanna agus costais intíre sa tSín a úsáid toisc go bhfuil saobhadh suntasach ann i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. De bhrí nach bhfuil aon fhianaise ann a léiríonn nach mar an gcéanna an tionchar a imríonn an saobhadh céanna ar tháirgí a bhfuil sé beartaithe iad a onnmhairiú, mheas an Coimisiún gur imir an saobhadh céanna tionchar ar phraghsanna onnmhairiúcháin.

(184) Is de chineál neamh-OGM é an t-arbhar a úsáidtear chun lísín a tháirgeadh sa tSín. Thug an gearánach dá aire ina fhreagra ar an dara nóta go n-allmhairíonn an Cholóim arbhar ó na Stáit Aontaithe agus ón mBrasaíl den chuid is mó, áit a bhfuil rátaí glactha GM ard. Gearrtar costas sa bhreis ar arbhar neamh-GMO vis-à-vis arbhar GMO mar gheall ar -i measc cúiseanna eile — táirgeacht níos ísle, agus costais táirgthe agus comhlíonta níos airde. Dá bhrí sin, cuireadh praghas an arbhair a allmhairíodh go dtí an Cholóim in oiriúint chun an difríocht sa phraghas a léiriú. Ba iad na sonraí a úsáideadh an phréimh a bronnadh ar arbhar neamh-GMO i margadh na SA a fuarthas ó shuíomh Fastmarkets.com.

(185) Maidir le gual, aigéad hidreaclórach agus molás eile, bhí cainníochtaí allmhairithe isteach sa Cholóim teoranta. Dá bhrí sin, measadh go raibh praghsanna a suíodh ar bhonn allmhairí neamhionadaíoch. Chun tagarmharc a bhunú le haghaidh na dtosca táirgeachta sin, d'úsáid an Coimisiún meán ualaithe phraghsanna aonaid na n-allmhairí de thionscnamh gach tíre seachas an tSín agus tíortha nach liostaítear in Iarscríbhinn 1 de Rialachán (AE) 2015/755, mar a thuairiscítear in GTA agus an domhan mar chomhpháirtí acu. I dTábla 1, ní thuairiscítear aon tagarmharc le haghaidh aigéad sulfarach a liostaíodh sa Dara Nóta toisc nach raibh an t-amhábhar sin á úsáid ag táirgeoirí onnmhairiúcháin ina bpróisis.

(186) I gcás roinnt de na tosca táirgeachta, bhí sciar diomaibhseach de na costais amhábhar iomlána sa tréimhse imscrúdúcháin i gceist leis na costais iarbhír arna dtabhú ag na táirgeoirí allmhairiúcháin comhoibríocha. Ós rud é nach raibh aon tionchar suntasach ag an luach a úsáideadh dóibh siúd ar na ríomhanna maidir leis an gcorrlach dumpála, gan beann ar an bhfoinse a úsáideadh, chinn an Coimisiún na costais sin a áireamh le tomhaltáin. Tar éis an Dara Nóta, giorraíodh liosta FOP a thuilleadh mar gheall ar rannchuidiú diomaibhseach roinnt ábhar leis an gcostas táirgthe agus mar gheall ar easpa praghsanna allmhairiúcháin isteach sa Cholóim ó GTA. Dá bhrí sin, cuireadh luachanna an ábhair pacáistíochta, an tuaslagáin uiscí amóinia agus an aeir chomhbhrúite le luach na dtomhaltán freisin.

3.4.3. *Seachtháirgí*

(187) Rinne an Coimisiún anailís ar chleachtais chuntasaíochta na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin Síneacha sampláilte a bhaineann le seachtháirgí agus rinne sé taighde ar na praghsanna a bhí ar fáil dóibh. Is iad na príomhchatagóirí seachtháirgí a thuairiscítear na seachtháirgí sin a eascraíonn as cóireáil arbhair chun glúcós a tháirgeadh, e.g. ginidín arbhair, min arbhair, crotal arbhair. Rinne an gearánach trácht agus chuir sé fianaise ar fáil go bhfuil saintréithe agus úsáidí na dtáirgí a áirítear faoi na catagóirí fotháirgí sin an-éagsúil, rud a léirítear ansin in éagsúlacht na bpraghsanna. Tá praghsanna na dtáirgí sin nasctha go díreach le praghas an arbhair óna dtáirgtear iad.

([112]) Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33). Meastar le hAirteagal 2(7) den bhun-Rialachán nach féidir praghsanna intíre sna tíortha sin a úsáid chun gnáthluach a chinneadh.

(188) Dá réir sin, maidir leis na seachtháirgí sin in éagmais aon sonraí eile a bheith ar fáil, ghlac an Coimisiún an cóimheas idir an praghas sa tSín ar an seachtháirge go sealadach i gcomparáid leis an bpraghas sa tSín ar arbhar arna thuairisciú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte. Cuireadh an cóimheas sin i bhfeidhm ina dhiaidh sin maidir leis an bpraghas arbhar sa Cholóim, mar a dhíorthaítear ó GTA chun tagarmharc na seachtháirgí sin a ríomh.

3.4.4. *Saothar*

(189) Foilsíonn an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair faisnéis mhionsonraithe maidir le pá in earnálacha difriúla den gheilleagar sa Cholóim. D'úsáid an Coimisiún na sonraí deireanacha a bhí ar fáil go poiblí ó staidreamh EIS ([113]) chun an pá san earnáil tionscail sa Cholóim a chinneadh. Rinneadh an meánluach míosúil sa tréimhse imscrúdúcháin a choigeartú go hiomchuí i gcás ranníocaíochtaí eile tríd an tslándáil shóisialta arna híoc ag an bhfostóir, lena n-áirítear cáin phinsin agus riosca ghairmiúil, a chur leis: 12 % mar ranníocaíocht fostóra leis an gciste pinsin, 8.5 % i gcás árachais sláinte, agus 6.5 % i gcás cánacha párolla ([114]) ([115]). Is é 20.1 CNY/uair oibre an meánchostas saothair in aghaidh na huaire an chloig in aghaidh FTE.

(190) Mhaígh táirgeoir onnmhairiúcháin nach bhfuil an ranníocaíocht dlúthpháirtíochta a shonraítear sa dara nóta infheidhme maidir le fostóirí agus nach bhfuil an ranníocaíocht 8.5 % don tsláinte agus an cháin phárolla 4-9 % infheidhme ach amháin i gcás ina sáraíonn tuarastail fostaithe 10 bpá íosta míosúla.

(191) Ós rud é go sáraíonn an meánphá míosúil sa tionscal an t-íosphá míosúil do 2023 sa Cholóim (1 160 000 COP móide 140 000 COP le haghaidh táillí iompair) tá na ranníocaíochtaí sláinte agus cánach párolla infheidhme agus diúltaíodh don mhaíomh.

(192) Mhaígh an táirgeoir céanna freisin gurbh é 39,3 uair an chloig an meánlíon uaireanta seachtainiúla sa Cholóim le linn na tréimhse imscrúdúcháin ([116]). Ghlac an Coimisiún leis an maíomh sin agus níor cuireadh an ranníocaíocht dlúthpháirtíochta san áireamh sna ríomhanna agus rinneadh na meánuaireanta seachtainiúla a úsáideadh a oiriúnú go 39.3 uair an chloig in aghaidh na seachtaine.

3.4.5. *Leictreachas*

(193) D'úsáid an Coimisiún rátaí praghsanna leictreachais ábhartha d'úsáideoirí tionsclaíocha arna bhfoilsiú ag Enel ([117]) mórsholáthraí leictreachais sa Cholóim, ar a shuíomh gréasáin.

(194) Thug táirgeoir onnmhairiúcháin dá aire go bhfuil an leictreachas a úsáideann monarchana na Síne ag voltas níos airde ná an voltas a chomhfhreagraíonn do Nivel 2 ([118]) don tionscal sa Cholóim. Dá réir sin, rinne an Coimisiún an tagarmharc a oiriúnú chun praghsanna Nivel 3 a léiriú. Níor cuireadh aon mhuirir bhreise leis toisc go gcumhdaítear na speansais uile leis an bpraghas a tuairiscíodh. Ba é an praghas in aghaidh an kWh a tógadh ón bhfoinse seo CNY 1,18.

3.4.6. *Gás nádúrtha*

(195) D'úsáid an Coimisiún praghas an gháis le haghaidh gnólachtaí sa Cholóim arna fhoilsiú ag GlobalPetroPrices ([119]) ar a shuíomh gréasáin. D'úsáid an Coimisiún meánphraghas an gháis nádúrtha le haghaidh gnólachtaí sa Cholóim in 2023 (i.e. EUR 53 in aghaidh an MWh nó CNY 405,8 in aghaidh an MWh). Tá gach cáin agus gach táille, agus gach comhpháirt eile, de chuid an bhille gáis san áireamh sna rátaí sin. Tugtar faoi deara go bhfuil 1 m^3 de ghás nádúrtha ≈ 10,55 kWh. Dá bhrí sin, is é costas ainmniúil méadair chiúbaigh amháin de ghás nádúrtha CNY 4,281 in aghaidh an mhéadair chiúbaigh.

([113]) ILOSTAT Data Explorer Meántuilleamh míosúil ainmniúil fostaithe de réir gnéis agus gníomhaíochta eacnamaíche — Tionscal na hEarnála.

([114]) https://www.dlapiperintelligence.com/goingglobal/tax/index.html?t=19-employment-taxes.

([115]) https://taxsummaries.pwc.com/colombia/individual/other-taxes;https://actualicese.com/cuanto-le-cuesta-a-un-empleador-la-contratacion-de-un-trabajador-que-devengue-un-salario-minimo/.

([116]) Féach an tacar sonraí 'Mean weekly hours actually worked per employed person by sex and economic activity' [Meánuaireanta seachtainiúla a oibríodh go hiarbhír in aghaidh an duine fhostaithe de réir gnéis agus gníomhaíochta eacnamaíche] — ISIC Leibhéal 2 — Bliantúil', https://rshiny.ilo.org/dataexplorer54/?lang=en&segment=indicator&id=EAP_2WAP_SEX_AGE_RT_A.

([117]) Féach https://www.enel.com.co/es/personas/tarifas-energia-enel-distribucion.html. I gcás gach míosa, tuairiscítear praghsanna le haghaidh Tarifas de energia electrica ($/kWh)/ Sector no residenciall/Nivel 2/Industrial sin contribucion/Doble horario (lá agus oíche).

([118]) https://www.enel.com.co/content/dam/enel-co/espa%C3%B1ol/2-1-6-normas-tecnicas/otros-documentos/NIVELES%20DE%20TENSI%C3%93N.pdf
NIVELES DE TENSIÓN DE CONEXIÓN PARA CARGAS DE CLIENTES..

([119]) https://www.globalpetrolprices.com/natural_gas_prices/

3.4.7. *Gal*

(196) Cinneadh costas gaile trí úsáid a bhaint as costas an gháis nádúrtha arna shloinneadh mar kWh agus cainníocht an gháis arna shloinneadh mar kWh is gá chun 1 ona gaile a tháirgeadh. Ina bhfreagairt ar an dara nóta, thug tionscal an Aontais dá aire nár chuir an Coimisiún san áireamh sa ríomh le haghaidh gaile a áirítear sa dara nóta gurb é 13 bhar an brú gaile a úsáidtear chun lísín a tháirgeadh. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún san áireamh rátaí comhshó fuinnimh ([120]) a aithnítear go ginearálta chun a ríomh go bhfuil gá le 897.8 kWh chun ona amháin uisce a thiontú go gal ag 13 bhar. Is ionann sin agus 85.1 m^3 den ghás nádúrtha a theastaíonn chun 1 ona gaile a tháirgeadh. Toisc gurb é costas an gháis nádúrthaCNY 405,8 in aghaidh an MWh, is é an costas a bhaineann le 1 tonna gaile a tháirgeadh ag 13 bhar CNY 364,33.

3.4.8. *Uisce*

(197) Cinneadh costas an uisce ar bhonn chostas an uisce ó sholáthraí uisce de chuid na Colóime ([121]), agus costais athraitheacha in aghaidh an m^3 agus costais sheasta arna ndáileadh idir cainníochtaí an tomhaltais uisce á gcur san áireamh. D'iarr onnmhaireoir nach n-úsáidfí ach na 'tariffas por consume'. Mar sin féin, tá praghsanna seasta, d'ainneoin ranníocaíocht an-bheag a dhéanamh, mar chuid de na costais sheasta le haghaidh uisce sa Cholóim, agus dá bhrí sin diúltaíodh don bharúil.

3.4.9. *Forchostais mhonaraíochta, costais SGA, brabúis agus dímheas*

(198) De réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, '*[á]ireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús*'. Ina theannta sin, ní mór luach le haghaidh na bhforchostas monaraíochta a shuí chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas.

(199) D'úsáid an Coimisiún na sonraí 2023 is déanaí a bhí ar fáil le haghaidh na cuideachta Colóime Sucroal S.A. mar bhonn chun costais SGA agus na rátaí brabúis a shuí chun an gnáthluach a ríomh. Ós rud é gur tugadh na sonraí a baineadh as Orbis agus a tuairiscíodh sa dara nóta cothrom le dáta, agus chun a áirithiú go raibh na ríomhanna bunaithe ar na sonraí is déanaí a bhí ar fáil, fuair an Coimisiún na sonraí airgeadais is déanaí ó údaráis na Colóime ([122]) agus úsáidfidh sé na sonraí sin le haghaidh na ríomhanna.

(200) Mheas an Coimisiún go n-eascródh méideanna le haghaidh costais SGA, agus le haghaidh brabúis de réir bhrí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, ar méideanna iad atá réasúnach do leibhéal na trádála díreach ón monarcha as na rátaí a suíodh amhlaidh.

(201) D'iarr Meihua, táirgeoir onnmhairiúcháin, gur cheart an glanbhrabús a úsáid seachas an brabús roimh cháin. Mhaígh sé go léireodh an glanbhrabús fíorstaid airgeadais na cuideachta sa tír ionadaíoch ar bhealach níos cruinne. Ós rud é go dtugann an brabús roimh cháin léargas ar an éifeachtúlacht oibríochtúil, cé go bhfuil an glanbhrabús ag brath ar imthosca cánach iarbhír na Colóime agus dá bhrí sin nach bhfuil sé inaistrithe chuig na coinníollacha cánach sa tSín, measann an Coimisiún go bhfuil sé réasúnta an brabús roimh cháin a úsáid chun an gnáthluach a ríomh. Mhaígh Meihua freisin, ós rud é go n-áiríonn an Coimisiún tionchar na gcánacha, e.g. agus costas saothair á ríomh, gur cóir tionchar na gcánacha a áireamh sa mheasúnú ar fheidhmíocht airgeadais na cuideachta sa tír ionadaíoch. Tugann an Coimisiún dá aire go n-úsáidtear an brabús chun an praghas díreach ón monarcha a ríomh agus chun é a chur i gcomparáid leis an bpraghas onnmhairiúcháin nach n-áirítear de riachtanas leis tionchar na gcánacha toisc go bhforchuirtear iad sin ag deireadh na bliana fioscaí. Dá bhrí sin, dá gcuirfí an glanbhrabús seachas an brabús réamhchánach san áireamh, chruthófaí éagothroime. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

([120]) Tagarmharcáil an Costas Breosla Giniúna Gaile. Le fáil aghttps://www.energy.gov/eere/amo/articles/benchmark-fuel-cost-steam-generation(arna rochtain go deireanach an 19 Samhain 2024).

([121]) https://www.acueducto.com.co.

([122]) Is comhlacht oifigiúil é Supersociedades atá nasctha le hAireacht Tráchtála, Tionscail agus Turasóireachta na Colóime, mar a luaitear in https://www.supersociedades.gov.co/web/nuestra-entidad.

(202) Thug Eppen agus Meihua araon dá n-aire go n-áirítear ‘costais oibriúcháin eile’ sna sonraí a sholáthair Sucroal agus d’iarr siad go soláthrófaí sonraí níos mionsonraithe chun a áirithiú nach n-áirítear leo sin costais amhail costais lastais, láimhseála, árachais agus baincéireachta a eisiatar le linn ríomh an phraghais onnmhairiúcháin díreach ón monarcha. Léiríonn na sonraí airgeadais is déanaí ó Sucroal a fuarthas ó údaráis na Colóime mar a mhínítear in aithris (199) go gcumhdaítear leis na ‘costais oibriúcháin eile’ ‘costais dáileacháin’, ‘costais riaracháin’ agus ‘costais eile’. Ní raibh aon mhiondealú breise ar fáil go héasca le haghaidh chostais SGA Sucroal.

(203) Sloinneadh na forchostais mhonaraíochta arna dtabhú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte mar sciar de chostais na monaraíochta arna dtabhú iarbhír ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin sin. Cuireadh an céatadán sin i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa na monaraíochta.

3.5. **Ríomh**

(204) Ar bhonn a bhfuil thuas, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(205) Ar an gcéad dul síos, shuigh an Coimisiún na costais mhonaraíochta neamhshaofa. Chuir an Coimisiún na costais aonaid neamhshaofa i bhfeidhm ar thomhaltas iarbhír thosca aonair táirgeachta na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte. D’fhíoraigh an Coimisiún na rátaí tomhaltais sin a sholáthair an t-iarratasóir le linn an fhíorúcháin. D’iolraigh an Coimisiún na tosca úsáide faoi na costais neamhshaofa in aghaidh an aonaid a fuarthas sa tír ionadaíoch mar a shonraítear i Roinn 3.4.

(206) Chun teacht ar na costais táirgthe neamhshaofa, chuir an Coimisiún forchostais mhonaraíochta leis an gcostas monaraíochta neamhshaofa ar dtús, ar bhonn an chóimheasa idir forchostais mhonaraíochta agus costais ábhair mar a thuairiscigh gach monaróir.

(207) Ina dhiaidh sin, chuir an Coimisiún rátaí i bhfeidhm maidir le costais SGA agus brabús mar a thuairiscítear i Roinn 3.4.9). Cinneadh an méid sin ar bhonn ráitis airgeadais Sucroal mar a mhínítear in aithris (199).

(208) Chuir an Coimisiún costais SGA agus brabús Sucroal S.A. i bhfeidhm ar na costais táirgthe a suíodh mar a shonraítear san aithris roimhe seo. Ba é 23,3 % méid na gcostas SGA arna shloinneadh mar chéatadán de chostais na n-earraí a díoladh agus arna chur i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa an táirgthe. Ba é 9,5 % an brabús arna shloinneadh mar chéatadán de chostais na n-earraí a díoladh agus arna chur i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa an táirgthe.

3.6. **An praghas onnmhairiúcháin**

(209) D’onnmhairigh táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte amháin isteach san Aontas go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha. Rinne an ceann eile onnmhairí áirithe trí chuideachta chomhlachaithe a bhí ag gníomhú mar allmhaireoir.

(210) I gcás onnmhairí an táirge lena mbaineann go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha san Aontas, ba é an praghas onnmhairiúcháin an praghas a íocadh iarbhír nó a bhí iníoctha le haghaidh an táirge lena mbaineann nuair a díoladh é lena onnmhairiú leis an Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.

(211) I gcás onnmhairí an táirge lena mbaineann ó tháirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte amháin chuig an Aontas trí chuideachta chomhlachaithe a bhí ag gníomhú mar allmhaireoirí, suíodh an praghas onnmhairiúcháin ar bhonn an phraghais ar ar athdhíoladh an táirge allmhairithe den chéad uair le custaiméirí neamhspleácha san Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(9) den bhun-Rialachán. Sa chás sin, rinneadh coigeartuithe ar an bpraghas de réir gach costais a tabhaíodh idir allmhairiú agus athdhíol, lena n-áirítear costais SGA, agus de réir na mbrabús a fabhraíodh.

(212) I bhfianaise na heaspa faisnéise maidir le brabús ó allmhaireoirí neamhspleácha comhoibríocha, bhí an Coimisiún ag brath go sealadach ar an mbrabús ar an leibhéal 6,89 % a measadh a bheith réasúnach in imscrúdú roimhe seo maidir le hallmhairí alcóil polaivinile áirithe de thionscnamh na Síne ([123]). Go deimhin, san imeacht reatha níor thuairiscigh ach allmhaireoir comhoibríoch amháin brabús ina dhíolacháin den táirge lena mbaineann. Mar thoradh air sin, níorbh fhéidir brabús an allmhaireora chomhoibríoch a úsáid agus cineál rúnda a chuid sonraí á chaomhnú an tráth céanna. Dá bhrí sin, measadh go raibh an leibhéal brabúis 6,89 % réasúnta, toisc gur réadaigh allmhaireoirí neamhchomhlachaithe a raibh baint acu le trádáil táirgí ceimiceacha é.

3.7. **Comparáid**

(213) Ceanglaítear le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán ar an gCoimisiún comparáid chothrom a dhéanamh idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin ar an leibhéal céanna trádála agus chun lamháltas a dhéanamh i leith difríochtaí i dtosca a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna. Sa chás sin, roghnaigh an Coimisiún comparáid a dhéanamh idir an gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ar bhonn leibhéal na trádála *díreach ón monarcha*. Mar a mhínítear a thuilleadh thíos, i gcás inarb iomchuí, rinneadh an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin a choigeartú chun: (i) iad a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal *díreach ón monarcha*; agus (ii) lamháltas a dhéanamh i leith difríochtaí i dtosca a maíodh agus a léiríodh chun difear a dhéanamh do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna.

3.7.1. *Coigeartuithe a rinneadh ar an ngnáthluach*

(214) Mar a mhínítear in aithris (204), suíodh an gnáthluach ar leibhéal na trádála *díreach ón monarcha* trí úsáid a bhaint as costais táirgthe mar aon le méideanna le haghaidh costais SGA agus brabúis, a measadh a bheith réasúnta don leibhéal trádála sin. Dá bhrí sin, ní raibh gá le coigeartuithe chun an gnáthluach a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal *díreach ón monarcha*.

(215) Níor aimsigh an Coimisiún aon chúis le haon lamháltas a dhéanamh i leith an ghnáthluacha, ná níor éiligh aon cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte lamháltais den sórt sin.

3.7.2. *Coigeartuithe a rinneadh ar an bpraghas onnmhairiúcháin*

(216) Chun an praghas onnmhairiúcháin a ghlanluacháil ar ais go dtí leibhéal na trádála díreach ón monarcha, rinneadh coigeartuithe mar gheall ar iompar, árachas, láimhseáil agus lódáil chomh maith le pacáil.

(217) Cuireadh san áireamh na tosca seo a leanas a rinne difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna: costais chreidmheasa agus táillí bainc.

(218) Thairis sin, sna cásanna sin inar díoladh na táirgí ón táirgeoir le cuideachtaí eile sa ghrúpa céanna agus inar onnmhairíodh ansin chuig an Aontas iad, rinneadh coigeartuithe, de bhun Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán maidir leis an marcáil suas a fuair na trádálaithe gaolmhara, nuair a measadh gur chomhlíon na trádálaithe feidhmeanna atá comhchosúil le feidhmeanna gníomhaire atá ag obair ar bhonn coimisiúin. Ríomhadh an mharcáil suas mar chostais SGA agus brabúis fhabhraithe a chur leis. Bhí na costais SGA bunaithe ar na sonraí a sholáthair na trádálaithe comhlachaithe, ach ba é 6,89 % an brabús a úsáideadh, mar a mhínítear in aithris (212) thuas.

(219) D'iarr táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte, trí thagairt a dhéanamh do rialú a thug an Chúirt Ghinearálta le déanaí, ([124]) gur cheart an cóimheas SGA de Sucroal a choigeartú chun catagóir áirithe de chostais díola, ghinearálta agus riaracháin a eisiamh a d'fhéadfaí a áireamh laistigh dá phraghas onnmhairiúcháin féin, nuair a dhéantar an chomparáid ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha. Mhaígh sé freisin, mura féidir leis an gCoimisiún na speansais sin a shainaithint sa chatagóir 'Speansais oibriúcháin eile' d'fhaisnéis airgeadais Sucroal, gur cheart dó staonadh ó aon choigeartú a dhéanamh ar a phraghas onnmhairiúcháin chun costais SGA atá mar chuid den phraghas onnmhairiúcháin a bhaint. Mar a mhínítear in aithris (213), roghnaigh an Coimisiún comparáid a dhéanamh idir an praghas onnmhairiúcháin agus an gnáthluach ar leibhéal trádála díreach ón monarcha. Mar a mhínítear in aithris (204), suíodh an gnáthluach ar leibhéal na trádála díreach ón monarcha trí úsáid a bhaint as costais táirgthe mar aon le méideanna le haghaidh costais SGA agus brabúis, a measadh a bheith réasúnta don leibhéal trádála sin. Dá bhrí sin, ní raibh gá le haon choigeartú chun an gnáthluach a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal na díreach ón monarcha.

([123]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1336 ón gCoimisiún an 25 Meán Fómhair 2020 lena bhforchuirtear dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí alcól polaivinile áirithe de thionscnamh na Síne, aithris 352. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1336/oj.

([124]) Cás T-762/20, Sinopec Chongqing SVW Chemical agus Eile v An Coimisiún, EU:T:2024:113, míreanna 126-139.

(220) Ina breithiúnas in *CCCME* ([125]) a tháinig i ndiaidh an bhreithiúnais in *Sinopec,* mheabhraigh an Chúirt Ghinearálta ar dtús, i gcomhréir leis an gcásdlí, má mhaíonn páirtí coigeartuithe faoi Airteagal 2(10) den bhun-Rialachán chun an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin a dhéanamh inchomparáide chun an corrlach dumpála a chinneadh, nach mór don pháirtí sin a chruthú go bhfuil údar lena mhaíomh. Is orthu siúd ar mian leo brath ar na coigeartuithe sonracha a liostaítear in Airteagal 2(10)(a) go (k) den bhun-Rialachán atá an dualgas a chruthú nach mór na coigeartuithe sin a dhéanamh ([126]). Dá bhrí sin, sa chás sin, mar atá san imscrúdú seo, ba faoi na páirtithe leasmhara a bhí sé, i gcomhréir leis an gcásdlí sin, an gá atá leis an gcoigeartú a iarradh a léiriú mar thaca le fianaise a thug siad ar aird le linn an imscrúdaithe ([127]).

(221) Chinn an Chúirt Ghinearálta ansin gur cheart a thabhairt faoi deara, cé go bhféadfadh an cleachtas maidir le coigeartuithe a dhéanamh a bheith riachtanach, faoi Airteagal 2(10) den bhun-Rialachán, chun difríochtaí idir an praghas onnmhairiúcháin agus an gnáthluach a dhéanann difear dá n-inchomparáideacht a chur san áireamh, nach féidir asbhaintí den sórt sin a dhéanamh i ndáil le luach a ríomhadh agus nach fíorluach é dá bhrí sin. De ghnáth, ní bhíonn tionchar ag tosca a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'inchomparáideacht an luacha ar an luach féin, toisc gur bunaíodh go saorga é ([128]). Thairis sin, mar a tharla i gcás CCCME, sa chás atá idir lámha, áiríodh le ríomh an ghnáthluacha in aghaidh an chineáil táirge ar bhonn 'díreach ón monarcha' méid réasúnta le haghaidh costais SGA agus ní raibh aon fhaisnéis ar fáil a léirigh gur áiríodh na speansais atá i gceist i gcostais SGA Sucroal lena mbaineann. Dá bhrí sin, i bhfianaise dhiscréid an Choimisiúin i gcur i bhfeidhm Airteagal 2(10) den bhun-Rialachán, ([129]) chloígh cur chuige an Choimisiúin leis an gcásdlí is déanaí a bhaineann le maímh gan bhunús go bhfuil costais iompair san áireamh i gcostais SGA a úsáidtear chun an gnáthluach a ríomh faoi Airteagal 2(6a)(a), ar costais iad a mheasann an Coimisiún a bheith réasúnach le haghaidh leibhéal na trádála díreach ón monarcha.

(222) Ar deireadh, agus go neamhspleách ar bhreithiúnas CCCME, leis an réiteach atá beartaithe go gcoinneofaí na hítimí costais ábhartha ar bun sa phraghas onnmhairiúcháin, ní thabharfaí aghaidh ar an tsaincheist a shainaithin an táirgeoir onnmhairiúcháin. Fiú más rud é go raibh na hítimí costais ábhartha i gcostais SGA Sucroal (agus nár léiríodh é sin) tá sé beagnach dodhéanta go mbeadh luach na n-ítimí sin inchomparáide le luach na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte. Dá bhrí sin, dá mbainfí iad, ní thabharfaí aghaidh ar an neamhshiméadracht a mhaítear idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

3.8. **Corrlaigh dhumpála**

(223) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte, rinne an Coimisiún comparáid idir meánghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe a bhaineann le cineál comhfhreagrach an táirge ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.

(224) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla, ríomh an Coimisiún an meánchorrlach dumpála ualaithe, i gcomhréir le hAirteagal 9(6) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, bunaíodh an corrlach ar bhonn chorrlaigh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte.

(225) Maidir le gach táirgeoir onnmhairiúcháin eile i sa tSín, shuigh an Coimisiún an corrlach dumpála ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Chuige sin, chinn an Coimisiún leibhéal comhair na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin. Is éard atá sa leibhéal comhair méid onnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha chuig an Aontas arna shloinneadh ina chion den mhéid allmhairí iomlán ón tír lena mbaineann chuig an Aontas le linn an tréimhse imscrúdúcháin, allmhairí a suíodh ar bhonn sonraí san fhoirm samplála arna dtuairisciú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin neamhshampláilte, agus sonraí fíoraithe sna freagraí ar an gceistneoir ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte.

([125]) Breithiúnas an 2 Deireadh Fómhair 2024, *CCCME agus Eile v an Coimisiún*, T-263/22, EU:T:2024:663, .
([126]) Breithiúnas an 2 Deireadh Fómhair 2024, *CCCME agus Eile v an Coimisiún*, T-263/22, EU:T:2024:663, mír 183.
([127]) Breithiúnas an 2 Deireadh Fómhair 2024, *CCCME agus Eile v an Coimisiún*, T-263/22, EU:T:2024:663, mír 185.
([128]) Breithiúnas an 2 Deireadh Fómhair 2024, *CCCME agus Eile v an Coimisiún*, T-263/22, EU:T:2024:663, mír 188.
([129]) Breithiúnas an 2 Deireadh Fómhair 2024, *CCCME agus Eile v an Coimisiún*, T-263/22, EU:T:2024:663, mír 184.

(226) Measadh go raibh an leibhéal comhair sa chás seo ard toisc gurbh ionann onnmhairí iomlána na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha, sampláilte agus neamhshampláilte, agus iomlán na n-allmhairí le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(227) Ar an mbonn sin, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí an corrlach dumpála a shuí do gach táirgeoir onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríoch ar leibhéal na cuideachta sampláilte a bhfuil an corrlach dumpála is airde aici.

(228) Ar an mbonn sin, is iad seo a leanas na meánchorrlaigh dhumpála ualaithe shealadacha arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorann an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach (%)
Meihua Group: — Jilin Meihua Amino Acid Co., Ltd — Xinjiang Meihua Amino Acid Co., Ltd — Meihua Holdings Group., Ltd — Meihua International Trading (Hong Kong) Limited	84,8
Eppen Group: — Heilongjiang Eppen Biotech Co., Ltd — Eppen Asia Pte. Ltd..	58,3
Cuideachtaí comhoibríocha eile	71,6
Na hallmhairí uile eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne	84,8

4. DÍOBHÁIL

4.1. Sainiú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais

(229) Rinne táirgeoir amháin san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Is é atá i gceist le 'tionscal an Aontais' de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(230) Toisc nár díorthaíodh na sonraí a bhain leis an measúnú díobhála ach ó dhá tháirgeoir ón Aontas, ar chúiseanna rúndachta, is i raonta a thugtar na figiúirí le haghaidh na hanailíse díobhála. Is ar shonraí iarbhír atá na hinnéacsanna bunaithe, áfach, agus ní ar na raonta.

(231) Maidir le táirgeacht iomlán an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin, bhí sí sa raon idir 11 000 go 13 000 ona. Shuigh an Coimisiún an figiúr iarbhír ar bhonn fíorú ar thuarascálacha iniúchta thionscal an Aontais, eadhon Eurolysine.

4.2. Tomhaltas an Aontais

(232) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais bunaithe ar (i) dhíolacháin fhíoraithe thionscal an Aontais; agus ar (ii) na hallmhairí ón tír lena mbaineann agus ó gach tríú tír eile.

(233) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar thomhaltas an Aontais:

Tábla 2

Tomhaltas an Aontais (tonaí i gcoibhéis HCl)

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Tomhaltas iomlán an Aontais	[465 000 – 510 000]	[470 000 – 515 000]	[450 000 – 495 000]	[410 000 – 450 000]
Innéacs	*100*	*102*	*97*	*89*

Foinse: Eurostat (HCl lísín, lísín leachtach), Eurolysine (sulfáit lísín)

(234) Chun comparáid a dhéanamh idir na cineálacha éagsúla lísín, thug an Coimisiún dá aire go mbíonn cion 78 % de lísín i dtona amháin de HCl lísín de ghnáth ach go mbíonn cion 50 % de lísín i dtona amháin de lísín leachtach de ghnáth. Measann an Coimisiún, dá bhrí sin, go bhfuil ona amháin de lísín leachtach coibhéiseach le 0,641 ona de HCl lísín. Ar an gcaoi chéanna, is iondúil go mbíonn cion 78 % de lísín i dtona amháin de HCl lísín ach is gnách go mbíonn cion 55 % de lísín i dtona amháin de shulfáit lísín. Measann an Coimisiún, dá bhrí sin, go bhfuil ona amháin de sulfáit lísín coibhéiseach le 0,705 ona de HCl lísín.

(235) Ar an mbonn sin, ríomh an Coimisiún tomhaltas an Aontais de lísín i gcoibhéis HCl agus thug sé dá aire laghdú i dtomhaltas an Aontais, le laghdú foriomlán 11 % ar thomhaltas an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tharla an laghdú ginearálta ar thomhaltas an Aontais mar thoradh ar an bhfliú mór éan san Aontas in éineacht leis an laghdú ar an éileamh lísín ó earnáil na muc ([130]), rud a bhfuil tionchar díreach aige ar thomhaltas lísín.

(236) Chun comparáid cheart a dhéanamh idir an HCl lísín, lísín leachtach agus sulfáit lísín, rinneadh na méideanna lísín uile a tháirgtear agus a allmhairítear san Aontas ar fud an rialacháin seo a thiontú go coibhéis HCl trí úsáid a bhaint as na rátaí comhshó a leagtar amach in aithris (234).

4.3. **Allmhairí ón tír lena mbaineann**

4.3.1. *Méid agus sciar de mhargadh na n-allmhairí ón tír lena mbaineann*

(237) Ós rud é go n-allmhairítear hidreaclóiríd L-lísín agus tuaslagán uiscí L-lísín faoi chód AC 2922 41 00, bhí an Coimisiún ag brath ar shonraí allmhairiúcháin Eurostat le haghaidh an dá ghrúpa táirgí sin. Mar sin féin, tagann sulfáit lísín faoi chóid 'chiseáin' ex 2309 90 31 agus ex 2309 90 96 faoi láthair le haghaidh ullmhóidí de chineál a úsáidtear i mbeathú ainmhithe agus ní féidir measúnú a dhéanamh ar staitisticí allmhairiúcháin ó Eurostat. Dá bhrí sin, bhí staitisticí allmhairiúcháin sulfáite lísín, an tríú grúpa táirgí, bunaithe ar staitisticí allmhairiúcháin soláthraithe speisialaithe faisnéise margaidh staitisticí trádála na Síne agus na hIndinéise. ([131])

(238) Níorbh fhéidir foinse na sonraí a bhaineann le hallmhairí ón tSín chuig an Aontas a nochtadh ar iarraidh ón soláthraí sonraí. Mar sin féin, rinne an Coimisiún cros-seiceáil ar na sonraí a sholáthair tionscal an Aontais le foinsí staidrimh eile a bhí ar fáil (Eurostat agus Surveillance) agus le sampláil agus freagraí ar an gceistneoir ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha na Síne.

(239) Chun an sciar den mhargadh atá ag allmhairí a shuí, rinne an Coimisiún anailís ar na foirmeacha éagsúla lísín agus chuir sé na rátaí comhshó a leagtar amach in aithris (234) i bhfeidhm. Chuir an Coimisiún na méideanna allmhairí a tiontaíodh go coibhéis HCl lísín i gcomparáid le tomhaltas mhargadh an Aontais arna shloinneadh i gcoibhéis HCl lísín.

(240) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 3

An méid allmhairí (tonaí) agus an sciar den mhargadh

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Méid na n-allmhairí ón tSín (tonaí)	304 015	294 812	285 083	329 052
Innéacs	*100*	*97*	*94*	*108*

([130]) Léirítear an laghdú ar thomhaltas an Aontais i sonraí Eurostat (táblaí 2 agus 3) agus sna sonraí fíoraithe arna soláthar ag táirgeoir an Aontais.

([131]) Ní tháirgtear sulfáit lísín ach sa tSín agus san Indinéis.

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
An sciar den mhargadh (%)	[60 % - 69 %]	[49 % - 63 %]	[59 % - 69 %]	[70 % - 79 %]
Innéacs	*100*	*96*	*96*	*121*

Foinse: Eurostat (HCl lísín, lísín leachtach), Eurolysine (sulfáit lísín)

(241) Léirítear i dTábla 3 laghdú ar allmhairí ón tSín in 2021, a chuirtear i leith na n-imthosca urghnácha a bhaineann le géarchéim COVID-19 agus leis an tSín agus leis an ngéarchéim fuinnimh. Idir 2022 agus an tréimhse imscrúdúcháin, áfach, tháinig méadú 15 % ar mhéid na n-allmhairí.

(242) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 25 037 dtona, nó 8 %, ar allmhairí lísín ón tSín, allmhairí a tiontaíodh go coibhéis HCl. B'ionann sin agus méadú 21 % ar an sciar iomlán margaidh d'allmhairí ón tSín isteach san Aontas le linn na tréimhse céanna.

(243) Mhaígh CESFAC, Pintaluba agus Vall Companys nach dearbhmhéadú suntasach ar allmhairí lísín na Síne é méadú 8 % ar mhéid, agus nach féidir a mheas gur méadú suntasach é an méadú ar an sciar den mhargadh atá ag na hallmhairí sin, a mheas sé a bheith ag 5 phointe céatadáin. Níor aontaigh an Coimisiún leis sin. Tá méadú 25 037 ona ar mhéid na n-allmhairí, arb ionann é ann féin agus 8 % de thomhaltas an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin, suntasach ar gach bealach. Thug an Coimisiún dá aire go raibh ríomh an mhéadaithe ar an sciar den mhargadh a rinne CESFAC, Pintaluba agus Vall Companys earráideach agus gur 21 % a bhí ann i ndáiríre seachas 9 % (nó 5 phointe céatadáin), mar a léirítear sa tábla thuas. Tá méadú den sórt sin ar an sciar den mhargadh suntasach.

4.3.2. *Praghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann agus sladghearradh praghais*

(244) Shuigh an Coimisiún praghsanna na n-allmhairí ar bhonn Eurostat agus faisnéis mhargaidh speisialaithe a léirítear in aithris (237). Suíodh sladghearradh praghais na n-allmhairí ar bhonn freagraí fíoraithe ar an gceistneoir ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte sa tSín.

(245) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar phraghas ualaithe na n-allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 4

Praghsanna allmhairiúcháin (EUR/tona)

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
an tSín	876	1 342	1 679	1 104
Innéacs	*100*	*153*	*192*	*126*

Foinse: Eurostat (HCl lísín, lísín leachtach), Eurolysine (sulfáit lísín)

(246) Tháinig méadú ar phraghsanna allmhairí ón tSín in 2021 agus 2022. Mhaígh tionscal an Aontais go raibh na praghsanna ag téarnamh sa bhliain 2020 ón leibhéal íseal stairiúil a bhí ann i ndáil le fiabhras Afracach na muc sa tSín. Tháinig méadú ar na praghsanna in 2021 mar gheall ar an ngéarchéim fuinnimh sa tSín agus srianta Covid-19, rud a spreag dúnadh roinnt de na gléasraí lísín go sealadach. Tháinig méadú breise ar na praghsanna in 2022, agus ansin tháinig laghdú suntasach orthu le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(247) D'fhan praghsanna tugtha i dtír na Síne faoi bhun phraghsanna thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, cé is moite de 2021 nuair a bhí tionchar ag géarchéimeanna fuinnimh intíre agus srianta COVID-19 ar an tSín, agus tháinig laghdú ar onnmhairí lísín chuig an Aontas.

(248) Chinn an Coimisiún an sladghearradh praghais le linn na tréimhse imscrúdúcháin trí chomparáid a dhéanamh idir na nithe seo a leanas:

(a) na meánphraghsanna ualaithe in aghaidh an chineáil táirge i gcás na n-allmhairí ó na táirgeoirí comhoibríocha sampláilte Síneacha arna ngearradh ar an gcéad chustaiméir neamhspleách ar mhargadh an Aontais, arna suí ar bhonn chostais, árachais agus last-táille (CAL), mar aon le coigeartuithe iomchuí de réir dleachtanna custaim agus costais iar-allmhairiúcháin; agus

(b) na meánphraghsanna díola ualaithe comhfhreagracha in aghaidh an chineáil táirge de chuid thionscal an Aontais arna ngearradh ar chustaiméirí neamhchomhlachaithe ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú de réir an phraghais díreach ón monarcha.

(249) Rinneadh an chomparáid praghsanna de réir cineáil le haghaidh idirbheart ar an leibhéal céanna trádála, arna coigeartú go cuí nuair ba ghá, agus tar éis lacáistí agus lascainí a asbhaint. Sloinneadh toradh na comparáide mar chéatadán de láimhdeachas teoiriciúil thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léirigh sé go raibh meánchorrlach sladghearrtha ualaithe idir 38 % agus 42 % i gceist leis na hallmhairí ón tír lena mbaineann ar mhargadh an Aontais. Suíodh sladghearradh le haghaidh 100 % de mhéideanna allmhairithe na gcuideachtaí sampláilte.

(250) Bhreithnigh an Coimisiún éifeachtaí praghais eile, go háirithe cúngú suntasach ar phraghsanna. Mar a luaitear in aithris (269) go (271), ó 2022 ar aghaidh tháinig méadú suntasach ar chostais táirgthe aonaid thionscal an Aontais, arna spreagadh ag costais indíreacha in aghaidh an aonaid agus praghsanna fuinnimh agus amhábhar araon. Ós rud é gur tháinig laghdú suntasach ar phraghas na n-allmhairí ón tSín le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ní raibh tionscal an Aontais in ann a phraghas díola a mhéadú chun a chostas táirgthe a chumhdach. Deimhnítear leis an gcúngú praghsanna sin freisin go raibh caillteanas brabúsachta do thionscal an Aontais mar thoradh ar na hallmhairí dumpáilte ón tSín.

4.4. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

4.4.1. *Barúlacha ginearálta*

(251) I gcomhréir le hAirteagal 3(5) den bhun-Rialachán, sa scrúdú ar thionchar na n-allmhairí dumpáilte ar thionscadal an Aontais, áiríodh meastóireacht ar na táscairí eacnamaíocha uile a raibh baint acu le staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(252) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Ós rud é gurb é Eurolysine an t-aon táirgeoir amháin de chuid an Aontais a tháirgeann an táirge comhchosúil, suíodh an dá thacar sonraí ar bhonn an fhreagra fhíoraithe ar an gceistneoir ó Eurolysine agus suíodh go raibh siad ionadaíoch ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

(253) Is iad seo a leanas na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, an méid díolachán, sciar den mhargadh, fás, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála, agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo.

(254) Is iad seo a leanas na táscairí micreacnamaíocha: meánphraghsanna aonaid, costas aonaid, costais saothair, fardail, brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí, agus an cumas caipiteal a chruinniú.

4.4.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

4.4.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(255) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 5

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Méid táirgeachta (tonaí)	[68 000 – 74 000]	[70 000 – 76 000]	[34 000 – 37 000]	[11 000 – 13 000]

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Innéacs	*100*	*103*	*52*	*17*
Acmhainneacht táirgeachta (tonaí)	[75 000 – 82 000]	[75 000 – 82 000]	[75 000 – 82 000]	[75 000 – 82 000]
Innéacs	*100*	*100*	*100*	*100*
Úsáid acmhainneachta	86 %	89 %	45 %	15 %
Innéacs	*100*	*103*	*52*	*17*

Foinse: Freagra ar an gceistneoir Eurolysine

(256) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, d'ainneoin méadú beag ar thomhaltas an Aontais in 2021 mar a léirítear i dTábla 2, tháinig laghdú mór ar mhéid táirgeachta thionscal an Aontais ina dhiaidh sin. Tháinig laghdú géar ar tháirgeacht an Aontais go dtí 17 % dá mhéid in 2020 le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ní raibh tionscal an Aontais in ann dul san iomaíocht le hallmhairí dumpáilte ón tSín, allmhairí a tháinig isteach le linn na tréimhse imscrúdúcháin ar phraghsanna a bhí go mór faoi bhun chostas táirgthe thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, bhí ar thionscal an Aontais an táirgeacht a choigeartú chuig méid díolachán an-íseal, rud a d'fhág go raibh an táirgeacht ar fionraí go sealadach.

(257) Bhí an laghdú sin ar na méideanna táirgeachta níos suntasaí ná an laghdú 14 % ar thomhaltas an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tá an méadú sealadach ar mhéideanna táirgeachta a tugadh faoi deara in 2021 inchurtha i leith na ndálaí neamhfhabhracha onnmhairiúcháin sa tSín, mar a mhínítear in aithrisí (241) agus (247) thuas.

(258) Tagraítear leis na figiúirí tuairiscithe maidir le hacmhainneacht táirgeachta d'acmhainneacht shuiteáilte, a d'fhan cobhsaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Seachas lísín, monaraíonn táirgeoir an Aontais táirgí speisialtachta eile freisin, amhail vailín, argainín nó tripteafan. Tá an gléasra bunaithe, áfach, chun [77 %-87 %] lísín agus [13 %-23 %] táirgí speisialtachta eile a tháirgeadh.

4.4.2.2. An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

(259) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid díolachán a bhí ag tionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 6

An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
An méid díolachán ar mhargadh an Aontais (tonaí)	[52 000 – 57 000]	[68 000 – 75 000]	[31 000-34 000]	[7 500 – 9 000]
Innéacs	*100*	*132*	*63*	*16*
Sciar den mhargadh	10,7 %	14 %	7 %	1,9 %
Innéacs	*100*	*130*	*65*	*18*

Foinse: Freagra ar an gceistneoir Eurolysine

(260) Tháinig méadú 32 % ar mhéid díolachán thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais den chéad uair in 2021 i gcomparáid le 2020, go príomha mar gheall ar an laghdú réamhluaite ar an mbrú ó allmhairí ón tSín. In 2021, de réir mar a bhí bacainní roimh tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne ar an margadh intíre agus de réir mar a tháinig laghdú ar onnmhairí lísín chuig an Aontas, tháinig méadú cobhsaí ar dhíolacháin thionscal an Aontais agus ar a sciar den mhargadh. Ó 2022 i leith, tháinig laghdú suntasach ar dhíolacháin thionscal an Aontais san Aontas. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tháinig crapadh mór –84 % ar an méid díolachán i gcomparáid le 2020.

(261) Léiríonn an sciar den mhargadh réaltacht den sórt sin freisin. I bhfianaise an mhéadaithe mhóir ar onnmhairí na Síne, tháinig crapadh suntasach ar sciar an Aontais, ag laghdú 82 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.4.2.3. Fás

(262) Tháinig laghdú beag ar thomhaltas an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus tháinig laghdú mór ar mhéid díolachán thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais. Dá bhrí sin, chaill tionscal an Aontais sciar suntasach 9 bpointe céatadáin den mhargadh. An tráth céanna, tháinig méadú 22 % ar an sciar den mhargadh a bhí ag na hallmhairí ón tír lena mbaineann le linn na tréimhse céanna.

4.4.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(263) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar fhostaíocht agus táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 7

Fostaíocht agus táirgiúlacht

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
An líon daoine atá fostaithe (FTE)	[160 - 180]	[130 - 150]	[135 - 155]	[60 - 75]
Innéacs	*100*	*80*	*88*	*42*
Táirgiúlacht (tona/ coibhéiseach lánaimseartha)	[400 - 440]	[520 - 570]	[230 - 260]	[150 - 180]
Innéacs	*100*	*129*	*59*	*42*

Foinse: Freagra ar an gceistneoir Eurolysine

(264) Laghdaigh tionscal an Aontais a lucht saothair le linn na tréimhse faoi bhreathnú, de réir mar a tháinig laghdú ar a tháirgeacht agus ar a mhéid díolachán. Tharla titim shuntasach le linn na tréimhse imscrúdúcháin nuair a bhí ar mhonaróir an Aontais stop sealadach a chur le táirgeadh an táirge faoi imscrúdú.

(265) Tháinig an táirgiúlacht sna sála ar na hathruithe ar tháirgeadh agus ar fhostaíocht. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 58 % ar an táirgiúlacht, agus tháinig méadú sealadach uirthi in 2021 a bhuí leis an méadú ar tháirgeacht agus ar dhíolacháin thionscal an Aontais mar gheall ar allmhairí níos ísle den táirge lena mbaineann ón tSín.

4.4.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo

(266) Bhí na corrlaigh dhumpála uile go mór os cionn an leibhéil de minimis. Ba mhór an tionchar a bhí ag méid na gcorrlach dumpála iarbhír ar thionscal an Aontais, i bhfianaise mhéid agus phraghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann.

(267) Is é seo an chéad imscrúdú frithdhumpála maidir leis an táirge lena mbaineann. Dá bhrí sin, ní raibh aon sonraí ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag dumpáil san am atá thart.

4.4.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

4.4.3.1. Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna

(268) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghsanna díola aonaid ualaithe an táirgeora san Aontas le haghaidh custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 8

Praghsanna díola san Aontas

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
An meánphraghas díola aonaid san Aontas ar an margadh iomlán (EUR/tona)	[1 000 – 1 200]	[1 100 – 1 300]	[1 800 – 2 000]	[2 200 – 2 500]
Innéacs	*100*	*112*	*175*	*205*
Costas aonaid an táirgthe (EUR/tona)	[1 200 – 1 400]	[1 500 – 1 800]	[2 200 – 2 600]	[2 800 – 3 200]
Innéacs	*100*	*127*	*192*	*241*

Foinse: Freagra ar an gceistneoir Eurolysine

(269) Léirítear i dTábla 8 thuas gur tháinig méadú leanúnach ar na praghsanna díola le linn na tréimhse faoi bhreathnú, rud a spreagadh go príomha mar gheall ar chostais mhéadaitheacha leictreachais agus ghaile, na bpríomh-amhábhair (amhail siúcra, amóinia, nó sulfáit amóiniam) agus na gcostas seasta. Bhí sé sin thar a bheith suntasach ó bhí 2022 ann, nuair a baineadh amach an buaicleibhéal i bpraghsanna fuinnimh do thionscal an Aontais, agus nuair a thosaigh tomhaltas lísín an Aontais ag titim, féach aithris (235).

(270) Le linn na tréimhse iomláine faoi bhreathnú, bhí an meánphraghas díola aonaid faoi bhun chostas aonaid an táirgthe, agus bhí an bhearna idir an dá rud ag méadú bliain i ndiaidh bliana.

(271) Tháinig méadú mór 141 % ar chostas aonaid an táirgthe le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Bhí sé sin suntasach go háirithe in 2022, nuair a shroich na praghsanna fuinnimh a mbuaicleibhéal, agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin, nuair a roinneadh na costais sheasta ar mhéid táirgeachta níos ísle.

4.4.3.2. Costais saothair

(272) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánchostais saothair an iarratasóra le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 9

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)	[68 000 – 75 000]	[70 000 – 77 000]	[67 000 – 74 000]	[73 000 – 80 000]
Innéacs	*100*	*106*	*98*	*111*

Foinse: Freagra ar an gceistneoir Eurolysine

(273) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 11 % ar an meánphá in aghaidh an fhostaí. Bhí an méadú níos suntasaí le linn na tréimhse imscrúdúcháin, le méadú bliantúil 13 %.

4.4.3.3. Fardail

(274) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar leibhéil stoic thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 10

Fardail

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Stoic dheiridh (tonaí)	[12 000 – 15 000]	[3 000 – 5 000]	[3 000 – 5 000]	[3 000 – 5 000]
Innéacs	*100*	*35*	*28*	*33*
Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht (%)	[18-20]	[6-8]	[9-11]	[35-37]
Innéacs	*100*	*34*	*53*	*190*

Foinse: Freagra ar an gceistneoir Eurolysine

(275) Tháinig laghdú 65 % ar leibhéal na bhfardal i ndearbhthéarmaí in 2021 nuair a bhí tionscal an Aontais in ann a mhéideanna díolacháin agus a sciar den mhargadh a mhéadú mar gheall ar an titim shealadach ar allmhairí ón tSín. De réir mar a thosaigh tionscal an Aontais ag cailleadh a sheasamh ar an margadh a thuilleadh in 2022 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tháinig méadú arís ar mhéid na bhfardal agus níor díoladh an táirgeacht uile a raibh coinne leis. Tá an laghdú foriomlán ar na fardail de chineál líneach leis an laghdú ar tháirgeacht an Aontais. Tá an méadú ar stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht de chineál líneach leis an méid íseal táirgeachta le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

4.4.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a chruinniú

(276) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar bhrabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 11

Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe (% de láimhdeachas na ndíolachán)	[- 10 go - 14]	[- 19 go - 23]	[- 20 go - 24]	[- 28 go - 32]
Innéacs	*- 100*	*- 165*	*- 155*	*- 220*
Sreabhadh airgid (EUR 000)	[- 8 500 000 go - 10 500 000]	[- 12 000 000 go – 14 000 000]	[- 13 000 000 go - 15 000 000]	[- 7 000 000 go - 9 000 000]
Innéacs	*- 100*	*- 129*	*- 130*	*- 78*

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Infheistíochtaí (EUR 000)	[5 000 000 - 7 000 000]	[3 000 000 – 5 000 000]	[4 000 000 -6 000 000]	[4 000 000 -6 000 000]
Innéacs	*100*	*88*	*93*	*88*
Toradh ar infheistíochtaí (%)	[- 14 go - 18]	[- 28 go - 32]	[- 20 go - 24]	[- 7 go - 11]
Innéacs	*- 100*	*- 179*	*- 128*	*- 60*

Foinse: Freagra ar an gceistneoir Eurolysine

(277) Shuigh an Coimisiún brabúsacht thionscal an Aontais trí ghlanbhrabús roimh cháin ó dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin. Le linn na tréimhse ar fad faoi bhreathnú, bhain caillteanas mór do thionscal an Aontais. Thabhaigh sé caillteanas suntasach sa tréimhse imscrúdúcháin nuair a cuireadh stop leis an táirgeacht ar feadh 4 mhí i bhfianaise an mhéadaithe leanúnaigh ar na hallmhairí dumpáilte agus na bpraghsanna níos ísle, rud a d'fhág gur cailleadh díolacháin agus gur cuireadh an táirgeacht ar fionraí go sealadach. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 120 pointe céatadáin ar a bhrabúsacht.

(278) Is ionann an glansreabhadh airgid agus cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Lean an treocht i nglansreabhadh airgid patrún comhchosúil le patrún na brabúsachta, le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Cé nach raibh sé chomh suntasach céanna leis na caillteanais arda, d'fhan an sreabhadh airgid diúltach le linn na tréimhse iomláine faoi bhreathnú. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, thart ar 20 % de na díolacháin iomlána a bhí i leibhéal na ndíolachán ó stoc, rud — cé go raibh sé níos airde ná mar a bhí sé le linn na dtréimhsí roimhe sin — a rannchuidigh le sreabhadh airgid nach raibh chomh diúltach i gcomparáid leis na blianta roimhe sin.

(279) Tháinig laghdú 12 % ar ghlaninfheistíochtaí, le méadú beag in 2021, le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Is é staid eacnamaíoch dheacair thionscal an Aontais agus an easpa brabúsachta a eascraíonn as sin an phríomhchúis leis an easpa infheistíochtaí nua i dtáirgeadh lísín.

(280) Is éard atá sa toradh ar infheistíochtaí an brabús mar chéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. I bhfianaise na bhforbairtí ar a dtugtar tuairisc thuas, bhí an toradh ar infheistíochtaí (sócmhainní seasta a úsáideadh le haghaidh an táirgthe) diúltach le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Is cosúil go bhfuil feabhas ag teacht ar an treocht, mar gheall ar chaillteanas níos ísle sa bhrabúsacht ná mar a bhí sna blianta roimhe sin, mar gheall ar tháirgeacht íseal le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(281) Bhí tionchar mór ag leibhéil dhiúltacha shuntasacha an tsreafa airgid agus na brabúsachta a sroicheadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú ar chumas thionscal an Aontais caipiteal a thiomsú.

4.4.4. *Conclúid maidir le díobháil*

(282) Léiríodh leis na príomhtháscairí díobhála uile treocht dhiúltach agus bhí an chuid is mó díobh diúltach go comhsheasmhach le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ach tháinig meath breise ar staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(283) Tháinig laghdú as cuimse 83 % agus 84 % faoi seach ar mhéid táirgeachta agus ar mhéid díolachán thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, thit an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais ó 11 % in 2020 go 2 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(284) Ina theannta sin, bhí ar thionscal an Aontais aghaidh a thabhairt ar mhéadú mór ar an gcostas táirgthe, méadú 141 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ní fhéadfadh sé an méadú costais sin a chur ar aghaidh chuig na custaiméirí — ar mhéid na ndíolachán a bheith ag laghdú go mór, d'fhéadfadh tionscal an Aontais meánphraghsanna a mhéadú nach mó ná 105 %. Mar thoradh air sin, tháinig meath mór ar staid thionscal an Aontais, a thabhaigh caillteanais dédhigiteach cheana féin sa chéad bhliain den tréimhse faoi bhreathnú, agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin bhí air stop sealadach a chur leis an táirgeadh chun an damáiste a theorannú. Léiríodh an dul in olcas suntasach sin ar staid thionscal an Aontais freisin i bhforbairt príomhtháscairí eile amhail fostaíocht, sreabhadh airgid agus toradh ar infheistíochtaí.

(285) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim sin gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán.

(286) Mar a míníodh cheana in aithris (250) thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh na hallmhairí dumpáilte ón tSín ag cur cúngú praghsanna ar thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

5. CÚISÍOCHT

(287) I gcomhréir le hAirteagal 3(6) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann. I gcomhréir le hAirteagal 3(7) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún freisin an bhféadfadh sé go ndearna tosca aitheanta eile dochar do thionscal an Aontais san am céanna. Aon díobháil fhéideartha, ar tosca eile ba chúis léi seachas na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann, d'áirithigh an Coimisiún nár cuireadh an díobháil sin síos do na hallmhairí dumpáilte. Seo a leanas na tosca sin: allmhairí ó thríú tíortha eile, feidhmíocht onnmhairiúcháin tháirgeoirí an Aontais agus tosca eile, amhail allmhairí arna ndéanamh ag tionscal an Aontais, méadú ar an gcostas táirgthe, laghdú ar thomhaltas, gníomhaíochtaí eile de chuid thionscal an Aontais agus staid thionscal an Aontais ag tús na tréimhse faoi bhreathnú.

5.1. Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte

(288) Mar a leagtar amach in aithris (242), tháinig méadú 8 % ar mhéideanna allmhairí an táirge lena mbaineann ón tSín, arna sloinneadh i gcoibhéis HCl lísín, rud a d'fhág gur tháinig méadú 13 phointe céatadáin ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí na Síne isteach san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Le linn na tréimhse céanna, mar a leagtar amach in aithrisí (260) agus (261), ní raibh tionscal an Aontais in ann dul in iomaíocht le táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne agus tháinig laghdú 84 % ar a mhéid díolachán agus laghdú 82 % ar a sciar den mhargadh. Tharla sé sin i gcomhthéacs inar tháinig luaineacht i dtomhaltas an Aontais, agus inar tháinig laghdú 11 % air ar an iomlán le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(289) Mar a léirítear in aithris (249), bhí sladghearradh suntasach á dhéanamh ag allmhairí na Síne ar phraghsanna thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus bhí a bpraghsanna faoi bhun phraghsanna thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú., rud a d'fhág go raibh meath méadaitheach ar staid thionscal an Aontais. Mar thoradh ar allmhairí ón tSín freisin, bhí cúngú praghsanna ann le linn na tréimhse faoi bhreathnú, nuair nach raibh tionscal an Aontais in ann díol os cionn a chostais táirgthe i bhfianaise an bhrú a tháinig ó na hallmhairí dumpáilte. Bhí sochtadh praghsanna thar a bheith suntasach le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(290) Mar a léirítear i dTábla 12, tá an méadú ar an sciar den mhargadh atá ag allmhairí Síneacha ag tarlú i gcomhthráth freisin leis an laghdú mór den sciar den mhargadh atá ag an táirgeoir de chuid an Aontais, agus ag allmhairí tríú tír, le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(291) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go ndearna méadú suntasach ar allmhairí dumpáilte ón tSín, ar phraghsanna a bhí ag sladghearradh praghsanna an Aontais go suntasach, díobháil ábhartha do thionscal an Aontais.

5.2. Éifeachtaí tosca eile

5.2.1. *Allmhairí ó thríú tíortha*

(292) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid allmhairí ó thríú tíortha eile le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 12

Allmhairí ó thríú tíortha

Tír		2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
an Indinéis	Méid (i dtonaí)	56 107	62 436	51 142	35 619
	Innéacs	*100*	*111*	*91*	*63*

Tír		2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
	Sciar den mhargadh	[8 %- 11 %]	[12 %- 15 %]	[10 %- 14 %]	[5 %- 9 %]
	Meánphraghas (EUR/tona)	1 007	1 271	2 228	1 443
	Innéacs	*100*	*126*	*221*	*143*
Stáit Aontaithe Mheiriceá	Méid (i dtonaí)	50 508	50 257	48 947	26 914
	Innéacs	*100*	*100*	*97*	*53*
	Sciar den mhargadh	[8 %- 11 %]	[8 %- 11 %]	[8 %- 11 %]	[5 %- 8 %]
	Meánphraghas (EUR/tona)	1 030	1 268	1 592	1 145
	Innéacs	*100*	*123*	*154*	*111*
an Chóiré Theas	Méid (i dtonaí)	25 213	13 856	47 750	25 519
	Innéacs	*100*	*55*	*189*	*101*
	Sciar den mhargadh	[4 %- 6 %]	[2 %- 5 %]	[9 %- 13 %]	[4 %- 8 %]
	Meánphraghas (EUR/tona)	1 037	1 632	2 240	1 540
	Innéacs	*100*	*157*	*216*	*148*
an Bhrasaíl	Méid (i dtonaí)	1 932	6 928	10 494	12 952
	Innéacs	*100*	*359*	*543*	*655*
	Sciar den mhargadh	[0 %- 1 %]	[1 %- 2 %]	[2 %- 3 %]	[2 %- 3 %]
	Meánphraghas (EUR/tona)	858	1 206	2 278	1 480
	Innéacs	*100*	*141*	*266*	*173*
Iomlán na dtríú tíortha uile seachas an tír lena mbaineann	Méid (i dtonaí)	133 760	133 476	158 333	100 704
	Innéacs	*100*	*100*	*118*	*75*
	Sciar den mhargadh	[23 %- 28 %]	[23 %- 28 %]	[30 %- 35 %]	[20 %- 25 %]
	Meánphraghas (EUR/tona)	1 020	1 305	2 038	1 393
	Innéacs	*100*	*128*	*200*	*137*

Foinse: Eurostat (HCl lísín, lísín leachtach), Eurolysine (sulfáit lísín)

(293) Thug an Coimisiún dá aire gurb ionann allmhairí ón Indinéis le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus an sciar is mó d'allmhairí isteach san Aontas ó thríú tíortha nach an tSín iad. Thug an Coimisiún dá aire freisin go n-onnmhairíonn an Indinéis lísín leachtach den chuid is mó, agus sulfáit lísín ina dhiaidh sin (6 % d'allmhairí na hIndinéise sa tréimhse imscrúdúcháin).

(294) Tá laghdú mór tagtha ar mhéid na n-allmhairí ó na foinsí is mó i bhfad seachas an tSín in 2020, an Indinéis agus SAM, agus ó gach tríú tír le chéile le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ach amháin in 2022 nuair a chuir an Bhrasaíl agus an Chóiré Theas feabhas ar a sciar den mhargadh de réir Eurostat. Leanann méideanna allmhairí ón Indinéis agus ó SAM treocht atá cosúil leis an treocht a tugadh faoi deara maidir le díolacháin thionscal an Aontais — méadú ar allmhairí in 2021, agus ansin laghdú géar in 2022 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Chaill allmhairí ó gach tríú tír eile (an Bhrasaíl agus an Chóiré Theas) a mhéadaigh a seasamh ar an margadh in 2022 sciar den mhargadh sa tréimhse imscrúdúcháin i gcomparáid le 2022.

(295) Thug an Coimisiún faoi deara, in 2021 agus 2022, go raibh an praghas allmhairiúcháin ó SAM níos ísle ná praghas allmhairiúcháin na Síne. Mar sin féin, tháinig laghdú suntasach ar phraghas allmhairiúcháin na Stát Aontaithe le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gcomparáid le blianta roimhe sin, rud a thugann le fios go raibh cúngú praghsanna ann mar gheall ar na hallmhairí ceannasacha ón tSín.

(296) Os a choinne sin, shuigh an Coimisiún gur tháinig laghdú suntasach ar phraghsanna iomlána na n-allmhairí ón tSín arna dtabhairt i dtír, is é sin 66 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus rinne siad sladghearradh 40.2 % ar phraghsanna thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(297) Rinne an Coimisiún scrúdú ansin ar thábhacht na n-allmhairí ón tSín, ón Indinéis, ó SAM, ón mBrasaíl agus ón gCóiré Theas i margadh iomlán an Aontais. Mar a léirítear i dtáblaí 3 agus 12 thuas, tá méid iomlán na n-allmhairí ón tSín le linn na tréimhse imscrúdúcháin trí oiread níos airde ná na hallmhairí ó na tríú tíortha eile. Ina theannta sin, chaill allmhairí ón Indinéis agus ó SAM sciar den mhargadh le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Os a choinne sin, is iad allmhairí na Síne amháin a fuair sciar den mhargadh idir 2022 agus an tréimhse imscrúdúcháin.

(298) Thug an Coimisiún dá aire go raibh meánphraghas na Síne faoi bhun na bpraghsanna allmhairiúcháin ó thríú tíortha eile, rud a tharraing praghsanna ó thríú tíortha anuas freisin go dtí leibhéal faoi bhun chostas táirgthe thionscal an Aontais. I bhfianaise mhéideanna réasúnta íseal na n-allmhairí in aghaidh na tíre, méideanna i bhfad níos ísle ná méideanna na Síne, le claonadh laghdaitheach agus ar phraghsanna níos airde ná an tSín ach ar phraghsanna níos ísle ná tionscal an Aontais, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid dá bhrí sin nach féidir tionchar na n-allmhairí ón Indinéis, ó SAM, ón mBrasaíl agus ón gCóiré Theas a mheas ina n-aonar mar thionchar suntasach.

5.2.2. *Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais*

(299) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid onnmhairí ó thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 13

Díolacháin onnmhairiúcháin

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
An méid onnmhairí (tonaí)	[12 000 – 14 000]	[9 500 -11 000]	[3 500 – 5 000]	[1 000-1 500]
Innéacs	*100*	*72*	*46*	*26*
Meánphraghas (EUR/tona)	[1 100 – 1 450]	[1 200 – 1 500]	[2 000 – 2 400]	[1 800 – 2 300]
Innéacs	*100*	*117*	*180*	*169*

Foinse: Freagra ón gceistneoir Eurolysine.

(300) Bhí méid onnmhairiúcháin thionscal an Aontais réasúnta beag le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus b'ionann é agus 20 % de dhíolacháin thionscal an Aontais sa chéad bhliain den tréimhse faoi bhreathnú. Ó shin i leith, tá laghdú tagtha orthu go líneach leis an laghdú ar tháirgeacht. Lean an meánphraghas díola le haghaidh onnmhairí treocht atá comhchosúil le treocht na ndíolachán intíre freisin, i.e. tháinig méadú air mar thoradh ar chostas táirgthe níos airde.

(301) Dá bhrí sin, ar bhonn na méideanna measartha beag le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus treochtaí atá cosúil leis na treochtaí a tugadh faoi deara maidir le díolacháin thionscal an Aontais san Aontas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid shealadach nár mhaolaigh feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann agus an díobháil ábhartha a fuarthas.

5.2.3. *Tosca eile*

(302) Mhaígh CESFAC, Pintaluba agus Vall Companys agus CCCMC gurbh iad allmhairí lísín thionscal an Aontais ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne ba chúis leis an díobháil, arbh ionann iad agus thart ar 10 % - 15 % dá dhíolacháin san Aontas.

(303) Dheimhnigh an Coimisiún gur allmhairigh tionscal an Aontais méideanna teoranta lísín ón tSín agus ón gCóiré Theas lena ndáileadh a thuilleadh ar mhargadh an Aontais chun feabhas a chur ar a staid maidir le sreabhadh airgid. Mar sin féin, tháinig laghdú de réir a chéile ar na méideanna sin ó 2020 ar aghaidh agus ní dhearnadh aon allmhairí den sórt sin a thuilleadh in 2023. Ar an mbonn sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(304) Chuir na páirtithe céanna in iúl freisin an méadú suntasach ar chostas táirgthe an Aontais, arb é an méadú ar chostas biatais siúcra agus leictreachais is mó ba chúis leis, mar chúis díobhála a d'fhéadfadh a bheith ann.

(305) Mar a leagtar amach in aithris (269), tháinig méadú ar chostas táirgthe thionscal an Aontais mar gheall ar mhéaduithe ar phraghsanna fuinnimh agus amhábhar amhail biatas siúcra, amóinia, nó sulfáit amóiniam. I ngnáthchúinsí margaidh, is féidir le monaróirí méaduithe costais a léiriú ina bpraghsanna díola. In 2021, d'fhéadfadh tionscal an Aontais a phraghsanna a mhéadú go pointe áirithe mar fhreagairt ar an méadú ar an gcostas táirgthe. Mar sin féin, in 2022 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin, i bhfianaise leibhéal an-íseal praghsanna allmhairí ón tSín agus laghdú mór orthu fiú sa tréimhse imscrúdúcháin, mar a thuairiscítear i dTábla 4, níorbh fhéidir é sin a dhéanamh a thuilleadh. Dá bhrí sin, ní hé an méadú ar chostais ann féin é, ach, mar gheall ar allmhairí ar phraghas íseal ón tSín a thrádáiltear go héagórach a bheith ann ar an margadh, ní féidir le tionscal an Aontais na méaduithe costais sin a léiriú go cruinn ina phraghsanna díola ba chúis le díobháil.

(306) Mhaígh CESFAC, Pintaluba, Vall Companys agus CCCMC gurb é an laghdú ar thomhaltas lísín an Aontais is cúis leis an díobháil i bpáirt.

(307) Deimhnítear i dTábla 2 gur tháinig laghdú 55 000-60 000 ona nó 11 % ar thomhaltas lísín le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mar sin féin, cé gur tháinig laghdú ar an tomhaltas, tháinig méadú 25 000 ona ar allmhairí Síneacha le linn na tréimhse céanna. Mar thoradh air sin, thit an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais, a bhí cothrom le 10.7 % ag tús na tréimhse faoi bhreathnú, go dtí faoi bhun 2 % sa tréimhse imscrúdúcháin.

(308) Bheadh laghdú thart ar 6 000 go
8 000 ona ar mhéideanna díolacháin thionscal an Aontais, i gcomhréir leis an laghdú ar thomhaltas, ach anois, mar gheall ar a mhalairt d'fhorbairt allmhairí ón tSín, b'ionann é agus 44 500-48 000 ona. Ní féidir an laghdú ar thomhaltas ann féin a mheas mar laghdú suntasach.

(309) Mhaígh CESFAC, Pintaluba, Vall Companys agus CCCMC freisin gur aistrigh táirgeoir an Aontais méid suntasach acmhainneachta táirgeachta ó lísín go 'aimíonaigéid speisialtachta' mar a thugtar orthu mar gheall ar luaineacht an mhargaidh lísín agus gur thiontaigh tionscal an Aontais 40 000 ona den acmhainneacht shuiteáilte lísín go 'táirgí speisialtachta', amhail vailín, argainín agus tripteafan, agus ar an gcaoi sin gur tharraing sé siar go comhfhiosach ó mhargadh lísín an Aontais.

(310) Mar a fheictear i dTábla 5, thug an Coimisiún dá aire, ar an gcéad dul síos, gur fhan acmhainneacht táirgeachta lísín tháirgeoir an Aontais cobhsaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Déantar na táirgí speisialtachta a mhonarú ag saoráidí cúnta nach mbaineann leis an táirgeadh lísín. Mhéadaigh tionscal an Aontais táirgeadh aimíonaigéad speisialtachta le linn na tréimhse faoi bhreathnú chun maolú a dhéanamh ar na caillteanais shubstaintiúla a thabhaigh sé ar tháirgeadh agus ar dhíolacháin lísín. Mar sin féin, tá cumas táirgthe na n-aimíonaigéad speisialtachta sin ar leithligh ó phróiseas táirgthe lísín agus níor cheart a mheas go bhfuil siad inmhalartaithe. Mar a luaitear in aithris (258), is é príomhghníomhaíocht eacnamaíoch an ghearánaigh lísín a tháirgeadh. Tá cumas táirgthe na n-aimíonaigéad speisialtachta teoranta i gcomparáid le cumas táirgthe lísín. Dá bhrí sin, is dócha go gcuirfí deireadh le táirgeadh aimíonaigéad speisialtachta eile dá gcuirfí deireadh leis an táirgeadh lísín. Mheas an Coimisiún, dá bhrí sin, nach gcuireann an méadú ar tháirgeadh aimíonaigéad speisialtachta leis an díobháil.

(311) Mhaígh CESFAC, Pintaluba, Vall Companys agus CCCMC gur thosaigh tearcfheidhmíocht eacnamaíoch agus airgeadais thionscal an Aontais roimh an tréimhse faoi bhreathnú agus gurbh é an toradh a bhí uirthi cinneadh thionscal an Aontais, go luath in 2024, iarratas a dhéanamh ar imeachtaí dócmhainneachta os comhair chúirteanna na Fraince. Mhaígh siad gur toradh iad na deacrachtaí airgeadais a bhí ann cheana ar a gcinntí agus a straitéisí gnó agus airgeadais féin, ar bhealaí nach mbaineann le haon bhrú iomaíoch ó allmhairí lísín na Síne.

(312) Mar fhreagra ar an maíomh sin, thug an Coimisiún dá aire ar dtús nár tugadh bunús leis an maíomh toisc nár shonraigh sé na drochchinntí airgeadais nó gnó a dhéanfadh tionscal an Aontais san am a chuaigh thart a d'fhéadfadh a dheacrachtaí a mhíniú. Ar an dara dul síos, thug an Coimisiún dá aire nach gceanglaítear ar mhonaróirí stair bhrabúsachta a bheith acu le déanaí chun faoiseamh a lorg trí bhearta cosanta trádála. Ar an tríú dul síos, go deimhin, ag tús na tréimhse faoi bhreathnú, bhí tionscal an Aontais ag cailleadh airgid, mar a léirítear i dTábla 11. Gan teacht ar aon chonclúidí maidir le ról na n-allmhairí Síneacha i staid thionscal an Aontais sa bhliain sin, thug an Coimisiún dá aire, áfach, go raibh láithreacht an-suntasach ag allmhairí na Síne cheana féin in 2020, arb ionann iad agus sciar den mhargadh de níos mó ná 50 %. Níos tábhachtaí fós, thug sé dá aire gur tháinig méadú suntasach breise ar allmhairí Síneacha i margadh an Aontais ó shin i leith ach gur tháinig méadú mór ar an leathadh idir praghsanna díolacháin thionscal an Aontais agus praghsanna allmhairiúcháin na Síne, ó EUR [125-325]/tona in 2020 go EUR [1 097-1 397]/tona le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(313) Ar an mbonn sin, is léir nach féidir staid thionscal an Aontais mar a d'fhorbair sé le linn na tréimhse faoi bhreathnú a chur i leith míbhainistíochta. Diúltaíodh don mhaíomh sin.

5.3. **Conclúid maidir le cúisíocht**

(314) Léirítear san anailís thuas, cé go raibh margadh an Aontais ag crapadh, gur tháinig méadú mór ar mhéid na n-allmhairí de thionscnamh na Síne le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Chuir praghsanna ísle na n-allmhairí dumpáilte ón tSín cosc ar thionscal an Aontais a phraghsanna a mhéadú go leibhéil inbhuanaithe, rud a d'fhág go raibh caillteanas leanúnach agus méadaitheach ann. Thairis sin, chaill tionscal an Aontais sciar suntasach den mhargadh d'allmhairí na Síne agus mar gheall ar an gcaillteanas tromchúiseach díolachán b'éigean dó stop sealadach a chur leis an táirgeadh in 2023. Shuigh an Coimisiún dá réir sin nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte ón tSín agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

(315) Rinne an Coimisiún idirdhealú agus deighilt idir éifeachtaí na dtosca aitheanta uile ar staid thionscal an Aontais agus éifeachtaí díobhálacha na n-allmhairí dumpáilte. Ní raibh tionchar suntasach ag na tosca sin ar fhorbairtí diúltacha thionscal an Aontais, áfach.

(316) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim seo go raibh na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann ina gcúis le díobháil ábhartha do thionscal an Aontais agus nár maolaíodh an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha de thoradh na dtosca eile, arna meas ar bhonn aonair nó go comhpháirteach. Tá an díobháil ar an iomlán agus is éard atá ann, inter alia, caillteanas táirgeachta, díolachán, sciar den mhargadh, brabúsacht agus fostaíocht.

6. **LEIBHÉAL NA mBEART**

(317) Chun leibhéal na mbeart a chinneadh, scrúdaigh an Coimisiún ar leor dleacht is lú ná an corrlach dumpála chun deireadh a chur leis an díobháil do thionscal an Aontais de dheasca allmhairí dumpáilte.

6.1. **Corrlach díobhála**

(318) Thiocfadh deireadh leis an díobháil dá bhféadfadh tionscal an Aontais spriocbhrabús a bhaint amach trí dhíol ar spriocphraghas de réir bhrí Airteagal 7(2c) agus Airteagal 7(2d) den bhun-Rialachán.

(319) I gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán, chun an spriocbhrabús a shocrú, chuir an Coimisiún na tosca seo a leanas san áireamh: leibhéal na brabúsachta roimh an méadú ar allmhairí ón tír lena mbaineann, leibhéal na brabúsachta is gá chun costais agus infheistíochtaí iomlána a chumhdach, taighde agus forbairt (T&F) agus nuálaíocht, agus leibhéal na brabúsachta a mbeadh coinne leis faoi ghnáthdhálaí iomaíochta. Níor cheart an corrlach brabúis sin a bheith níos ísle ná 6 %.

(320) I dtús báire, bhunaigh an Coimisiún bunbhrabús a chumhdaigh na costais iomlána sna gnáthdhálaí iomaíochta. Ós rud é gur bhain caillteanais do thionscal an Aontais le linn na tréimhse ar fad faoi bhreathnú agus nárbh fhéidir sonraí thionscal an Aontais a úsáid, shuigh an Coimisiún corrlach brabúis réasúnta ag 6 %.

(321) Sholáthair Tionscal an Aontais fianaise lena léiriú go mbeadh a leibhéal infheistíochtaí, taighde agus forbartha (T&F) agus nuálaíochta ní b'airde faoi ghnáthchoinníollacha iomaíochta le linn na tréimhse faoi bhreathnú. D'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis sin bunaithe ar phleananna infheistíochta agus ar thionscadail a cuireadh siar. Go deimhin, fuarthas amach go raibh údar le maímh thionscal an Aontais. Chun é sin a léiriú sa spriocbhrabús, ríomh an Coimisiún an difríocht idir na costais a bhaineann le hinfheistíochtaí, taighde agus forbartha agus nuálaíochta ('ITFN') faoi ghnáthdhálaí iomaíochta arna soláthar ag tionscal an Aontais agus arna bhfíorú ag an gCoimisiún ar thaobh amháin, agus costais ITFN iarbhír le linn na tréimhse faoi bhreathnú ar an taobh eile. Is 4,69 % a bhí sa difríocht sin, arna sloinneadh mar chéatadán den láimhdeachais.

(322) Cuireadh céatadán den sórt sin de 4.69 % leis an mbunbhrabús de 6 % a luaitear in aithris (319), rud a d'fhág go raibh spriocbhrabús 10.69 % ann.

(323) Níor tháirg an táirgeoir de chuid an Aontais cainníochtaí suntasacha den táirge lena mbaineann le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, níor measadh go raibh a chostais táirgthe iomchuí chun an spriocphraghas a shuí. Rinneadh difear do na costais sin mar gheall ar mhéadú suntasach ar chostais sheasta in aghaidh an aonaid arbh é ba chúis leis caillteanais mhéid na ndíolachán (ar na margaí intíre agus onnmhairiúcháin araon) agus d'fhág sé sin freisin go raibh caillteanais ann maidir le méid na táirgeachta. Chuir táirgeoir an Aontais deireadh freisin le táirgeadh lísín ar feadh 4 mhí le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go raibh méid na táirgeachta in 2022 (arna choigeartú go hinnéacs boilscithe mhí na Nollag 2023 don Fhrainc) iomchuí don imscrúdú sin.

(324) Ar an mbonn sin, tá an meánphraghas neamhdhíobhálach ualaithe laistigh den raon EUR 2 800 go EUR 3 300 in aghaidh an ona, rud atá mar thoradh ar an gcorrlach brabúis 10,69 % thuasluaite a chur i bhfeidhm ar chostas táirgthe tháirgeoir aonair an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(325) I gcomhréir le hAirteagal 7(2d) den bhun-Rialachán, mar chéim chríochnaitheach, rinne an Coimisiún measúnú ar na costais amach anseo a eascróidh as Comhaontuithe Iltaobhacha Comhshaoil, agus prótacail fúthu, ar páirtí iontu an tAontas, agus Coinbhinsiúin EIS a liostaítear in Iarscríbhinn Ia, costais a thabhóidh tionscal an Aontais le linn thréimhse chur i bhfeidhm an bhirt de bhun Airteagal 11(2). Bunaithe ar an bhfianaise a bhí ar fáil, shuigh an Coimisiún costas breise [240-270] EUR/tona. Cuireadh an costas sin leis an bpraghas neamhdhíobhálach a luaitear in aithris (324).

(326) Ar an mbonn sin, ríomh an Coimisiún praghas neamhdhíobhálach [3 040-3 570] EUR/tona le haghaidh an táirge chomhchosúil de chuid thionscal an Aontais tríd an gcorrlach brabúis thuasluaite (féach aithris (324)) a chur le costas táirgthe thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus ansin na coigeartuithe faoi Airteagal 7(2d) a chur leis ar bhonn cineál ar chineál.

(327) Ansin chinn an Coimisiún leibhéal an chorrlaigh díobhála ar bhonn comparáid idir an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe atá ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte sa tír lena mbaineann, mar a suíodh i leith ríomhanna sladghearrtha praghais, agus meánphraghas ualaithe neamhdhíobhálach an táirge chomhchosúil arna dhíol ag tionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léiríodh aon difríocht a d'eascair ón gcomparáid sin mar chéatadán den mheánluach ualaithe CAL ar allmhairiú.

(328) Sainítear an leibhéal díothaithe díobhála le haghaidh 'cuideachtaí comhoibríocha eile' agus le haghaidh 'gach allmhaire eile de thionscnamh na Síne' ar aon dóigh céanna leis an gcorrlach dumpála le haghaidh na gcuideachtaí agus na n-allmhairí sin (féach Roinn 3.3. thuas).

6.2. **Ríomh**

Cuideachta	Corrlach dumpála (%)	Corrlach díobhála (%)
Meihua Group: — Jilin Meihua Amino Acid Co., Ltd — Xinjiang Meihua Amino Acid Co., Ltd — Meihua Holdings Group., Ltd — Meihua International Trading (Hong Kong) Limited	84,8	158,9
Eppen Group — Heilongjiang Eppen Biotech Co., Ltd — Eppen Asia Pte. Ltd.	58,3	155,9
Cuideachtaí comhoibríocha eile	71,6	157,5
Na hallmhairí uile eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne	84,8	158,9

7. **LEAS AN AONTAIS**

(329) Tar éis dó a chinneadh Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm, scrúdaigh an Coimisiún an bhféadfadh sé a chinneadh go soiléir nach raibh sé chun leas an Aontais bearta a ghlacadh sa chás seo, d'ainneoin an chinnidh maidir le dumpáil dhíobhálach, i gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán.

(330) Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla uile lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, na n-allmhaireoirí agus na n-úsáideoirí.

7.1. **Leas thionscal an Aontais**

(331) Rinne an t-aon táirgeoir lisín san Aontas an gearán a thaisceadh agus chomhoibrigh sé go hiomlán san imscrúdú agus léirigh sé spéis i bhforchur na mbeart.

(332) Léirigh an t-imscrúdú go bhfuil díobháil ábhartha á déanamh do thionscal an Aontais ar díobháil í arb é is cúis léi na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann. D'fheidhmigh na hallmhairí sin ísliú suntasach praghsanna, rud a chuir iallach ar thionscal an Aontais díol faoi bhun na gcostas. Mar thoradh air sin, bhí caillteanais shuntasacha á ndéanamh ag tionscal an Aontais. Le hallmhairí na Síne rinneadh sladghearradh mór fós ar phraghsanna thionscal an Aontais, agus ba é an méadú ar mhéid na n-allmhairí sin ba chúis le caillteanas suntasach ar mhéideanna díolacháin thionscal an Aontais agus ar an sciar den mhargadh.

(333) Dá bhforchuirfí bearta, is dócha go gcuirfí cosc ar bhorradh breise ar allmhairí ón tSín ar phraghsanna an-íseal agus go gcuirfí ar chumas an tionscail tús a chur lena phróiseas téarnaimh. Gan bearta, leanfaidh táirgeoirí na Síne den táirge lena mbaineann a dhumpáil ar mhargadh an Aontais agus ní thógfaidh sé i bhfad sula mbeidh tionscal an Aontais in ann scor d'oibríochtaí.

(334) Ós rud é nach bhfuil tionscal an Aontais in ann ach thart ar 20 % de thomhaltas an Aontais a sholáthar, tar éis bearta sealadacha frithdhumpála a fhorchur, meastar go leanfar d'allmhairí na Síne chuig an Aontas, ach tiocfaidh méadú ar mhéideanna díolachán agus ar phraghsanna thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais, rud a chuirfidh feabhas ar bhrabúsacht agus ar tháscairí airgeadais eile an tionscail sin agus a chuirfidh cosc ar dhúnadh.

(335) Thángthas ar an gconclúid, dá bhrí sin, go mbeadh sé chun leas thionscal an Aontais bearta a fhorchur i gcoinne na Síne.

7.2. **Allmhaireoirí neamhchomhlachaithe a shampláil**

(336) Chomhoibrigh trí allmhaireoir leis an imscrúdú trí fhreagra a thabhairt ar an gceistneoir. Le chéile, b'ionann iad agus 26 % d'allmhairí lísín ón tSín.

(337) Chuir Andres Pintaluba S.A in iúl go raibh imní air go gcruthófaí riosca tromchúiseach maidir le ganntanais soláthair i margadh an Aontais dá nglacfaí bearta frithdhumpála ar allmhairí lísín ón tSín agus chuir sé fianaise i láthair maidir le ganntanais soláthair fhadtréimhseacha agus leanúnacha lísín leachta a bhí ann sular tháinig soláthróirí lísín na Síne isteach sa mhargadh.

(338) Shoiléirigh an Coimisiún nach é is cuspóir leis na ndleachtanna frithdhumpála margadh an Aontais le haghaidh allmhairí ón tír lena mbaineann a dhúnadh, ach dul i ngleic le cleachtais éagóracha margaidh agus cothrom iomaíochta a athbhunú, rud a fhágfaidh go mbeidh gnáthfheidhmiú an mhargaidh indéanta go beacht. Ní dócha go mbeidh an táirgeoir de chuid an Aontais agus na táirgeoirí onnmhairiúcháin tríú tír nach táirgeoirí Síneacha iad in ann soláthar iomlán a dhéanamh do mhargadh an Aontais. Agus ceannasacht ag táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne, agus le staid dhomhanda táirgeoirí tríú tír eile ag laghdú, leis na bearta frithdhumpála méadófar táirgeacht thionscal an Aontais agus athbhunófar cothrom iomaíochta, gan bac a chur ar allmhairí Síneacha. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do na hargóintí thuas toisc iad a bheith gan bhunús.

(339) Mhaígh Barentz, CESFAC, Pintaluba agus Vall Companys freisin go mbeadh forchur dleachtanna frithdhumpála contrártha freisin do leas an Aontais ar fhorais chomhshaoil, ós rud é go gcruthódh an méadú ar phraghas lísín dreasacht do réamh-mheascáin agus do chumaisc bheatha an meascán d'ábhair bheatha agus de bhreiseáin a choigeartú chun cion na roghanna malartacha atá níos saoire agus ar mhórán próitéine a mhéadú, amhail pónaire shoighe agus breiseáin bheathaithe garbhphróitéine.

(340) Diúltaíodh don mhaíomh toisc gur thug an Coimisiún dá aire go gcinntear ráta cuimsithe na bpónaire soighe agus na mbreiseán beathaithe garbhphróitéine in aistí bia beatha go príomha de réir phraghas na n-amhábhar sin, agus go bhfuil na príomhfhachtóirí athrúcháin praghsanna (méid na buainte, luaineacht EUR go USD, ráta lasta) neamhspleách ar an bpraghas lísín.

7.3. **Leas na n-úsáideoirí**

(341) Tháinig úsáideoir amháin san imscrúdú chun cinn agus thug siad freagra ar an gceistneoir. Tá an chuideachta sin, Vall Companys Group, gníomhach sa mhargadh beatha ainmhithe, ceann de na trí phríomh-mhargadh do lisín. B'ionann é agus níos lú ná 5 % den lísín a allmhairíodh ón tSín le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Tugadh éisteacht leis an gCoimisiún do Vall Companys Group agus rinneadh fíorú ar an láthair ar a fhreagra ar an gceistneoir.

(342) Mhaígh Vall Companys Group gurb é a bheadh mar thoradh ar bhearta frithdhumpála a fhorchur (i) méadú suntasach ar an gcostas a bhaineann le beatha ainmhithe agus táirgí iartheachtacha eile san Aontas, (ii) riosca tromchúiseach a chruthú go mbeadh ganntanas soláthair lísín ann, (iii) iomaíocht i margadh an Aontais a lagú go mór, dálaí a chruthú d'iompar frithiomaíoch, agus (iv) an bonn a bhaint de bheartas comhshaoil an Aontais.

(343) Maidir leis an gcéad phointe, d'áitigh Vall Companys gurb ionann lísín agus thart ar [0 %-10 %] de na costais chun beatha ainmhithe a tháirgeadh. Mhínigh an t-úsáideoir freisin gurb ionann costas beatha ainmhithe agus thart ar 65 % de na costais chun táirgí muiceola agus éineola a tháirgeadh, agus é á ríomh gurb ionann lísín agus thart ar [0 %-5 %] den chostas chun táirgí muiceola agus éineola a tháirgeadh. Mhaígh an t-úsáideoir go bhfuil an sciar de na costais táirgthe suntasach agus cineál thionscal na feola á chur san áireamh agus go ndíoltar táirgí muiceola agus éineola ar mhargaí trách tearraí a bhfuil corrlaigh ísle acu. Dá bhrí sin, beidh tionchar díréireach ag aon mhéadú ar chostais lísín ar bhrabús táirgeoirí feola agus/nó beidh tionchar diúltach aige sin ar thomhaltóirí i bhfoirm praghsanna níos airde ar tháirgí feola.

(344) D'aithin an Coimisiún go mbeadh tionchar ag na bearta frithdhumpála ar phraghas lísín. Mar sin féin, mar a chuir Eurolysine isteach ([132]), maidir le húsáid chun beatha ainmhithe a tháirgeadh, roghnaítear comhpháirteanna cothaithe i mbeatha ainmhithe ag brath ar a rannchuidiú cothaitheach le beatha agus ar a bpraghas. Ós rud é go n-úsáideann an tionscal samhlacha matamaiticiúla 'prionsabal an fhoirmlithe ar an gcostas is lú', athraíonn comhdhéanamh na beatha i gcomhréir le hinfhaighteacht agus praghas. Tá tionchar thart ar 15 % ag athrú ar phraghsanna amhábhar beatha ainmhithe le himeacht ama ar phraghsanna foirmlí beatha, agus is é 2 % an tionchar atá ag praghas lísín. Ar an mbonn sin, mheas an Coimisiún go mbeadh tionchar na mbeart frithdhumpála ar tháirgeoirí beatha ainmhithe teoranta.

(345) Maidir leis an dara pointe, tugtar aghaidh air sin cheana in aithris (338) thuas. Thug an Coimisiún dá aire freisin, maidir leis an riosca a bhaineann le hiompar frithiomaíoch ar mhargadh an Aontais, gur ráthaíocht seachas bagairt do mhargadh iomaíoch é tionscal an Aontais a bheith ann i gcónaí, chomh maith le soláthar ón tír lena mbaineann agus ó fhoinsí eile. Maidir leis an maíomh go mbainfeadh bearta an bonn de bheartas comhshaoil an Aontais, tugtar aghaidh air sin in aithris (340) thuas.

(346) Chuir Vall Companys Group i gcoinne bearta frithdhumpála a fhorchur freisin toisc go raibh imní air go bhféadfadh iarmhairtí a bheith aige sin ar rochtain ar mhargadh na Síne chun gearrthacha muiceola a tháirgtear sa Spáinn a onnmhairiú, rud a mheas sé a bheith ina ghníomhaíocht eacnamaíoch thábhachtach. Níorbh fhéidir leis, áfach, bunús a thabhairt leis an maíomh ar diúltaíodh dó, dá bhrí sin.

(347) In éagmais tuilleadh faisnéise ó úsáideoirí, i bhfianaise a bhfuil thuas, thángthas ar an gconclúid shealadach nach dócha go ndéanfaidh forchur aon bheart frithdhumpála difear tromchúiseach do staid na n-úsáideoirí.

7.4. **An chonclúid maidir le leas an Aontais**

(348) Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nárbh ann d'aon chúis láidir nach mbeadh sé le leas an Aontais bearta a fhorchur ar allmhairí lísín de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, le linn na céime sin den imscrúdú.

8. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA SEALADACHA**

(349) Ar bhonn na gconclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu maidir le dumpáil, díobháil, cúisíocht, leibhéal na mbeart agus leas an Aontais, ba cheart bearta sealadacha a fhorchur chun cosc a chur le tuilleadh díobhála do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte.

(350) Ba cheart bearta frithdhumpála sealadacha a fhorchur ar allmhairí lísín de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, i gcomhréir le riail na dleachta is lú in Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán. Chuir an Coimisiún na corrlaigh dhíobhála agus na corrlaigh dhumpála i gcomparáid le chéile (roinn 6.2 thuas). Is ar leibhéal an chorrlaigh dumpála nó an chorrlaigh díobhála, cibé acu luach ab ísle, a socraíodh méid na ndleachtanna.

(351) I bhfianaise a bhfuil thuas ba cheart na dleachtrátaí frithdhumpála sealadacha, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh an dleacht chustaim a íoc, a bheith mar a leanas:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach (%)
Meihua Group: — Jilin Meihua Amino Acid Co., Ltd — Xinjiang Meihua Amino Acid Co., Ltd — Meihua Holdings Group., Ltd — Meihua International Trading (Hong Kong) Limited	84,8
Eppen Group: — Heilongjiang Eppen Biotech Co., Ltd — Eppen Asia Pte. Ltd.-	58,3

([132]) Uimhir sábhála Tron: t24.010168.

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach (%)
Cuideachtaí comhoibríocha eile a liostaítear san Iarscríbhinn	71,6
Na hallmhairí uile eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne	84,8

(352) Na dleachtrátaí frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, bunaíodh iad ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, is léiriú iad ar an staid mar a suíodh le linn an imscrúdaithe seo maidir leis na cuideachtaí sin. Tá na dleachtrátaí sin infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann de thionscnamh na tíre lena mbaineann agus arna tháirgeadh ag na heintitis dhlíthiúla ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis atá comhlachaithe leo siúd a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an dleachtráta is infheidhme maidir leis 'na hallmhairí uile eile de thionscnamh na Síne'. Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na dleachtrátaí frithdhumpála aonair.

(353) Chun na rioscaí maidir le himchéimniú a íoslaghdú de bharr na difríochta i ndleachtrátaí, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna frithdhumpála aonair a áirithiú. Níl cur i bhfeidhm dleachtanna frithdhumpála aonair infheidhme ach amháin nuair a chuirtear sonrasc tráchtála bailí faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo. Go dtí go gcuirfear an sonrasc sin i láthair, ba cheart allmhairí a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir leis 'na hallmhairí uile eile de thionscnamh na Síne'.

(354) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na dleachtrátaí frithdhumpála aonair a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc d'údaráis chustaim na mBallstát a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo, ní mór dóibh a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(355) Má thagann méadú suntasach ar an méid onnmhairí a dhéanann ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na dleachtrátaí aonair is ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gurb éard atá i méadú den sórt sin ann féin athrú ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur na mbeart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. Féadfar scrúdú a dhéanamh san imscrúdú sin, inter alia, ar an ngá atá le deireadh a chur le dleachtrátaí aonair agus ar an ngá le dleacht ar an leibhéal náisiúnta a fhorchur dá bharr sin.

9. **CLÁRÚ**

(356) Mar a luaitear in aithris (3), chuir an Coimisiún allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir a gcláraithe. Rinneadh an clárú chun go mbeadh an fhéidearthacht ann dleachtanna a bhailiú go cúlghabhálach faoi Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán.

(357) I bhfianaise na dtorthaí ag an gcéim shealadach, ba cheart scor de chlárú na n-allmhairí.

(358) Ní dhearnadh aon chinneadh ag an gcéim seo de na himeachtaí maidir le cur i bhfeidhm cúlghabhálach féideartha i ndáil le bearta frithdhumpála.

10. **FÁISNÉIS AG AN gCÉIM SHEALADACH**

(359) I gcomhréir le hAirteagal 19a den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas faoi fhorchur beartaithe na ndleachtanna sealadacha. Cuireadh an fhaisnéis sin ar fáil don phobal i gcoitinne freisin trí shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála. Tugadh 3 lá oibre do na páirtithe leasmhara chun barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas na ríomhanna a nochtadh go sonrach dóibh.

(360) Fuarthas barúlacha ó Eppen agus Meihua. Níor bhain na barúlacha a fuarthas, áfach, le cruinneas na ríomhanna, ach le modheolaíochtaí a d'úsáid an Coimisiún chun a gcorrlaigh dhumpála faoi seach a chinneadh. Dá bhrí sin, breithneofar na barúlacha sin, in éineacht le gach aighneacht eile, tar éis fhoilsiú na mbeart sealadach.

11. **FORÁIL CHRÍOCHNAITHEACH**

(361) Ar mhaithe leis an dea-riarachán, iarrfaidh an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara barúlacha a chur isteach i scríbhinn agus/nó éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála laistigh de sprioc-am seasta.

(362) Is torthaí sealadacha iad na torthaí maidir le forchur na ndleachtanna sealadacha, agus féadfar iad a leasú ag céim chinntitheach an imscrúdaithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí lísín agus a eistir, a salainn agus breiseáin bheathaithe, arb é atá iontu bunús meáchain thirim cion 68 % nó níos mó, ach nach mó ná 80 %, de shulfáit L-lísín, agus nach mó ná cion 32 % de chomhpháirteanna eile amhail carbaihiodráití agus aimíonaigéid eile, atá faoi láthair faoi chóid AC ex 2309 90 31, ex 2309 90 96, agus 2922 41 00 (cóid TARIC: 2309 90 31 41, 2309 90 31 49, 2309 90 96 41, 2309 90 96 49) agus de thionscnamh na Síne iad.

2. Is mar a leanas a bheidh an dleachtráta frithdhumpála sealadach is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach (%)	Cód breise TARIC
Meihua Group: — Jilin Meihua Amino Acid Co., Ltd — Xinjiang Meihua Amino Acid Co., Ltd — Meihua Holdings Group., Ltd — Meihua International Trading (Hong Kong) Limited	84,8	89IE
Eppen Group: — Heilongjiang Eppen Biotech Co., Ltd — Eppen Asia Pte. Ltd.	58,3	89IF
Cuideachtaí comhoibríocha eile a liostaítear san Iarscríbhinn	71,6	
Na hallmhairí uile eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne	84,8	8999

3. Beidh cur i bhfeidhm na ndleachtrátaí aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: *'Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo thíos, a dheimhniú maidir le (méid i dtonaí) de lísín a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh é i nDaon-Phoblacht na Síne. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo.'* Go dtí go gcuirfear an sonrasc sin i láthair, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir leis na hallmhairí uile eile de thionscnamh na Síne.

4. An táirge dá dtagraítear i mír 1, beidh a scaoileadh chun saorchúrsaíochta san Aontas faoi réir taisce ráthaíochta a sholáthar a bheidh comhionann le méid na dleachta sealadaí.

5. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

1. Cuirfidh páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha i scríbhinn maidir leis an Rialachán seo faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 15 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Maidir leis na páirtithe leasmhara ar mian leo éisteacht leis an gCoimisiún a iarraidh, déanfaidh siad amhlaidh laistigh de 5 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. Más mian le páirtithe leasmhara éisteacht a iarraidh leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála, iarrtar orthu déanamh amhlaidh laistigh de 5 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Féadfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú a dhéanamh ar iarrataí a chuirtear isteach lasmuigh den teorainn ama sin agus cinneadh a dhéanamh ar cheart glacadh leis na hiarrataí sin más iomchuí.

Airteagal 3

1. Ordaítear leis seo do na húdaráis chustaim scor de chlárú na n-allmhairí mar a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2732 ón gCoimisiún an 24 Deireadh Fómhair 2024.

2. Maidir le sonraí arna mbailiú i ndáil le táirgí a tháinig isteach san Aontas Eorpach lena dtomhailt tráth nach faide ná 90 lá roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfar iad a choimeád go dtí go dtiocfaidh aon bhearta cinntitheacha i bhfeidhm, sin nó go dtí go bhfoirceannfar na himeachtaí seo.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 1 ar feadh tréimhse 6 mhí.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13 Eanáir 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

TÁIRGEOIRÍ ONNMHAIRIÚCHÁIN COMHOIBRÍOCHA I nDAON-PHOBLACHT NA SÍNE NACH nDEARNADH SAMPLÁIL ORTHU

Ainm	Cód breise TARIC
Anhui BBCA Biochemical Co., Ltd.	
CJ (Liaocheng) Biotech Co., Ltd.	
Dongxiao Biotechnology Co., Ltd.	
Qiqihar Longjiang Fufeng Biotechnology Co., Ltd.	